Bord Oideachais & Oiliúna
LUIMNIGH & AN CHLÁIR

LIMERICK & CLARE
Education & Training Board

# PLEAN SEIRBHÍSE 2022

Rialtas na hÉireann
Government of Ireland

Có-mhaoinithe ag an Aontas Eorpach
Co-funded by the European Union

# Clár na nÁbhar


1. **Réamhrá ón bPríomhfheidhmeannach** ... 3
2. **Próifíl/Cúlra** ... 5

**Léarscáil Gheografach de sholáthar Bhord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir** ... 9

3. **Ráiteas Straitéise 2022 – 2026** ... 13

**Forálacha Cur i bhFeidhm agus Monatóireachta** ... 16

4. **Ráiteas Seirbhísí 2022** ... 18
5. **Forléargas ar Sheirbhísí, 2022** ... 81
6. **Fáltais agus Caiteachas Réamh-Mheasta 2022** ... 87
7. **Aguisín: Soláthar agus Seirbhísí** ... 96

**Gluais Giorrúchán** ... 99

# 1. Réamhrá ón bPríomhfheidhmeannach



Is é Bord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir an t-údarás oideachais agus oiliúna stáit do réigiún Luimnigh agus an Chláir. Ullmhaíodh Plean Seirbhíse Bhord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir do 2022 i gcomhréir leis na ceanglais reachtúla arna leagan amach in Alt 47 den Acht um Boird Oideachais agus Oiliúna, 2013. Sonraítear in alt 47(1):

> *Déanfaidh príomhfheidhmeannach boird oideachais agus oiliúna, ar bhonn na teorann sealadaí le caiteachas arna cur in iúl le fógra don bhord faoi alt 46(1)(a), laistigh d'aon mhí amháin tar éis an fógra sin a fháil, plean a ullmhú agus a chur faoi bhráid an bhoird ina leagfar amach:*
>
> *a) Na seirbhísí a bheartaíonn an bord a sholáthar, agus*
>
> *b) Meastachán ar ioncam agus ar chaiteachas an bhoird*

Tugtar aitheantas dár Ráiteas Straitéise, 2022-2026, a glacadh le gairid, sa Phlean Seirbhíse seo, atá ina threochlár d'fhorbairt ár n-eagraíochta agus ár seirbhísí chun freastal ar riachtanais oideachais agus oiliúna ár mac léinn/foghlaimeoirí, na sochaí agus an gheilleagair. Tá an straitéis seo, a foilsíodh le déanaí, ar an bhfód le linn athruithe móra sa saol, go háirithe le linn na paindéime domhanda atá ar siúl faoi láthair. Léiriú atá sa Phlean Seirbhíse atá againn do 2022 ar an straitéis fhorásach nuálach seo, a chuirfidh ar ár gcumas eispéiris teagaisc agus foghlama ar an gcaighdeán is airde a chinntiú inár scoileanna, campais agus cláir Bhreisoideachais agus Oiliúna trí chéile.

Leagtar amach sa Phlean Seirbhíse seo sonraí faoi na gníomhaíochtaí, an caiteachas agus an t-ioncam don údarás in 2022, agus le linn a fhorbartha, cuireadh san áireamh an cistiú atá á chur ar fáil don Bhord Oideachais agus Oiliúna in 2022. Táthar ag féachaint sa phlean le cothromaíocht a bhaint amach sna gnéithe uile d'obair an údaráis, lena n-áirítear Scoileanna, Tacaíocht agus Forbairt Eagraíochta, agus Breisoideachas agus Oiliúint. Cuirfear na bearta pleanáilte i bhfeidhm de réir na dteorainneacha cistithe atá curtha in iúl don údarás ag an Roinn Oideachais agus Scileanna agus an Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta.

Agus an plean seo á ullmhú ag an údarás, in ainneoin na ndúshlán mór a bhaineann le paindéim COVID-19, táthar tar éis a chinntiú go dtéann Plean Seirbhíse 2022 i ngleic le ceanglais an Chomhaontaithe Soláthair Feidhmíochta idir an Roinn Oideachais, an Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta agus Bord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir. Sonraítear sa Chomhaontú Soláthair Feidhmíochta sin an creat bainistíochta agus cuntasachta idir an Roinn Oideachais agus an Bord Oideachais agus Oiliúna. Mar chuid de sin, tacaíonn an Comhaontú le spriocanna agus cuspóirí ardleibhéil ar leith de chuid na Roinne agus an Bhoird Oideachais agus Oiliúna, agus leagtar amach ann roinnt mhaith aidhmeanna don údarás de réir a Ráitis Straitéise 2022 – 2026 agus a phlean oibre don bhliain 2022.

Na spriocanna agus tosaíochtaí atá leagtha amach i Ráiteas Straitéise 2022/2026 an Bhoird Oideachais agus Oiliúna, tá siad curtha in oiriúint do na spriocanna agus tosaíochtaí atá sonraithe sa Chomhaontú Soláthair Feidhmíochta idir an Roinn Oideachais agus an BOO agus sa Chomhaontú Feidhmíochta Straitéisí le SOLAS thar ceann na Roinne Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta. Tá aird dírithe ar bhearta ar leith in 2022, chomh maith le táscairí feidhmíochta agus spriocanna atá le baint amach i mbliana. Déanfar monatóireacht agus anailís ar na torthaí sin trí phleananna gníomhaíochta struchtúraithe, agus tuairisceofar go rialta ar dhul chun cinn ar bhonn na bpleananna sin. Má tá na torthaí atá leagtha amach i bPlean Seirbhíse 2022 le baint amach, beidh tiomantas agus comhoibriú ag teastáil ó pháirtithe leasmhara uile an údaráis, lena n-áirítear foireann an Bhoird Oideachais agus Oiliúna, scoláirí agus foghlaimeoirí, bainisteoirí, riarthóirí, boird bhainistíochta agus príomhpháirtithe uile an BOO. Agus iad ag iarraidh na spriocanna sonraithe a bhaint amach, geallann Bord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir go gcloífidh siad leis na caighdeáin is airde rialachais chorparáide atá leagtha amach sa Chód Cleachtais maidir le Boird Oideachais agus Oiliúna a rialú (Imlitir 0002/2019).

Mar gheall ar na dúshláin a bhaineann leis an bpaindéim atá ann faoi láthair, beidh sé mar phríomhthosaíocht inniúlacht dhigiteach ball foirne, mac léinn agus foghlaimeoirí a fhorbairt agus a mhéadú le go mbeidh Bord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir in ann curaclam a fhorbairt agus a chur i láthair a fhreastalóidh ar éilimh ár bpáirtithe leasmhara go léir agus a fhreagróidh don éagobhsaíocht shochaíoch agus gheilleagrach a d'fhéadfadh a bheith ann de réir mar a ráiníonn siad.

Ba mhian liom buíochas a ghabháil le comhaltaí uile Bhord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir, leis an bhfoireann ardbhainistíochta agus leis an bhfoireann ar fud na heagraíochta as a gcumas agus as an am atá tugtha suas acu go flaithiúil.

George O'Callaghan
Príomhfheidhmeannach
**Bord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir**

## 2. Próifíl/Cúlra

Is é Bord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir an t-údarás oideachais agus oiliúna stáit do réigiún Luimnigh agus an Chláir in Éirinn. Tá sé ar cheann de na 16 údarás oideachais réigiúnacha reachtúla a bunaíodh faoin Acht um Boird Oideachais agus Oiliúna 2013. Bunaíodh é nuair a cónascadh trí Choiste Gairmoideachais a chuireadh oideachas iar-bhunscoile, oideachas do dhaoine fásta agus oideachas pobail ar fáil i gCathair Luimnigh, i gContae Luimnigh agus i gContae an Chláir ó 1902 i leith. Bunaíodh an t-údarás ar an 1 Iúil 2013 agus ghlac sé seilbh in áit SOLAS ar dhá iarIonad Oiliúna sa Ráithín i Luimneach agus i Sionainn, Co. an Chláir ar an 1 Iúil 2014.

Is é an fheidhm atá ag BOO bunscoileanna agus iar-bhunscoileanna aitheanta, ionaid oideachais agus áiseanna oideachais nó oiliúna a bhunú agus a chothabháil ina limistéar feidhme. Éilítear ar BOO freisin pleanáil, soláthar, comhordú agus athbhreithniú a dhéanamh ar sholáthar oideachais agus oiliúna, lena n-áirítear oideachas agus oiliúint chun críche fostaíochta agus seirbhísí ina limistéar feidhme. Tacaíonn BOO freisin le soláthar, comhordú, riar agus measúnú seirbhísí oibre don óige ina limistéar feidhme.

Bíonn Bord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir páirteach go díreach i soláthar bunoideachais in dá Scoil Náisiúnta Phobail, chomh maith le soláthar ar shuíomh satailíte amháin mar threoirthionscadal thar ceann na Roinne Oideachais. Cuirtear oideachas Iar-Bhunscoile ar fáil in 18 suíomh. Cuirtear Breisoideachas agus Oiliúint ar fáil in 28 campas sa réigiúin trí chéile. Tá scoileanna agus campais BOO lonnaithe go straitéiseach lena chinntiú go mbíonn rochtain éasca ag gach ceantar tuaithe ar na deiseanna foghlama agus áiseanna bonneagair is airde caighdeán agus is féidir. Tá Bord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir ina chomhphátrún freisin ar roinnt Pobalscoileanna, lena n-áirítear Pobalscoil Eoin Baiste, Ospidéal, Pobalscoil Chill Rois, Pobalscoil Naomh Caimin, Sionainn, agus Scoil Chuimsitheach Naomh Pádraig, Sionainn.

Is iad ár mic léinn agus ár bhfoghlaimeoirí atá i gcroílár gach a ndéanaimid mar BOO, chomh maith le riachtanais athraitheacha fostóirí, comhpháirtíochtaí áitiúla agus ár bpáirtithe leasmhara go léir.

### Dualgais Reachtúla

Is iad feidhmeanna ginearálta Boird Oideachais agus Oiliúna, mar atá sonraithe faoin Acht um Boird Oideachais agus Oiliúna 2013, ná:

- a) scoileanna aitheanta, ionaid oideachais nó áiseanna oideachais agus oiliúna aitheanta a bhunú agus a chothabháil ina limistéar feidhme.
- b) nuair a ordóidh an tAire dóibh é sin a dhéanamh:
  - i. scoileanna aitheanta a bhunú agus a chothabháil ina limistéar feidhme,
    ii. ionaid oideachais a bhunú agus a chothabháil ina limistéar feidhme,
    iii. ionaid oideachais nó scoileanna aitheanta a chothabháil ina limistéar feidhme, agus
    iv. saoráidí oideachais nó oiliúna a bhunú, a chothabháil nó a acmhainniú ina limistéar feidhme

- c) oideachas agus oiliúint, lena n-áirítear oideachas agus oiliúint chun críocha fostaíochta, agus seirbhísí atá coimhdeach i ndáil leis an gcéanna a phleanáil, a sholáthar, a chomhordú, agus soláthar an chéanna a athbhreithniú ina limistéar feidhme:
    - i. i scoileanna aitheanta nó i lárionaid oideachais arna gcothabháil aige,
      ii. i saoráidí oideachais nó oiliúna arna gcothabháil nó arna n-acmhainniú aige,
      iii. i scoileanna coinneála leanaí,
      iv. i bpríosúin, agus
      v. i saoráidí arna gcothabháil ag comhlachtaí seirbhíse poiblí eile,
- d) socruithe a dhéanamh le soláthraithe oideachais nó oiliúna, agus seirbhísí tacaíochta a sholáthar dóibh,
- e) scoláireachtaí a bhunú,
- f) ráiteas straitéise a ghlacadh,
- g) plean seirbhíse bliantúil a ghlacadh,
- h) comhoibriú le haon chomhlacht a ainmneofar chun feidhmeanna iniúchóireachta inmheánaí a dhéanamh,
- i) oideachas agus oiliúint a sholáthar ar iarraidh ó aon chomhlacht, agus thar ceann aon chomhlachta, a dhéanann oiliúint a mhaoiniú as airgead arna sholáthar don chomhlacht sin ag an Oireachtas,
- j) tacú le soláthar, comhordú, riaradh agus measúnú seirbhísí oibre óige ina limistéar feidhme agus cibé faisnéis a sholáthar a iarrfaidh an tAire Leanaí agus Gnóthaí Óige i ndáil le tacaíocht den sórt sin, agus
- k) measúnú a dhéanamh i dtaobh an amhlaidh go bhfuil an modh ar a gcomhlíonann sé a chuid feidhmeanna barainneach, éifeachtúil agus éifeachtach.

### Comhdhéanamh an Bhoird

Faoi réir na reachtaíochta, is 21 comhalta a bheidh ar Bhord an údaráis:

- 12 chomhalta arna dtoghadh ag údaráis áitiúla,
- 2 bhall foirne de chuid Bhord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir,
- 2 chomhaltaí ar tuismitheoirí iad,
- 5 ionadaí sainspéise/pobail.



## Comhaltaí an Bhoird

| | | | |
|---|---|---|---|
| An Clr | Kieran | O'Hanlon | Údarás Áitiúil Chathair agus Chontae Luimnigh - **Cathaoirleach** |
| An Clr | Clare | Colleran Molloy | Údarás Áitiúil Chontae an Chláir |
| Uas. | Michael | Cregan | Comhalta ó Chomhlachtaí de réir Alt 30 (11) (b) den Acht um Boird Oideachais agus Oiliúna (2013) |
| An Clr. | Michael | Donegan | Údarás Áitiúil Chathair agus Chontae Luimnigh |
| Uas. | Elaina | Fitzgerald | Comhalta ó Chomhlachtaí de réir Alt 30 (11) (b) den Acht um Boird Oideachais agus Oiliúna (2013) |
| An Clr. | Liam | Galvin | Údarás Áitiúil Chathair agus Chontae Luimnigh |
| Uas. | Michael | Guilfoyle | Ionadaí Foirne |
| Uas. | Kate | Hehir | Ionadaí Foirne |
| Uas. | Sheila | Hickey | Ionadaí Tuismitheora |
| An Clr. | Gabriel | Keating | Údarás Áitiúil Chontae an Chláir |
| An Clr. | Sarah | Kiely | Údarás Áitiúil Chathair agus Chontae Luimnigh |
| An Clr. | Joe | Killeen | Údarás Áitiúil Chontae an Chláir |
| Uas. | Seán | McMahon | Comhalta ó Chomhlachtaí de réir Alt 30 (11) (b) den Acht um Boird Oideachais agus Oiliúna (2013) |
| An Clr. | Paul | Murphy | Údarás Áitiúil Chontae an Chláir |
| An Clr. | Ann | Norton | Údarás Áitiúil Chontae an Chláir |
| Uas. | Mark | O'Dea | Comhalta ó Chomhlachtaí de réir Alt 30 (11) (b) den Acht um Boird Oideachais agus Oiliúna (2013) |
| Uas. | Donal | Ó hAiniféin | Ionadaí Tuismitheora |
| Uas. | Marian | Petty | Comhalta ó Chomhlachtaí de réir Alt 30 (11) (b) den Acht um Boird Oideachais agus Oiliúna (2013) |
| An Clr. | Elena | Secas | Údarás Áitiúil Chathair agus Chontae Luimnigh |
| An Clr. | John | Sheahan | Údarás Áitiúil Chathair agus Chontae Luimnigh |
| An Clr. | Brigid | Teefy | Údarás Áitiúil Chathair agus Chontae Luimnigh |

## Freastal ar Chruinnithe

De réir Alt 3.8 den Chód Cleachtais do Rialachas Bord Oideachais agus Oiliúna, tá réimse eolais, scileanna, taithí agus saineolas ar leith ag Comhaltaí Boird ar féidir leo tarraingt air mar chuid de phlé an Bhoird agus a Choistí. Ní féidir é sin a dhéanamh ach má fhreastalaíonn Comhaltaí ar gach cruinniú agus má bhíonn siad páirteach mar is cuí. Dá bhrí sin, tá Bord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir ag súil le go mbeidh gach duine i láthair ar gach cruinniú den bhord. Foilsítear taifid tinrimh ar chruinnithe Boird sna cuntais bhliantúla agus cuirfear ar fáil iad do chomhlachtaí ainmniúcháin i gcás go molfar bord atá cheana ann a athcheapadh. Mar chuid den phróiseas ionduchtaithe ar gach Bord, cuirtear in iúl go soiléir go mbítear ag súil le go mbeidh gach duine i láthair ar gach cruinniú de chuid an bhoird.

### Féinmheasúnú Boird

Déanfaidh an Bord féinmheasúnú air féin in 2022, de réir mar éilítear sa Chód Cleachtais um Rialachas na mBord Oideachais agus Oiliúna (tá teimpléad le fáil in Aguisín 16 den Chód).

### An Coiste Airgeadais agus an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca

De réir mar atá leagtha síos sa Chód, ceaptar Comhaltaí chun na gCoistí seo a bhfuil na sainscileanna, an saineolas agus an tsaintaithí acu sna réimsí ábhartha seo. Comhaltaí an Bhoird a dhéanann gach ceapachán i gcomhar le Cathaoirligh na gCoistí. Déantar saineolas a chur ar fáil don BOO ar chostas faofa réasúnta chun cuidiú leis na Coistí i gcás réimsí ar leith de ghnó an Bhoird de réir mar is gá.


Déanann Cathaoirleach gach coiste a chinntiú go gcuirtear tuairiscí i scríbhinn ar fáil do Chomhaltaí an Bhoird maidir leis an obair a dhéanann an Coiste Airgeadais agus an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca de réir mar a cheanglaítear air nó uirthi a dhéanamh faoin gCód Cleachtais um Rialachas BOOnna.

Tá próiseas ar bun i mBord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir leis na rioscaí suntasacha a shainaithint a d'fhéadfadh a bheith ag baint le torthaí an eintitis a bhaint amach agus le dul i ngleic leis na rioscaí sin. Tá an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca ag tacú leis an mBord sa ról seo.

Déanann Bord Bhord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir cinnte de go bhfaightear tuarascálacha rialta leordhóthanacha ina dtugtar le fios go bhfuil bearta rialaithe ag feidhmiú de réir mar atá beartaithe. Déanann Bord Bhord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir cinnte de go bhfuil próiseas ar bun go leanúnach leis na rioscaí a shainaithint a d'fhéadfadh a bheith ag baint le torthaí an eintitis a bhaint amach agus le dul i ngleic leis na rioscaí sin. Tugann an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca tacaíocht leanúnach don Bhord sa ról seo.

Déanfaidh Cathaoirligh an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca agus an Choiste Airgeadais araon - agus tacaíocht acu ó Stiúrthóir na Rannóige Tacaíochta agus Forbartha Eagraíochta agus ón mBainisteoir Airgeadais - a chinntiú go gcuirtear féinmheasúnú i gcrích gach bliain de réir mar a éilítear faoin gCód Cleachtais do Rialachas BOOnna.

### Léarscáil Gheografach de sholáthar Bhord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir



## Próifíl de Réigiún Bhord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir

### Daonra

Agus an chuid seo á cur le chéile, tuigimid, tar éis cinneadh de chuid an Rialtais a rinneadh i gcomhairle leis an bPríomh-Oifig Staidrimh (CSO), gur cuireadh ar athló an Daonáireamh a bhí le tarlú i mí Aibreáin 2021 go ceann bliana, agus go bhfuil dáta nua Daonáirimh socraithe le haghaidh Dé Domhnaigh, an 3 Aibreán 2022.  Aithníonn Bord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir an gá le figiúirí daonra cothrom le dáta chun bonn eolais a chur faoinár dtimthriall pleanála agus athbhreithnithe.  Déanfar athbhreithniú ar an bPlean Seirbhíse seo nuair a bheidh sonraí cothrom le dáta ar fáil go deireanach in 2022.

An daonra iomlán a bhí i réigiún Luimnigh agus an Chláir sa Daonáireamh deiridh a rinneadh in 2016 ná 313,802. Bhí daonra 195,175 duine ag cur fúthu i gContae Luimnigh, a bhfuil 94,192 acu ina gcónaí i gCathair Luimnigh agus a fo-bhailte.Bhí daonra 118,627 duine i gContae an Chláir. Mar thoradh air sin, is é Luimneach an tríú ceantar is mó daonra sa stát, agus an ceathrú cathair is mó daonra ar oileán na hÉireann.

### Dúshláin

An 12 Márta 2020, d'fhógair Rialtas na hÉireann go ndúnfaí scoileanna, naíolanna agus Coláistí Breisoideachais agus Oiliúna ar feadh 2 sheachtain, mar aon le bearta eile chun scaipeadh COVID-19 a mhoilliú. Mar chuid de chéim mhoillithe na paindéime, leathnaíodh an dúnadh sin a thuilleadh chun bearta breise amhail cianobair agus scaradh sóisialta a áireamh. Le 20 mí anuas, dhírigh cuid mhaith dár n-iarrachtaí ar thacaíocht a thabhairt do mhic léinn, d'fhoghlaimeoirí agus do bhaill foirne, mar aitheantas ar éagsúlacht na bhfreagairtí ba ghá leo, agus ar straitéisí a chur i bhfeidhm ag an am céanna chun caighdeán an teagaisc agus na foghlama a chinntiú.  I bhfianaise na srianta riachtanacha sin, chuir Bord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir raon beart i bhfeidhm a bhí ceaptha chun tacú lenár mic léinn agus lenár bhfoghlaimeoirí a gcuid staidéar a chur i gcrích agus deimhniú a bhaint amach, agus chun treoir agus tacaíocht a chur ar fáil dár bhfoireann teagaisc agus tacaíochta uile, agus don fhoireann i gcoitinne.

Tar éis laghdú an-ghéar i ngníomhaíocht eacnamaíoch i rith 2020, tugann an Feasachán Eacnamaíoch Ráithiúil is déanaí ón mBanc Ceannais (Deireadh Fómhair 2021) le fios go bhfuil an geilleagar tar éis cuid mhaith den tionchar láithreach ón ngéarchéim COVID-19 a chur de cheana féin. Chuidigh na bearta tacaíochta a chuir an rialtas ar fáil d'fhostaithe agus do ghnólachtaí le hualach na srianta diana a mhaolú. Tá Bord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir bródúil as bheith mar chuid den fhreagairt náisiúnta chun tacú lenár bpobail foghlama leanúint dá rannpháirtíocht san oideachas agus oiliúint. Chuir BOO os cionn €500k ar fáil do ghrúpaí pobail in 2020 faoin gCiste SOLAS um Maolú in aghaidh Míbhuntáiste Oideachasúil chun tacú le foghlaimeoirí atá faoi mhíbhuntáiste oideachasúil rochtain a fháil ar an oideachas agus páirt a ghlacadh ann. Tá an ciste ag feidhmiú arís in 2022, agus bhí os cionn €300k leithdháilte cheana féin tráth ar foilsíodh an Ráitis Straitéise seo.

Chuir géarchéim COVID-19 dlús le tionchar na bpríomhthreochtaí agus na n-athruithe a mhúnlóidh an timpeallacht oideachais agus oiliúna agus an chaoi a n-oibrímid agus a ndéanaimid ár seirbhísí a sholáthar. Tá sé ag éirí níos soiléire go bhfuil an t-oideachas agus an oiliúint lárnach chun athléimneacht agus fás daoine aonair, pobal agus an gheilleagair a fhorbairt. Léiríonn an Monatóir Eacnamaíoch is déanaí ó Luimneach (Bealtaine 2021), lena gclúdaítear na sé mhí go dtí deireadh mhí an Mhárta 2021, an cur isteach leanúnach ar an ngeilleagar áitiúil. Is iad na hearnálacha is mó atá thíos leis fós ná an miondíol agus an turasóireacht. Mar sin féin, d’éirigh go maith le Luimneach i gcomparáid le contaetha eile le linn COVID-19, mar thoradh ar an líon earnálacha sa chathair a raibh inrochtaineacht chianda ar a gcumas acu agus a bhí in ann teacht aniar ó chur isteach na paindéime dá bharr.


## Geilleagar

Is bunchloch é an earnáil BOO de bheartas an rialtais maidir le hoideachas, oiliúint agus scileanna. Tá freagracht ar BOOnna cláir nua Bhreisoideachais agus Oiliúna a fhorbairt, lena n-áirítear printíseachtaí agus oiliúnachtaí nua, agus tá ról lárnach acu maidir le cuimsiú sóisialta, giniúint fostaíochta agus forbairt shocheacnamaíoch a chur chun cinn. Tá Bord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir ag tacú le príomhréimsí fáis tríd an gcion straitéiseach atá á dhéanamh againn ar mhaithe leis an bhFóram Réigiúnach Scileanna. Oibrímid i gcomhpháirtíocht fhiúntach ghníomhach le fostóirí chun geilleagar dea-oilte a fhorbairt sa réigiún seo trí scileanna sonracha a sholáthar i réimsí ina bhfuil deiseanna fostaíochta agus ina bhfuil gá le huas-sciliú. Socrófar le straitéisí agus treoracha eile faoi stiúir an rialtais tosaíochtaí do BOO, lena n-áirítear an Roinn Oideachais, Straitéis Breisoideachais agus Oiliúna SOLAS, agus an Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Scileanna. Ar an gcaoi chéanna, ar leibhéal an Aontais Eorpaigh, is tosaíochtaí iad foghlaim fadsaoil a chur chun cinn agus scileanna agus inniúlachtaí inaistrithe a fhorbairt, agus leanfaidh an BOO dá rannpháirtíocht le tionscnaimh bheartais an Aontais.

## Cruthú Post

Tar éis na paindéime, cuirfear béim níos mó ar nascacht agus ar obair hibrideach, agus beidh gá le hinfheistíocht ghaolmhar ó thaobh bonneagair agus forbairt scileanna de. Tá gá le hinfheistíocht chun astaíochtaí carbóin a laghdú, an chianobair a éascú trí infheistíocht leathanbhanda, agus maoiniú a chur ar fáil chun tithe a dhéanamh níos inbhuanaithe. Tá spriocanna uaillmhianacha leagtha síos ag an Rialtas chun 300,000 teach a iarfheistiú faoi 2030, rud a dhéanfaidh tithe níos tíosaí ar fhuinneamh agus a laghdóidh a lorg carbóin. I mí na Nollag 2020, d’fhógair an tAire Breisoideachais agus Ardoideachais, Simon Harris TD, go mbeadh Bord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir ina láthair le haghaidh ceann de cheithre ionad náisiúnta barr feabhais um iarfheistiú. Tá oiliúint i scileanna iarfheistithe, lena n-áirítear scileanna Foirgneamh Nach Mór Nialasach ó thaobh Fuinnimh de (nZEB), á bhforbairt chun soláthar oibrithe ardoilte a chinntiú don réimse fáis tábhachtach seo den gheilleagar.

Is é réigiún Luimnigh agus an Chláir ceann de na timpeallachtaí is fearr ar fad ó thaobh cruthú post de. Is í an earnáil seirbhísí an earnáil is mó fostaíochta i Luimneach agus an Clár, agus ina dhiaidh, tá na tionscail tráchtála, trádála agus déantúsaíochta. Bhí 92% de na fiontair ghníomhacha san Iarthar Láir ina ngnóthais bheaga agus mheánmhéide sa bhliain 2016, agus b’ionann sin agus 36% de na daoine a bhí fostaithe sa gheilleagar gnó. Tá an Fóram Réigiúnach Scileanna tar éis na láidreachtaí reatha agus na féidearthachtaí fáis sa todhchaí a shainaithint sa gheilleagar réigiúnach sna réimsí biteicneolaíochta, teicneolaíocht míochaine, TFC, aeraspáis, turasóireachta, gnó talmhaíochta agus lóistíochta. Lena hais sin, tá an Fóram tar éis cnuasaigh scileanna a shainaithint sna réimsí fáilteachais, innealtóireachta, scannánaíochta agus TFC. Aithníonn na cnuasaigh scileanna sin, atá treoraithe ag fostóirí, na riachtanais reatha agus todhchaí maidir le scileanna, le tacaíocht ó sholáthraithe oideachais agus oiliúna.




Soláthraíonn Bord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir réimse leathan oideachais, oiliúna agus seirbhísí tacaíochta ar fud an dá chontae. Tá liosta iomlán scoileanna, breisoideachais agus oiliúna, agus seirbhísí ar fáil in Aguisín 1.

## 3. Ráiteas Straitéise 2022 – 2026

Tá Ráiteas Straitéise Bhord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir 2022 – 2026 ceaptha conaire a leagan amach do sholáthar oideachais agus oiliúna, obair don óige agus feidhmeanna reachtúla eile an údaráis sa tréimhse chúig bliana atá romhainn ó 2022 go dtí 2026. Bhí próiseas comhairliúcháin ann maidir le ceapadh an Ráitis agus tugadh deis do bhord BOO, boird bhainistíochta, baill foirne, mic léinn, foghlaimeoirí, tuismitheoirí, comhpháirtithe pobail agus comhlachtaí ionadaíocha lucht gnó, tionscail agus fostóirí i Luimneach agus sa Chlár a dtuairimí a thabhairt faoin treo a ghlacfaimid chugainn féin sa todhchaí. Déanann sé an ráiteas físe a shainaithint don údarás mar seo a leanas:

> *Ráiteas Físe*
> **Tá príomhról ag Bord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir i soláthar riachtanas maidir le scileanna fiontair, oideachais agus oiliúna fadsaoil ar ardchaighdeán. Bainimid amach an méid sin trí chonairí comhbhácha, éifeachtacha, nuálacha, solúbtha agus cuimsitheacha a sholáthar dár gcuid mac léinn agus foghlaimeoirí uile, lena léirítear riachtanais éagsúla ár bpobail.**
>
> *Ráiteas Misin:*
> **Soláthraíonn agus éascaíonn Bord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir seachadadh oideachais agus oiliúna fadsaoil ar ardchaighdeán i dtimpeallacht chomhbhách, chuimsitheach, thacúil agus shábháilte. Cothaímid conairí foghlama éifeachtacha, nuálacha, solúbtha do chách, agus cuirimid comhpháirtíochtaí chun cinn lena dtugtar aghaidh ar riachtanais agus scileanna athraitheacha na mac léinn agus na bhfoghlaimeoirí sa réigiún.**

Tá an straitéis seo tógtha ar phríomhphrionsabail oibriúcháin maidir le hionracas pearsanta agus gairmiúil, ar chumasú daoine, ar ardchaighdeáin agus ar chomhpháirtíocht atá dírithe i gcónaí ar riachtanais gach foghlaimeora.

Baineann sraith gníomhartha straitéiseacha ar leith le gach sprioc, agus iad ceaptha cuidiú le BOO na huaillmhianta atá sonraithe a bhaint amach. Cé acu a éireoidh nó nach n-éireoidh leis, braitheann sin ar a lán tosca, lena n-áirítear feidhmíocht eacnamaíoch na hÉireann le linn na tréimhse cúig bliana 2022 – 2026, na hacmhainní riachtanacha a bheith ar fáil agus athchóiriú straitéiseach leanúnach na hearnála poiblí.


Leagtar amach ceithre sprioc tosaíochta i Ráiteas Straitéise Bhord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir 2022 – 2026, atá le baint amach le linn shaolré cúig bliana na straitéise, mar atá:





| Achoimre ar na Spriocanna Tosaíochta | |
|---|---|
| **Sprioc Straitéiseach 1**<br>**Eispéiris Ardcháilíochta do Mhic Léinn agus d'Fhoghlaimeoirí**<br><br>Deiseanna cuimsitheacha ardchaighdeáin a sholáthar maidir le hoideachas, oiliúint agus foghlaim fadsaoil mar chonair trínar féidir aghaidh a thabhairt ar riachtanais phearsanta, acadúla, shóisialta, eacnamaíocha agus infhostaitheachta na ndaoine inár bpobal.<br><br>*Is éard atá i gceist leis sin ná a chinntiú go mbeidh eispéiris foghlama agus teagaisc ar an gcaighdeán is airde le fáil inár scoileanna, campais agus cláir Breisoideachais agus Oiliúna trí chéile.* | **Sprioc Straitéiseach 2**<br>**Tacaíocht Foirne agus Forbairt Eagraíochta**<br><br>Timpeallacht oibre chomhoibríoch, thacúil, chomhbhách, shábháilte agus shláintiúil a chur ar fáil don fhoireann go léir trí bhearta tacaíochta freagrúla ábhartha, cumarsáid oscailte agus beartais agus nósanna imeachta iomchuí a sholáthar, a bhfuil cultúr measa, dínite, comhionannais agus forbartha gairmiúla leanúnaí mar bhonn agus thaca acu.<br><br>*Is éard atá i gceist leis sin ná timpeallacht dhearfach oibre a chothú a mbeidh cultúr measa, dínite agus comhionannais ina bhunchloch di.* |
| **Sprioc Straitéiseach 3**<br>**Dea-rialachas**<br><br>Creat rialachais agus tacaíochta a sholáthar a bheidh mar bhonn taca faoi sholáthar éifeachtach éifeachtúil ár seirbhísí oideachais agus oiliúna ardchaighdeáin<br><br>*Is éard atá i gceist leis sin ná a chinntiú go dtacaítear le caighdeán sholáthar oideachais agus oiliúna BOO trí chórais bhainistíochta agus riaracháin a chomhlíonann na caighdeáin rialachais is airde ó thaobh cuntasachta, trédhearcachta, comhlíontachta, cothromais agus luach ar airgead de.* | **Sprioc Straitéiseach 4**<br>**Comhpháirtíocht**<br><br>Comhoibriú san eagraíocht trí chéile a fhorbairt agus oibriú i gcomhpháirt le gach roinn agus gníomhaireacht rialtais, comhpháirtithe oideachais, chomh maith le páirtithe leasmhara tionscail agus pobail, chun réitigh nuálacha a sholáthar a fhreagróidh do riachtanais athraitheacha shóisialta, eacnamaíocha agus chomhshaoil an réigiúin.<br><br>*Is éard atá i gceist leis sin ná freagairt d'oibleagáidí reachtúla, agus comhpháirtíochtaí ábhartha a thógáil chun conairí éifeachtacha a chruthú agus chun ról an oideachais agus na hoiliúna a chur chun cinn ar mhaithe le hiomaíochas eacnamaíoch agus cuimsiú sóisialta ár réigiúin a fhorbairt.* |

Tá Bord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir tiomanta don Dualgas Earnála Poiblí atá orthu faoi mar a shonraítear é san Acht fá Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas, 2014. Aithníonn BOO gur oibleagáid leanúnach é Dualgas na hEarnála Poiblí um Chomhionannas agus

Cearta an Duine, nach mór cloí leis go leanúnach agus atá ina bhunchloch de na próisis oibríochta agus pleanála. Tá BOO tiomanta d'idirdhealú a dhíothú, comhionannas deiseanna agus cóir chomhionann a chur chun cinn i gcás na foirne agus na ndaoine a soláthraíonn an eagraíocht seirbhísí dóibh, mar aon le cosaint chearta na gcomhaltaí boird, na foirne agus na ndaoine a soláthraíonn BOO seirbhísí dóibh.




## Bunluachanna




- ✓ Geallaimid go n-éascófar cumhachtú an phobail a ndéanaimid freastal air trí oideachas agus oiliúint chuimsitheach, mheasúil, thacúil agus iomlánaíoch.
- ✓ Táimid tiomanta do na caighdeáin rialachais is airde ó thaobh iompar eiticiúil, ionracais agus cuntasachta.
- ✓ Táimid tiomanta do sholáthar seirbhísí ardcháilíochta inrochtana, agus d'oibriú ar bhealach forásach, nuálach, inbhuanaithe agus cruthaitheach.
- ✓ Geallaimid go ndíreoimid ar an scoláire/bhfoghlaimeoir i ndearadh, soláthar agus measúnú ár gclár agus ár seirbhísí.
- ✓ Geallaimid go n-oibreoimid le meon na comhpháirtíochta, na comhurraime, na hoscailteachta agus na trédhearcachta.
- ✓ Táimid tiomanta do chomhionannas deiseanna agus urraim a léiriú do chearta, do dhínit agus d'éagsúlacht ár bpáirtithe leasmhara uile.
- ✓ Aithnímid an príomhról a fheidhmíonn gach duine dár bhfoireann agus táimid tiomanta do chultúr forbartha gairmiúla leanúnaí agus na folláine a chothú.
- ✓ Geallaimid go rachaimid in oiriúint agus go bhfreagróimid do riachtanais shóisialta agus fostaíochta ár bpobal, atá ag síorathrú.

§Léiríonn Ráiteas Straitéise Bhord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir 2022 – 2026 uaillmhian shoiléir go mbeidh ról ceannasach ag an údarás maidir le hathrú ó bhonn a dhéanamh ar shaol ár

scoláirí agus ár bhfoghlaimeoirí, ar ár bpobail agus ar rathúnas sóisialta agus eacnamaíoch ár réigiúin. Tá a sraith féin de bhearta straitéiseacha ag gach sprioc díobh, agus na bearta sin ceaptha le cuidiú leis an údarás an uaillmhian sin a bhaint amach.

Tá na spriocanna agus tosaíochtaí atá leagtha amach sa Ráiteas Straitéise curtha in oiriúint do na spriocanna agus tosaíochtaí atá sa Chomhaontú Soláthair Feidhmíochta idir an Roinn Oideachais agus an t-údarás. Tá aird dírithe ar bhearta ar leith in 2022, chomh maith le táscairí feidhmíochta agus spriocanna atá le baint amach i mbliana. Déanfar monatóireacht agus anailís ar na torthaí sin trí phleananna gníomhaíochta struchtúraithe, agus tuairisceofar go rialta ar dhul chun cinn ar bhonn na bpleananna sin.

Má tá na torthaí atá leagtha amach i bPlean Seirbhíse 2022 le baint amach, beidh tiomantas agus comhoibriú ag teastáil ó pháirtithe leasmhara go léir an Bhoird Oideachais agus Oiliúna, lena n-áirítear an fhoireann, scoláirí agus foghlaimeoirí, bainisteoirí, riarthóirí, boird bhainistíochta agus na príomhpháirtithe uile. Agus iad ag iarraidh na spriocanna sonraithe a bhaint amach, geallann Bord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir go gcloífidh siad leis na caighdeáin is airde rialachais chorparáide atá leagtha amach sa Chód Cleachtais maidir le Boird Oideachais agus Oiliúna a Rialú (Imlitir 0002/2019), arna leasú Feabhra 2019.

## Forálacha Cur i bhFeidhm agus Monatóireachta

### Cur i bhFeidhm

Forbraíodh Plean Seirbhíse 2022 chun tacú le cur i bhfeidhm Ráiteas Straitéise Bhord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir 2022 – 2026. Cé go leagtar amach sa Ráiteas Straitéise tosaíochtaí agus spriocanna an Bhoird Oideachais agus Oiliúna le linn thréimhse 5 bliana, tá sé tábhachtach go mbeadh próiseas i bhfeidhm chun tacú lena gcur i ngníomh. Tacaíonn foireann bainistíochta Bhord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir le cur i bhfeidhm na straitéise trí thimthriall bliantúil pleanála agus buiséadaithe. Na hacmhainní a úsáidfear chun an Ráiteas Straitéise a chur i bhfeidhm, tiocfaidh siad ó bhuiséid oibríochtúla atá ann cheana agus lorgófar maoiniú breise áit ar gá. De réir mar a thagaimid as an bpaindéim dhomhanda, is feasach dúinn go bhféadfadh srianta buiséadacha a bheith ann agus b'fhéidir go mbeadh orainn ár straitéis agus ár bpleananna a choigeartú dá réir.

Faomhann Bord an Bhoird Oideachais agus Oiliúna an plean agus buiséad bliantúil; agus gach bliain, foilsítear Tuarascáil Bhliantúil agus Ráitis Airgeadais Bhord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir, agus is tuairisciú na foilseacháin sin ar an bhfeidhmíocht iarbhír i bhfianaise an phlean seirbhíse agus an bhuiséid.

### Comhairliúchán

Chun Plean Seirbhíse 2022 a fhorbairt, tugadh faoi phróiseas comhairliúchán le Bainisteoirí Sinsearacha agus Príomhoidí ar fud an Bhoird Oideachais agus Oiliúna lena chinntiú go n-oirfeadh na bearta atá ceaptha a bheith curtha i bhfeidhm le linn an timthrialla Plean Seirbhíse do na tosaíochtaí agus spriocanna foriomlána atá leagtha amach i Ráiteas Straitéise Bhord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir 2022 – 2026. Cinntíonn an próiseas comhairliúcháin go bhfuil na torthaí atá leagtha amach le haghaidh 2022 insroichte agus gurb iad na Bainisteoirí Sinsearacha agus na Príomhoidí atá freagrach astu ina réimsí soláthair seirbhísí, faoi seach.

### Monatóireacht

Tá na grúpaí seo a leanas i bhfeidhm lena chinntiú go mbaintear na torthaí amach agus go dtuairiscítear orthu:

- Bord BOO
- Coiste Airgeadais an Bhoird Oideachais agus Oiliúna
- Coiste Iniúchóireachta agus Riosca an Bhoird Oideachais agus Oiliúna
- An Grúpa Feidhmiúcháin
- An Grúpa Ardbhainistíochta
    - An Grúpa Stiúrtha TFC
    - An Grúpa Oibre Seirbhísí Comhroinnte
- An Grúpa Stiúrtha Breisoideachais agus Oiliúna (FET) (a dhéanann cur i bhfeidhm Chomhaontú Feidhmíochta Straitéisí SOLAS/FET a mhonatóiriú)
- Líonra BOaO um Pleanáil Réigiúnach Straitéiseach
- An Grúpa Príomhoidí agus Leas-Phríomhoidí
- Grúpaí Feidhmiúcháin FET (chomh maith le pleananna gníomhaíochta) le haghaidh
    - Foghlaim le Cuidiú Teicneolaíochta
    - Dearbhú Cáilíochta
    - Forbairt Ghairmiúil Leanúnach
    - Faisnéis Earcaíochta agus Treorach
    - Ionchuimsiú Gníomhach
    - Rannpháirtíocht san Fhiontraíocht.

### Tuairisciú

Is é foilsiú Thuarascáil Bhliantúil agus Ráitis Airgeadais Bhord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir an príomhléiriú de chuntasacht phoiblí don Bhord Oideachas agus Oiliúna. Is tuairisc chuimsitheach é an tuarascáil bhliantúil, ina bhfuil na ráitis airgeadais agus tráchtas, ar ghníomhaíochtaí an Bhoird Oideachais agus Oiliúna i rith na bliana roimhe. Cuireann sé eolas ar fáil do pháirtithe leasmhara an údaráis maidir le gníomhaíochtaí agus feidhmíocht airgeadais an Bhoird Oideachais agus Oiliúna agus, dá bharr sin, is tábhachtach an próiseas tuairiscithe bhliantúil a úsáid lena chinntiú go bhfuil trédhearcacht agus cuspóirí follasacha ann. Is deimhniú do pháirtithe leasmhara é an próiseas pleanála agus tuairiscithe, go bhfuil Bord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir dírithe ar obair go gníomhach chun na spriocanna atá le cur i bhfeidhm acu le linn shaolré a Ráitis Straitéise a bhaint amach.

Tá sé mar thosaíocht do 2022 a chinntiú chomh maith go gcloífear go hiomlán leis na spriocdhátaí tuairiscithe arna leagan síos ag an Roinn Oideachais.

### Ráiteas Straitéise 2022 – 2026

Is treochlár é an Ráiteas Straitéise seo d'fhorbairt ár n-eagraíochta agus ár seirbhísí chun freastal ar riachtanais oideachais agus oiliúna ár mac léinn/foghlaimeoirí, na sochaí agus an gheilleagair. Tá an straitéis seo ar an bhfód le linn athruithe móra sa saol, go háirithe le linn na paindéime domhanda atá ar siúl faoi láthair. Cuirfidh an straitéis fhorásach nuálach seo ar ár gcumas eispéiris teagaisc agus foghlama ar an gcaighdeán is airde a chinntiú inár scoileanna, campais agus cláir Bhreisoideachais agus Oiliúna trí chéile, agus go dtabharfaidh sé de chumhacht dúinn aghaidh a thabhairt ar aon dúshlán sna cúig bliana amach romhainn.  Sa Ráiteas Straitéise seo, tugtar aird ar ordacháin bheartais an Aire agus ar na hacmhainní airgeadais atá ar fáil chun éifeacht a thabhairt don ráiteas straitéise nua seo.

## 4. Ráiteas Seirbhísí 2022

Faoi théarmaí an Chomhaontaithe Soláthair Feidhmíochta idir an Roinn Oideachais agus Scileanna agus Bord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir, rinneadh na spriocanna agus tosaíochtaí a leanas a shainaithint agus a chur in oiriúint do na spriocanna agus tosaíochtaí atá leagtha amach i Ráiteas Straitéise 2022 – 2026 an Bhoird Oideachais agus Oiliúna. Is iad seo a leanas na sainbhearta a theastaíonn chun na tosaíochtaí thuas a chur i bhfeidhm, mar aon leis na táscairí feidhmíochta agus na spriocanna gaolmhara atá le baint amach:

**Sprioc 1 den Chomhaontú Soláthair Feidhmíochta (CSF): Eispéireas an Scoláire/an Fhoghlaimeora a Optamú**
Naisc le ->
**Sprioc 1 de Ráiteas Straitéise Bhord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir, 2022 – 2022: Eispéiris Ardcháilíochta do Mhic Léinn agus d'Fhoghlaimeoirí**
Deiseanna cuimsitheacha ardchaighdeáin a sholáthar maidir le hoideachas, oiliúint agus foghlaim fadsaoil mar chonair trínar féidir aghaidh a thabhairt ar riachtanais phearsanta, acadúla, shóisialta, eacnamaíocha agus infhostaitheachta na ndaoine inár bpobal. Is éard atá i gceist leis sin ná a chinntiú go mbeidh eispéiris foghlama agus teagaisc ar an gcaighdeán is airde le fáil inár scoileanna, campais agus cláir Bhreisoideachais agus Oiliúna trí chéile.

Is éard atá i gceist leis sin ná a chinntiú go mbeidh eispéiris foghlama agus teagaisc ar an gcaighdeán is airde le fáil inár scoileanna, campais agus cláir Bhreisoideachais agus Oiliúna trí chéile.

| Tosaíocht | Beart | Táscaire Feidhmíochta | Sprioc |
|---|---|---|---|
| 1.1 Rochtain chomhionann a sholáthar do chách ar oideachas agus oiliúint chun leasa ár bpobal. | In 2022, beidh gach ceann de na rannóga i **Stiúrthóireacht Forbartha agus Tacaíochta Eagraíochta BOOLC** (Airgeadas, TFC, Acmhainní Daonna, Caipiteal agus Soláthar, agus Seirbhísí Corparáide) ag obair i gcomhar leis an Stiúrthóir Scoileanna agus an Stiúrthóir Breisoideachais agus Oiliúna lena chinntiú go bhfuil rochtain ag gach scoil agus gach Ionad Breisoideachais agus Oiliúna ar na hacmhainní (airgeadais, bonneagair agus pearsanra) a chuirfidh ar a gcumas, eispéireas foghlama dearfach a sholáthar do gach foghlaimeoir, lena n-áirítear foghlaimeoirí ó ghrúpaí imeallaithe. Ar na bearta ar leith atá le cur i gcrích in 2022 tá: | Déanfar faireachán agus léiriú ar fheidhmíocht agus dul chun cinn in 2022 trí thagairt do na nithe seo a leanas:<br>• Dea-chaidreamh oibre le Príomhoidí Scoile/Bainisteoirí Ionad chun na riachtanais phráinneacha maidir le deisiú agus athchóiriú a shainaithint i scoileanna agus in ionaid.<br>• Bunachar sonraí saoráidí a chur i gcrích i gcás na n-ionad BOaO go léir atá ag BOOLC.<br>• Measúnú agus pleanáil a dhéanamh i dtaca le riachtanais deisithe agus athchóirithe foirgneamh scoile sa | Caidreamh an-mhaith a bheith againn idir feidhmeannais na Ceannoifige, Stiúrthóireacht na Scoileanna agus Stiúrthóireacht BOaO. Obair a dhéanamh go comhoibríoch ar na tionscadail chuí uile ar mhaithe lenár mic léinn/foghlaimeoirí agus ar mhaithe leis an eagraíocht ar fad. |

| | | | |
|---|---|---|---|
| | • Leanúint de thimthriall pleanáilte d'fheabhsuithe ar áiseanna trí scéim oibreacha an tsamhraidh, an scéim oibreacha éigeandála agus an Scéim Deontas Caipitil Spóirt.<br>• Obair i gcomhpháirt leis an Roinn Oideachais chun an acmhainneacht TFC a fhorbairt tuilleadh inár scoileanna agus Ionaid Bhreisoideachais agus Oiliúna go léir, lena n-áirítear deontais a fháil le haghaidh trealamh TFC, ábhar comhairle agus ábhar tacaíochta<br>Laistigh de gach foireann, déanfaidh APOnna comhaontú ar spriocanna aonair, agus coinneoidh siad taifead ar sholáthar forbartha gairmiúla leanúnaí, deiseanna forbartha, agus aiseolais chuí, d'fhonn tacú leis an dea-chleachtas. | todhchaí, agus cur chuige ilbhlianta a ghlacadh i leith na hoibre sin.<br>• An cistiú riachtanach don obair sin a lorg<br>• A chinntiú go ndéanfar Beartas Soláthair BOOLC a chomhlíonadh.<br>• A chinntiú go mbainfear luach ar airgead amach ó thaobh caiteachais de ar fud na heagraíochta<br>• An infheistíocht chaipitil go léir a bhainistiú lena chinntiú go mbaintear amach dáta críochnaithe atá tráthúil, chomh luath agus is féidir, i gcás tionscadail mar sin. | (ar lean). |
| | Tacóidh Rannóg Scoileanna an Bhoird Oideachais agus Oiliúna le scoileanna in 2022 chun cleachtais ionchuimsitheacha scoile a fhorbairt i gcónaí, lena n-áirítear tacaíocht leanúnach don Bhord Bainistíochta i Scoileanna, do Cheannairí Scoile agus forbairt leanúnach i gcás Foirne agus Comhordaitheoirí Tacaíochta do Scoláirí, ionas go gcuirfear tacaíocht ar fáil do scoláirí agus do bhaill foirne ag leibhéal na scoile. Ar na bearta ar leith atá le cur i gcrích in 2022 tá:<br>• Tuilleadh forbartha ar fheachtais um pátrúnacht i gcomhréir le Straitéis na Roinne Oideachais don Athchumrú agus i gcomhairle le pátrúin réigiúnacha eile.<br>• Ranganna Speisialta agus soláthar foghlama dóibh siúd a bhfuil neamhord de chuid speictream an uathachais orthu a chur ar bun agus a fhorbairt go leanúnach i scoileanna agus i gcoláistí BOO. | Déanfar faireachán agus léiriú ar fheidhmíocht agus dul chun cinn in 2022 trí thagairt do na nithe seo a leanas:<br>• Níos mó scoileanna a bheith ann mar gheall ar an athchumrú.<br>• Níos mó á gclárú. Ardú ar an líon daltaí arna gclárú i ranganna speisialta agus dóibh siúd a bhfuil neamhord de chuid speictream an uathachais orthu.<br>• Cruinniú gach seachtain do gach Príomhoide agus Leas-Phríomhoide ar Zoom. Fianaise den éagsúlacht á cur chun tosaigh in 2022 sa bheartas agus sna nósanna imeachta maidir le ligean isteach sna scoileanna.<br>• Imeachtaí oiliúna spriocdhírithe arna reáchtáil in 2022 le haghaidh Foirne Tacaíochta do Scoláirí. | Tuilleadh Scoileanna Náisiúnta Pobail tríd an dífheistiú.<br>Is gá ranganna speisialta a sholáthar i ngach má bhíonn a leithéid de dhíth ar an bpobal.<br>Sainaithint deiseanna chun an dea-chleachtas a roinnt idir Scoileanna agus Ionaid.<br>Beartais Iontrála atá dírithe ar an éagsúlacht.<br>Oiliúint Foirne Tacaíochta do Scoláirí le bheith curtha i gcrích i gcomhair gach baill foirne.<br>Forbairt leanúnach ar thairseach dhigiteach do |

| | | | |
|---|---|---|---|
| | • Athbhreithniú, leasú agus daingniú beartas agus nósanna imeachta iontrála ina gcuirtear an t-ionchuimsiú chun cinn agus ina gcuirtear béim ar thacaíocht do ghrúpaí atá imeallaithe.<br>• Soláthar oiliúna le haghaidh ball nua Foirne Tacaíochta do Scoláirí agus oiliúint bhreise atá curtha in oiriúint d'Fhoirne Tacaíochta do Scoláirí i ndáil le teagmhais chriticiúla.<br>• Forbairt agus seoladh leanúnach tacaíochtaí digiteacha chun eolas agus treoir a chur ar fáil.<br>• Obair a dhéanamh go dlúth le gníomhaireachtaí stáit eile chun tacú le daltaí taobh amuigh d'am scoile, e.g., TUSLA, FSS, Barnardos, Seirbhísí Meabhairshláinte do Leanaí agus d'Ógánaigh, Jigsaw.<br>• Cuirfear oiliúint ar fáil do Bhoird Bhainistíochta maidir leis an Acht Oideachais (Ligean isteach i Scoileanna), 2020, agus maidir le spiorad sainiúil scoileanna an BOO.<br>• Pleanáil le haghaidh athruithe déimeagrafacha. | • Líon na mball foirne a fhreastalóidh ar oiliúint don Fhoireann Tacaíochta do Scoláirí in 2022.<br>• An líon acmhainní digiteacha maidir le heolas agus treoir a fhorbrófar agus a sheolfar in 2022.<br>• Naisc agus bealaí cumarsáide arna bhforbairt leis na gníomhaireachtaí stáit atá sa liosta.<br>• Beidh tuiscint shoiléir ag comhaltaí ar Bhord Bainistíochta scoileanna ar an Acht Oideachais (Ligean isteach i Scoileanna), 2020, agus ar spiorad sainiúil scoileanna an BOO.<br>• Tuilleadh teagmhála le páirtithe leasmhara maidir le hathchumrú agus feachtais um pátrúnacht. | scoileanna in StaffCONNECT.<br><br>(ar lean). |
| | I rith 2022, soláthróidh **Rannóg TFC** an Bhoird Oideachais agus Oiliúna, faoi **Stiúrthóireacht na Tacaíochta agus Forbartha Eagraíochta**, deiseanna comhoibríocha a chuimseoidh ardáin ar líne, lena n-áireofar córas StaffCONNECT (MS SharePoint) an Bhoird Oideachais agus Oiliúna, chun tacú le scoileanna agus ionaid an BOO. I rith 2022, tacóidh an Rannóg TFC leis na bearta seo a leanas:<br>Suíomhanna SharePoint ar leith a chothabháil do gach scoil agus an oiliúint agus tacaíocht lena mbaineann.<br>Forbairt ghairmiúil leanúnach a chur ar fáil mar thacaíocht agus úsáid Office 365 á leathadh amach de réir a chéile, úsáid MS Teams don teagasc agus don fhoghlaim chianda san áireamh. | Déanfar faireachán agus léiriú ar fheidhmíocht agus dul chun cinn in 2022 trí thagairt do na nithe seo a leanas:<br>• Líon na mball foirne a úsáideann StaffCONNECT (MS SharePoint), gach suíomh a forbraíodh do scoileanna san áireamh.<br>• An líon deiseanna FGL a chuirfear ar fáil chun tacú le feidhmiú céimneach Office 365.<br>• An líon ball foirne a bheidh ag úsáid Office 365 agus ag plé leis faoi dheireadh 2022. | Anailís ar úsáid MS SharePoint i scoileanna agus ar a thionchar siúd.<br>Anailís ar an líon ball foirne atá ag úsáid Office 365 agus ar a thionchar siúd.<br>Taifead ar an líon tionscadal bonneagair TFC agus ar a dtionchar siúd.<br>Líon na mball foirne a dhéanfaidh rochtain ar bhonneagar TFC an BOO tríd an tairseach shlán. |

| | | | |
|---|---|---|---|
| | Obair ar aghaidh i gcomhpháirt leis an Roinn Oideachais chun an acmhainneacht TFC a fhorbairt tuilleadh i scoileanna BOO uile agus in Ionaid Bhreisoideachais agus Oiliúna, lena n-áirítear deontais a fháil le haghaidh trealamh TFC, agus ábhar comhairle agus tacaíochta.<br>Cianrochtain shlán a chumrú trí thairseach an BOO lena gcuirfear ar a gcumas do bhaill foirne faoi leith ceangal de bhonneagar TFC an BOO chun tacú le cuspóirí an BOO.<br>Tacaíocht chomhairleach a chur ar fáil i dtaca le soláthar TFC de.<br>Monatóireacht agus uasghráduithe a dhéanamh ar chrua-earraí/bogearraí an BOO.<br>Fíorú dhá chéim a chur i bhfeidhm de réir a chéile in BOOLC uile | • Líon na mball foirne atá cláraithe don Fhíordheimhniú Ilfhachtóra<br>• Úsáid MS Teams don chianteagasc má bhíonn srianta in aghaidh COVID-19 ann agus mar chuid den chur chuige foghlama cumaisc fosta in 2022.<br>• An líon tionscadal bonneagair TFC nua a bheidh i bhfeidhm faoi dheireadh 2022.<br>• Líon na mball foirne a dhéanfaidh rochtain ar Thairseach an BOO in 2022 i gcomparáid le líon na Scoileanna agus Ionad a dhéanfaidh teagmháil leis an Rannóg TFC maidir leis na riachtanais TFC acu agus soláthar a bhaineann leis na riachtanais sin.<br>• An líon uasghráduithe a dhéanfar in 2022 | Líon na mball foirne atá cláraithe don Fhíordheimhniú Ilfhachtóra<br>An líon daoine a dhéanfaidh teagmháil maidir le riachtanais scoileanna/ionad i dtaca le soláthar TFC.<br>An líon uasghráduithe a dhéanfar in 2022<br>(ar lean). |
| | Tá an Treochlár um Ionchuimsiú Sóisialta 2020-2025 (paraiméadar 3.37) mar bhonn eolais faoin bpleanáil chun cúrsaí oiliúna lánaimseartha a chur ar fáil. Táthar ar an eolas faoi na torthaí a fuarthas sa tuarascáil 'Barriers to Participation in FET Programmes' (2017). Tá fiche a haon ball dubh dífhostaíochta suite i Luimneach agus sa Chlár, raon geografach an Bhoird. Sin 27% de na baill dhubha náisiúnta dífhostaíochta. Tá ocht gcinn de na deich mball dhubha dífhostaíochta is mó go náisiúnta suite i gCathair Luimnigh. | Déanfar faireachán agus léiriú ar fheidhmíocht agus dul chun cinn in 2022 trí thagairt do na nithe seo a leanas:<br>• Líon na mol foghlama<br>• Líon na bhfoghlaimeoirí a iarrfaidh bearta tacaíochta.<br>• Réimse tacaíochtaí d'fhoghlaimeoirí arna gcur ar fáil agus foghlaimeoirí á n-úsáid.<br>• Oiliúint don fheasacht ar mhíchumas | Déanfar Beartas BOaO nua um Rochtain, Aistriú agus Dul chun Cinn ina dtabharfar cuntas soiléir ar ról na Seirbhíse Tacaíochta Faisnéise, Earcaíochta agus Treorach agus ról na Seirbhísí Soláthair agus Tacaíochta. Ar an dóigh sin, déanfar a áirithiú go mbeidh cothromaíocht deiseanna |

| | | | |
|---|---|---|---|
| | Ar fud rannóige an BOaO, aithnímid go bhfuil meascán casta cúiseanna ag baint leis na constaicí a bhíonn roimh fhoghlaimeoirí agus rompu siúd nach mbíonn ag plé linn. Meascán casta constaicí, cúinsí teaghlaigh agus gnéithe ar leith den chóras oideachais féin a bhíonn i gceist.<br>1. I Meán Fómhair 2021, mar pháirt de Chéim an Mheasúnaithe atá againn mar chuid de Dhualgas na hEarnála Poiblí, d'fhoilsigh an BOO ár measúnú ar na saincheisteanna maidir le cearta an duine agus maidir leis an gcomhionannas ó na 9 bhforas a bhíonn roimh pháirtithe leasmhara agus rompu siúd a bhíonn ag tabhairt faoin míbhuntáiste socheacnamaíoch.<br>2. Is é is cuspóir don tSeirbhís Tacaíochta don Ionchuimsiú Gníomhach a chinntiú, oiread agus is féidir go praiticiúil, go dtugtar na bearta tacaíochta do gach foghlaimeoir a chuirfidh ar a gcumas dóibh páirt iomlán a ghlacadh sna deiseanna oideachais atá ar fáil, agus tairbhe a bhaint astu, agus iad páirteach ar chúrsa Breisoideachais agus Oiliúna.<br>Is é is cuspóir do Rannóg BOaO Bhord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir a chinntiú, oiread agus is féidir go praiticiúil, go dtugtar na bearta tacaíochta ar leith do gach foghlaimeoir a chuirfidh ar a gcumas dóibh páirt iomlán a ghlacadh sna deiseanna oideachais atá ar fáil acu. Tá tábhacht ar leith ag baint leis sin i gcás foghlaimeoirí atá againn ó chúlraí a bhfuil siad faoi mhíbhuntáiste oideachasúil, nó na foghlaimeoirí a mbeidh tacaíocht bhreise uathu mar gheall ar mhíchumas nó ar chúis eile. Is féidir le foghlaimeoirí clárú le bearta tacaíochta a fháil sna cásanna seo: | • An líon daoine a ghlacann conairí go dtí cúrsaí printíseachta<br><br>(ar lean). | ag na foghlaimeoirí atá againn faoi láthair agus a bheidh againn amach anseo, mar aon le hionchuimsitheacht.<br><br><u>Moil foghlama um an Ionchuimsiú Gníomhach</u><br><br>An Mol Foghlama sa Choláiste BOaO, Campas Bhóthar Chill Mocheallóg, Luimneach, a chur i gcrích agus a oscailt<br><br>An Mol Foghlama sa Choláiste BOaO, Ascaill Uí Chonaill, Luimneach, a athchóiriú<br><br>Ocht (8) Mol Foghlama a bheith ag feidhmiú faoi dheireadh 2022<br><br>An Creat um Meabhairshláinte agus Folláine a sheoladh mar thionscadal comhpháirteach idir Ionaid BOaO agus Moil Foghlama ar fud an réigiúin. |

| | | | |
|---|---|---|---|
| | <ul><li>má theastaíonn tacaíocht foghlama nó socruithe réasúnta i scrúduithe uatha mar gheall ar mhíchumas a bhfuil diagnóis faighte ina leith, nó mar gheall ar riocht coirp nó riocht meabhairshláinte, nó deacracht foghlama;</li><li>má theastaíonn uathu teacht a bheith acu ar ríomhairí nó ar an teicneolaíocht chun cuidiú leo a bheith páirteach sa soláthar oideachais/oiliúna acu;</li><li>má bhíonn cuidiú uathu leis an léitheoireacht, scríbhneoireacht, matamaitic, scileanna staidéir, scileanna ríomhaireachta nó lena scileanna Béarla a fheabhsú;</li><li>más mian leo comhairle agus eolas gairme nó oideachais a fháil;</li><li>más mian leo an tseirbhís comhairleoireachta d'fhoghlaimeoirí a úsáid.</li></ul>Tá líonra de mhoil foghlama curtha ar bun ar fud Luimnigh agus an Chláir, iad dírithe ar an ábhar seo agus baill foirne ag obair iontu. Tá meascán de bhearta tacaíochta ar leith ar fáil iontu seo, bunaithe ó áit go háit ar an bhfaisnéis atá fáil maidir le ball dubh dífhostaíochta/díthe agus ar na riachtanais chasta atá ag an ngrúpa foghlaimeoirí éagsúla atá againn. In 2020, chuaigh corradh le 1100 foghlaimeoir i mbun plé le réimse bearta tacaíochta. Chuidigh na moil foghlama leo é sin a dhéanamh.<br>3. Tá acmhainní á bhforbairt agus tá oiliúint feasachta maidir le míchumas agus tacaíocht á gcur ar fáil ag an tSeirbhís Tacaíochta um Ionchuimsiú Gníomhach do bhaill foirne i leith foghlaimeoirí atá faoi mhíchumas. Leanfar ar aghaidh leis an obair sin. | (ar lean). | Oiliúint ar mhíchumas a chur ar fáil do chleachtóirí BOaO i ngach Mol Foghlama.<br><br>Baill a chur le foireann na Seirbhíse Tacaíochta um Ionchuimsiú Gníomhach.<br><br>Acmhainní a sholáthar chun tacú le foghlaimeoirí atá ar phrintíseachtaí.<br><br>Díreofar go leanúnach i Líonra na Mol Foghlama ar a chinntiú go mbeidh cothromas gléasanna ann sa soláthar ar fad atá againn agus chun cur le scileanna foghlaimeoirí, chun an teacht ar BOaO a fheabhsú.<br><br>(ar lean). |

| | | | |
|---|---|---|---|
| | Beidh oiliúint ar Mheasúnú Riachtanas le haghaidh 'AHEAD Start' curtha i gcrích ag gach ball foirne sna moil foirne faoi Aibreán 2022. Chuir seisear (6) ball foirne cáilíocht ar Leibhéal 6 sa Teicneolaíocht Oiriúnaitheach i gcrích san fhómhar in 2021 le Cumas Éireann agus Ollscoil Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath. I gcás foghlaimeoirí a chuireann in iúl go bhfuil siad faoi mhíchumas, tugtar bearta tacaíochta dóibh atá ar aon dul leis na cinn atá á gcistiú faoin gCiste do Scoláirí atá faoi Mhíchumas. Nuair a chuirtear an méid sin in iúl, déantar measúnú ar riachtanais a thairiscint, rud a dhéantar tríd na moil foghlama. Agus an méid sin curtha i gcrích, tugtar Tuairisc Achomair ar Riachtanais Oideachais an Fhoghlaimeora don fhoghlaimeoir agus do na baill foirne chuí a chuirfidh na seirbhísí fáil. Sa tuairisc sin, tabharfar le fios na bearta tacaíochta breise a bheidh de dhíth ar an bhfoghlaimeoir, noda don fhoireann teagaisc san áireamh, chomh maith le haon teicneolaíocht oiriúnaitheach eile nó tacaíocht phearsanta a bheadh ag teastáil.<br>4. Beidh Rannóg an BOaO ag obair i gcónaí le go mbeidh an teacht is fearr agus is féidir ann ar chúrsaí BOaO. Cuirfear iompar ar fáil ina leith sin nuair is gá. Mar shampla, tá seirbhís bus ar fáil d'fhoghlaimeoirí i gCill Rois (ball dubh dífhostaíochta) sa dóigh is gur féidir leo leas a bhaint as cúrsaí oíche faoi leith nach bhfuil le fáil chomh héasca céanna i gCill Rois. | (ar lean). | (ar lean). |

| | | | |
|---|---|---|---|
| | 5. Tá oifigeach don Fhoghlaim Ar Líne agus Foghlaim Chumaisc ceaptha le forbairt a dhéanamh ar chumas sheirbhísí an BOaO soláthar foghlama ar líne/cumaisc a thairiscint le go mbeidh sé níos éasca ag foghlaimeoirí tabhairt faoi chúrsaí BOaO.<br>6. Beidh Rannóg an BOaO ag obair go leanúnach le conairí chun cláir printíseachta/oiliúna a fhorbairt agus beidh réimse cúrsaí á dtairiscint a bheidh ar fáil ag foghlaimeoirí sula dtabharfaidh siad faoi phrintíseacht. In 2022, beidh ceithre (4) chlár conaire ann, innealtóireacht, foirgníocht, gruagaireacht agus scileanna cócaireachta ina measc. | | |
| | Sheol an tAire Simon Harris TD, Litearthacht d'Aosaigh don Saol ar an 8 Meán Fómhair 2021. Straitéis 10 mbliana d'aosaigh atá ann a bhaineann leis an litearthacht, uimhearthacht agus an litearthacht dhigiteach. Is é is aidhm don Straitéis a chinntiú go mbeidh an litearthacht, uimhearthacht agus litearthacht dhigiteach ag gach duine fásta a bheidh riachtanach chun plé go hiomlán leis an tsochaí agus le barr a chumais a bhaint amach.<br>Bhí BOO Luimnigh agus an Chláir páirteach sa phlé chun an straitéis a fhorbairt. Tá tacaíocht bhreise litearthachta, uimhearthachta agus dhigiteach ar fáil do gach foghlaimeoir á gcur chun tosaigh agus tá conairí sonracha ar fáil ar fud soláthar iomlán na heagraíochta chun daoine a chur sa treo sin.<br>In 2022, beidh an BOO ag plé leis an gCreat le haghaidh Gníomhaíochta ar an Straitéis Litearthacht d'Aosaigh don Saol. Déanfar athbhreithniú ar na próisis reatha don Mheasúnú Tosaigh in 2022 agus | Déanfar faireachán agus léiriú ar fheidhmíocht agus dul chun cinn in 2022 trí thagairt do na nithe seo a leanas:<br>• Méadú 20,000 ar an líon foghlaimeoirí a rachaidh i dteagmháil le seirbhísí tacaíochta litearthachta agus teanga agus an réimse cúrsaí atá ar fáil a leathnú sa chéad leath de shaolré na straitéise.<br>• Laghdú ó 18% go 7% ar an líon daoine fásta in Éirinn a bhfuil riachtanais litearthachta acu nach bhfuiltear ag freastal orthu.<br>• Laghdú ó 25% go 12% ar an líon daoine fásta in Éirinn a bhfuil | Tosaíocht 1 dár gCreat BOaO féin chun Teanga, Litearthacht agus Uimhearthacht a chomhtháthú ná *Plé go réamhghníomhach le Straitéis Náisiúnta BOO Solas don Litearthacht agus don Uimhearthacht.* Tá tacaíocht bhreise litearthachta, uimhearthachta agus dhigiteach ar fáil do gach foghlaimeoir á gcur chun tosaigh agus tá conairí sonracha ar fáil ar fud soláthar iomlán na heagraíochta chun daoine a chur sa treo sin. |

| | | | |
|---|---|---|---|
| | glacfar le cur chuige cuíchóirithe ar fud an réigiúin agus an tsoláthair.<br><br>Le linn 2022, beidh foirne na Mol Foghlama ag obair le bainisteoirí soláthair chun tacaíocht a chur ar fáil d'fhoghlaimeoirí agus do bhaill foirne le fáil amach cad iad na cásanna inar féidir leas a bhaint as an teicneolaíocht mar áis chabhrach chun foghlaim, litearthacht agus uimhearthacht a fhorbairt. Maille leis sin, tá an rannóg BOaO ag cur Measúnuithe Riachtanas ar fáil d'fhoghlaimeoirí a bhfuil Deacrachtaí Foghlama acu nó atá Faoi Mhíchumas, a chabhróidh leosan agus le cleachtóirí ábhartha foghlama díriú ar straitéisí foghlama agus teagaisc faoi leith le go n-éireoidh leo sa litearthacht agus san uimhearthacht. Anuas air sin, tá pleananna i bhfeidhm chun cur le struchtúir agus acmhainní ar leibhéil an ionaid ar a leith agus ar leibhéal an tsoláthair chun tacaíocht a chur ar fáil le timpeallacht ionchuimsitheach foghlama a chothú.<br><br>Tá obair ar bun lena chinntiú go mbainfear feidhm as modhanna mar chuid den teagasc atá ann faoi láthair a fhreastalóidh ar fhoghlaimeoirí a mbaineann ceann de na nithe seo a leanas leo: Droch-chuimhne fheidhmiúil, luas próiseála mall, tuiscint lag léitheoireachta (ach dea-chluastuiscint) agus gan feidhm feidhmiúcháin mhaith a bheith acu. Moltar do Chleachtóirí Foghlama a bheith ag obair i gcomhar a chéile agus Pobal Cleachtais a úsáid chun infheictheacht scileanna teanga, litearthachta, uimhearthachta agus digiteacha a ardú faoi mar a bhaineann siad sin le hábhar cúrsaí, le hábhar foghlama, le gníomhaíochta agus le cúrsaí measúnaithe. Tá sé mar thosaíocht againn tacaíocht TLU a thabhairt d'fhoghlaimeoirí atá fóirsteanach | riachtanais uimhearthachta acu nach bhfuiltear ag freastal orthu.<br><br>• Laghdú ó 47% go 20% ar an líon daoine fásta in Éirinn nach bhfuil bunscileanna digiteacha acu.<br><br>(ar lean). | Beidh foirne na Mol Foghlama ag obair le bainisteoirí soláthair chun tacaíocht a chur ar fáil d'fhoghlaimeoirí agus do bhaill foirne le fáil amach cad iad na cásanna inar féidir leas a bhaint as an teicneolaíocht mar áis chabhrach chun foghlaim, litearthacht agus uimhearthacht a fhorbairt. Maille leis sin, tá an rannóg BOaO ag cur Measúnuithe Riachtanas ar fáil d'fhoghlaimeoirí a bhfuil Deacrachtaí Foghlama acu nó atá Faoi Mhíchumas, a chabhróidh leosan agus le cleachtóirí ábhartha foghlama díriú ar straitéisí foghlama agus teagaisc faoi leith le go n-éireoidh leo sa litearthacht agus san uimhearthacht.<br><br>Pobal Cleachtais a thabhairt isteach chun infheictheacht scileanna teanga, litearthachta, uimhearthachta agus digiteacha a ardú faoi mar a bhaineann siad sin le hábhar cúrsaí, le hábhar foghlama, le |

| | | | |
|---|---|---|---|
| | d'ábhar agus do leibhéal an chúrsa a bhfuil siad air. Moltar an Dearadh Uilíoch don Fhoghlaim a úsáid agus tá sé le feiceáil níos minice i gcás cúrsaí a dhearadh, a chur i láthair, a mheasúnú agus sa dul chun cinn a dhéantar. Dá bharr sin, i gcás dearadh, ábhar, modheolaíochtaí agus struchtúir chumarsáide cúrsaí, bítear ag tacú leis an bhFoghlaim Dhifreálach mar fhreagairt ar an difear a bhíonn ann ó thaobh taithí de ó fhoghlaimeoir go foghlaimeoir.<br><br>Beidh BOO Luimnigh agus an Chláir ag plé go leanúnach le gníomhaireachtaí eile chun an méid atá ar fáil a chur chun cinn agus daoine a chur ar an eolas faoi. Bainfear triail as modhanna trína mbainfear na constaicí a bhacann daoine ó bheith páirteach. In 2022, rachaidh an BOO i gcomhar le páirtithe ábhartha ar bhonn leanúnach. Tugadh isteach próiseas nua gnó i Ráithe 4, 2021. Tá sé beartaithe ag an BOO cur leis sin in 2022. Leis sin a dhéanamh, táthar chun tacú leis an bhfoghlaim phobalbhunaithe do dhaoine fásta agus le réimse leathan grúpaí ar fud an réigiúin teacht ar sholáthar foghlama ina bpobal féin, agus an méid sin a éascú. Tabharfar deis do Chomhpháirtithe Pobail a léiriú go bhfuil suim acu a bheith mar chomhpháirtithe ar ár suíomh gréasáin https://lcetb.ie/communities/. Déanfar é sin a chur chun cinn i gcaitheamh 2022. | | gníomhaíochta agus le cúrsaí measúnaithe.<br><br>An méid atá ar fáil a chur chun cinn agus daoine a chur ar an eolas faoi. Triail a bhaint as modhanna trína mbainfear na constaicí a bhacann daoine ó bheith páirteach. |
| | Tá Clár na hÉireann um Dhídeanaithe a Chosaint á threorú ag meitheal idirghníomhaireachta ar a bhfuil an tÚdarás Áitiúil, an Roinn Coimirce Sóisialaí, an Bord Oideachais agus Oiliúna, an Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach (TUSLA), an Garda Síochána, Coiste an Chontae i gCúram Leanaí, Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte, an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais, agus Respond | Déanfar faireachán agus léiriú ar fheidhmíocht agus dul chun cinn in 2022 trí thagairt do na nithe seo a leanas:<br><br>Cuirfear creat nua faoi choinne BCTE agus Foghlaimeoirí Imirceacha ar bun mar thacaíocht chun teagasc, foghlaim agus measúnú ionchuimsitheach | A chinntiú go mbítear ag freastal ar na riachtanais atá ag spriocghrúpa tosaíochta, is iad sin imircigh agus dídeanaithe, i gcás an pholasaí rochtana, aistrithe agus dul |

| | | | |
|---|---|---|---|
| | (Support) CTR. An toradh a bhíonn ar chomh-oibriú idirghníomhaireachta mar sin ná go dtugtar go leor tacaíochta do theaghlaigh agus iad ag tabhairt faoi imeascadh.<br><br>Ó Mheán Fómhair 2021, tá ceithre theaghlach tar éis lonnú i Sionainn agus trí cinn in Inis mar chuid den Chlár Athlonnaithe Dídeanaithe.<br><br>Tá Croíscileanna in Inis agus i Sionainn ag obair go dlúth leis na hoibrithe athlonnaithe atá freagrach as cuidiú leis na teaghlaigh seo lonnú i measc na bpobal a bhfuil siad iontu. Maille leis sin, tá tionscnaimh éagsúla ar fáil don ghrúpa seo foghlaimeoirí mar chuid de chistiú agus/nó tionscadail eile (CTIC/BCTE/TI).<br><br>Bhí 137 foghlaimeoir ann in 2021 in 17 ngrúpa.<br><br>Cuirfear níos mó de sin ar fáil in 2022. Mar thús, beidh Litearthacht BCTE bunaithe ar théamaí ann le scileanna teanga a fhorbairt ar bhealach praiticiúil. Déanfar 6 uair an chloig de sholáthar teanga ar a laghad a thairiscint do gach foghlaimeoir gach seachtain. Déanfar clár nua, Conairí ón Scoil chun an BOaO a fhorbairt faoi choinne Foghlaimeoirí Iar-Bhunscoile Imirceacha ón bhfómhar, 2022. Beidh siad ag teacht as Tionscadal an Chiste Tearmainn, Imirce agus Comhtháthaithe agus ag dul i dtreo ceachtanna príomhshrutha. | éifeachtach a phleanáil agus a sholáthar d'Fhoghlaimeoirí Imirceacha atá ag tabhairt faoi réimse leathan cúrsaí BOaO, BCTE ina measc.<br><br>Sa chreat seo, clúdófar na nithe seo a leanas:<br>• Pleanáil Soláthair<br>• Rochtain agus measúnú tosaigh<br>• Measúnú agus Creidiúnú,<br>• Forbairt Curaclaim agus Ábhar<br>• Forbairt Foirne | chun cinn atá ag an ngrúpa seo.<br>Agus na cúrsaí atá ar fáil á bpleanáil agus á bhfógairt, caithfear riachtanais treorach agus rochtana a mheas.<br><br>Tacaíocht agus comhairle a chur ar fáil do dhídeanaithe a bhfuil sé de cheart acu a bheith ag obair.<br><br>Tacaíocht a thabhairt do Chlár Athlonnaithe Dídeanaithe na Roinne Dlí agus Cirt. Ba chóir BCTE agus Litearthacht d'Aosaigh a chur ar fáil ar leibhéil a bheadh ag teacht le riachtanais an ghrúpa seo. |
| 1.2 A chinntiú go gcoinnítear na caighdeáin | Tabharfaidh **Rannóg Scoileanna** an BOO tacaíocht leanúnach don fhoghlaim, idir tacú le scoileanna san fhóram do Phríomhoidí agus Leas-Phríomhoidí, an | Déanfar faireachán agus léiriú ar fheidhmíocht agus dul chun cinn in 2022 trí thagairt do na nithe seo a leanas: | Moltaí na dTuairiscí Cigireachta Scoile a chur i bhfeidhm ina n-iomláine. |

| | | | |
|---|---|---|---|
| oideachasúla, oiliúna agus eiticiúla is airde i scoileanna agus campais Bhreisoideachais agus Oiliúna na heagraíochta trí chéile. | Grúpa Comhairleach ar an bhféinmheastóireacht agus an dearbhú cáilíochta a áirithiú le go mbeidh ardchaighdeáin le fáil sa teagasc agus san fhoghlaim. Tacóidh Foireann Tacaíochta na Rannóige ionas go gcuirfear i ngníomh go leanúnach an tionscnamh Ceannaireacht ar Fheabhsú Scoileanna agus tionscnamh na gCeannairí Curaclaim in 2022, rud a chuirfidh ar chumas ár scoileanna plé go gníomhach le féinmheastóireacht, Pleananna Feabhsaithe Scoile agus pleanáil DEIS. Ar na bearta atá le cur i gcrích in 2022 tá:<br>1. An Próiseas Féinmheastóireacht Scoile a Chur i bhFeidhm.<br>2. Tacú le hullmhú le haghaidh Meastóireachtaí Scoile Uile (MSU) agus measúnachtaí ábhair tríd an tionscnamh um Múinteoireacht agus Foghlaim a Stiúradh.<br>3. Comhar gairmiúil múinteoirí a chur chun cinn tríd an tionscnamh Múinteoireachta agus Foghlama a Stiúradh.<br>4. Déanfar cruinnithe a eagrú do scoileanna fosta le Cigireacht na Roinne Oideachais ina bpléifear samhlacha dea-chleachtais.<br>5. Ceannairí ar son Ghlór na nDaltaí a bhunú i ngach scoil BOO ar fud Luimnigh agus an Chláir agus Cairt Daltaí a dhaingniú do gach dalta.<br>Forbairt ghairmiúil a sholáthar do Cheannairí Ghlór na nDaltaí. | • Bualadh le Comhordaitheoirí agus Príomhoidí i scoileanna.<br>• Rannpháirtíocht agus gníomhaíocht faoin Tionscnamh Foghlama agus Múinteoireachta agus Measúnaithe, lena n-áirítear:<br>• Líon na gcruinnithe agus imeachtaí in 2022.<br>• Méid áirithe tionscnaimh chomhoibríocha.<br>• Cruinnithe le Comhairlí Mac Léinn ar fud BOOnna.<br>• Comhairlí Mac Léinn le labhairt le linn cruinnithe de Bhoird Bhainistíochta. | Fianaise go ndearnadh agus gur roinneadh an dea-chleachtas ar fud ár scoileanna.<br>Anailís ar na torthaí Ardteistiméireachta agus bearta ceartaitheacha. |
| 1.3 Freagairt do riachtanais phearsanta, acadúla, shóisialta, eacnamaíocha agus infhostaitheachta | I gcomhréir le Fóram Scileanna Réigiúnach an Mheán-Iarthair (FSRMI), an Straitéis Scileanna Náisiúnta agus an Plean Gníomhaíochta le haghaidh post, tá **Seirbhís Tacaíochta um Rannpháirtíocht Fiontar (EESS)** bunaithe ag Rannóg Breisoideachais agus Oiliúna an Bhoird Oideachais agus Oiliúna. I rith 2022, leanfaidh | Déanfar faireachán agus léiriú ar fheidhmíocht agus dul chun cinn in 2022 trí thagairt do na nithe seo a leanas:<br>• Is é Foireann Feidhmiúcháin na Seirbhíse Tacaíochta um Rannpháirtíocht Fiontar a | Anailís ar thorthaí na gníomhaíochta um rannpháirtíocht fiontraíochta. |

| | | | |
|---|---|---|---|
| shainaitheanta ár bpáirtithe leasmhara. | an tSeirbhís Tacaíochta um Rannpháirtíocht Fiontraíochta d'obair i gcomhar le réimse leathan páirtithe leasmhara, fostóirí agus foghlaimeoirí d'fhonn rannpháirtíocht fostóirí a mhéadú idir an Bord Oideachais agus Oiliúna agus comhlachtaí amhail FSRMI, Comhlachais Tráchtála, Oifigí Fiontair Áitiúla (OFÁnna), Cónaidhm Ghnólachtaí agus Fhostóirí na hÉireann (IBEC), an tÚdarás Forbartha Tionscail (ÚFT) agus an Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí. Fágfaidh sé sin go mbeidh an Bord Oideachais agus Oiliúna in ann dul i ngleic le sainriachtanais oiliúna agus cláir shaincheaptha a dhearadh de réir mar is gá.<br><br>I rith 2022, déanfaidh an tSeirbhís Tacaíochta um Rannpháirtíocht Fiontar an méid seo a leanas:<br>• Leanúint dá ballraíocht i bhFóram Scileanna Réigiúnach an Iarthair Láir.<br>• Leanúint de chinntiú go gcuirtear riachtanais tionscail in oiriúint do sholáthraithe oideachais trí ionadaíocht an Bhoird Oideachais agus Oiliúna sna Comhlachais Tráchtála, i bhFóram Scileanna Réigiúnach an Lár-Iarthair, in OFÁnna, in EI agus in IBEC.<br>• Leanúint de ghrúpaí cnuasaigh tionscail a fhorbairt san Iarthar Láir, is é sin, Fáilteachas agus Turasóireacht, Innealtóireacht, TF, Miondíol.<br>• Obair i gcomhar le 'Luimneach ar mhaithe leis an Innealtóireacht', chun nasc díreach a sholáthar le fostóirí, agus iad ag iarraidh píblíne printíseach, teicneoirí agus innealtóirí a fhorbairt chun freastal ar shainriachtanais na hearnála innealtóireachta san Iarthar Láir. | dhéanfaidh torthaí na Gníomhaíochta um Rannpháirtíocht Fiontair in 2022 a bhainistiú agus a mhonatóiriú.<br>• Forbrófar cláir nua in 2022 chun freagairt do riachtanais na ngrúpaí cnuasaigh tionscail – go háirithe sna réimsí Innealtóireachta, TF, Miondíola, agus Fáilteachais agus Turasóireachta. | Clár Explore nua a sholáthar i gcomhar le FSRMI.<br><br>Soláthar clár chun freagairt do na riachtanais a bhíonn ag braislí san earnáil tionsclaíochta:<br>• Cúrsa oiliúna - Teicneolaíocht Mótarfheithiclí Earraí Troma<br>• Cúrsa oiliúna - Tiománaí Gairmiúil Feithiclí Earraí Troma<br>• Meicneoir r-Rothar<br>• Oiliúint sábháilteachta maidir le hidreacarbóin<br>• Teagascóir tiomána ceadaithe ag an Údarás um Shábháilteacht ar Bhóithre<br>• Cúrsa oiliúna - Máistir Báid Oibre<br>• Cúrsa oiliúna - Dearadh Façade<br>• Cúrsa oiliúna - Déantúsaíocht Leictreonaice |

| | | | |
|---|---|---|---|
| | • Feasacht bhreise ar chustam a thabhairt isteach, chomh maith le hoiliúint ar imréiteach custam ar leibhéal níos airde le haghaidh ball foirne sa rannóg lóistíochta, de réir mar a éiríonn impleachtaí Brexit níos soiléire i rith 2022.<br>• Bonn scileanna fostaithe a threisiú i réimse an Fháilteachais, na Turasóireachta agus an Áineasa trí Champas Fáilteachais an Choláiste Breisoideachais agus Oiliúna agus trí sholáthar eile chun cuid mhaith tionscnamh a sholáthar in 2022.<br>• Páirt a ghlacadh chun Bainistíocht Caidreamh Custaiméirí (CRM), is é sin Forbairt Straitéiseach Rannpháirtíochta Fostóirí (SEED), a fhorbairt le BOO Mhaigh Eo, Shligigh agus Liatroma. | (ar lean). | • Teicneolaíocht Scileanna Cothabhála<br>• Bealaí chun Printíseachta – Gruagaireacht, Scileanna Cócaireachta, Cuntasaíocht<br>• An Phrintíseacht Gruagaireachta Náisiúnta<br>• Eolaíocht Spóirt<br>• Eolaíocht agus Staidéar Comhshaoil<br>• Eispéireas an chustaiméara<br>• Mná agus Códú<br>• Gradam Inbhuanaitheachta SOLAS<br>• Conairí chun gairm bheatha Amuigh faoin spéir<br>• Oideachas Allamuigh d’fhoghlaimeoirí BOaO<br>• Oideachas Allamuigh Pobail |

| | | | |
|---|---|---|---|
| 1.4 Forbairt an duine aonair mar dhuine iomlán a chothú chun a acmhainneacht a uasmhéadú ag gach céim den phróiseas foghlama. | Beidh **Rannóg Scoileanna** an Bhoird Oideachais agus Oiliúna ag obair lena chinntiú go mbeidh foghlaim, teagasc, measúnú agus soláthar folláine ar an gcaighdeán is airde ar fáil in 2022. Ar na tionscnaimh ar leith atá ann le haghaidh 2022, tá na cinn seo a leanas:<br>1. Gheobhaidh scoileanna tacaíocht arís ó na Grúpaí Braisleacha agus ó na Grúpaí Comhairleacha a bunaíodh in 2020 chun comhairle a chur maidir leis an dea-chleachtas agus straitéisí éifeachtacha le go mbeidh taithí níos fearr ag mic léinn.<br>2. Obair i gcomhar le Fóram Scileanna Réigiúnach an Iarthair Láir chun an chomhpháirtíocht a fheabhsú idir scoileanna agus na hearnálacha gnó agus tionscail agus an pobal taighde.<br>3. Obair i gcomhpháirt leis an Roinn Oideachais agus leis na ceithre scoil BOO chun Céim 1 den Chorpoideachas nua don tSraith Shinsearach a chur i bhfeidhm.<br>4. A chinntiú go bhfuil scoileanna eile ag déanamh réidh chun Corpoideachas, Ríomheolaíocht, agus Polaitíocht agus an tSochaí Ardteistiméireachta a thairiscint don tSraith Shinsearach.<br>5. Leanúint ar aghaidh leis an tacaíocht in dhá iar-bhunscoil de chuid an Bhoird Oideachais agus Oiliúna inar tugadh isteach an Ríomheolaíocht in 2021 mar ábhar Ardteistiméireachta.<br>6. Leanúint ar aghaidh leis an obair le Roinn an Oideachais in Ollscoil Luimnigh chun teacht ar Mheabhrán Tuisceana idir Roinn an Oideachais in Ollscoil Luimnigh agus Bord | Déanfar faireachán agus léiriú ar fheidhmíocht agus dul chun cinn in 2022 trí thagairt do na nithe seo a leanas:<br>• Tuarascálacha ó na Grúpaí Braisleacha agus Grúpaí Comhairleacha maidir le tionchar na n-imeachtaí braisleacha arna n-eagrú do scoileanna.<br>• Cruinnithe le Príomhoidí agus Leas-Phríomhoidí.<br>• Cuairteanna scoile agus comhráite le Foirne Tacaíochta do Scoláirí.<br>• An líon scoláirí a ghlacfaidh páirt sa Chlár Corpoideachais don tSraith Shinsearach.<br>• An líon scoláirí a dhéanfaidh an Eolaíocht Ríomhaireachta mar ábhar Ardteistiméireachta in 2022.<br>• Meabhrán Tuisceana a fhorbairt leis an Roinn Oideachais in Ollscoil Luimnigh in 2022.<br>• Aiseolas ó na Boird Bhainistíochta maidir leis an gcur i láthair do na Boird. | Méadú ar an líon scoláirí arna nglacadh páirt sa Chorpoideachas, sa Ríomheolaíocht agus sa Pholaitíocht agus Sochaí mar ábhar Ardteistiméireachta sa tSraith Shinsearach sa scoilbhliain 2022/23. Tuiscint shoiléir a bheith ag baill den Bhord Bainistíochta i scoileanna ar an Teagasc, Foghlaim agus Measúnú i scoileanna de chuid Bhord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir.<br>**2**<br><br>(ar lean). |

| | | | |
|---|---|---|---|
| | Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir.<br>7. Is ar bhonn an phróisis FMS, atá nasctha leis an gcreat cáilíochta CCBS, a chuirfear beartais éagsúla náisiúnta i bhfeidhm, agus léireofar meas iontu ar gach pobail scoile.<br>8. Comhpháirtíocht le hAcadamh na nEolaíochtaí Sláinte in Ollscoil Luimnigh chun feasacht a ardú ar chúrsaí folláine.<br>9. Cur i láthair don Bhord Bainistíochta i ngach scoil ar na bunluachanna a bhaineann leis an Teagasc, Foghlaim agus Measúnú sna scoileanna. | | |
| | Mar BOO, táimid réamhghníomhach sa chur chuige atá againn i leith deiseanna uasoiliúna agus athoiliúna a chur ar fáil. Bímid ag obair i gcomhar le réimse leathan grúpaí agus eagraíochtaí pobail chun díriú orthu siúd atá dífhostaithe go fadtéarmach agus ar dhaoine atá leochaileach go socheacnamaíoch, iad siúd a fhágann an scoil go luath mar shampla, agus a bhfuil baol ina leith go mbeidh siad dífhostaithe go fadtéarmach amach anseo.<br><br>**1. Croíscileanna a leabú sa BOaO go léir go leanúnach**<br><br>Tá an t-ullmhúchán do ghairmeacha, litearthacht, uimhearthacht, cumarsáid, obair bhuíne agus éifeachtacht phearsanta leabaithe i ngach cúrsa. Déanann oibrithe pobail agus cásoibrithe leis an RCS foghlaimeoirí a roghnú do na cúrsaí seo. Bímid ag obair i gcomhar le rannóg athnuachana Chomhairle Cathrach Luimnigh agus bímid ag plé le fostóirí mar | Déanfar faireachán agus léiriú ar fheidhmíocht agus dul chun cinn in 2022 trí thagairt do na nithe seo a leanas:<br><br>• Athbhreithniú ar CTFC agus monatóireacht a dhéanamh ar thuairiscí ar dhul chun cinn.<br><br>• Gníomhaíochtaí comhtháthaithe teanga, litearthachta agus uimhearthachta ar fud dá bhfuil ar fáil againn.<br><br>• Caidreamh idirghníomhaireachta le réimsí gníomhaireachtaí, trí scoileanna, RCS, Turas Nua, Comhairlí Contae agus Grúpaí Forbartha.<br><br>• Déanfar an Creat Meabhairshláinte agus Folláine don Fhoghlaimeoir i | Comhaontú Feidhmíochta Straitéisí<br><br>Forbairt ghairmiúil, Feabhra 2022: Litearthacht a Chomhtháthú; TBCTE; Dearadh Uilíoch don Fhoghlaim<br><br>Seirbhís chomhtháite an Tionscnaimh Meantóireachta Foghlaimeoirí in ocht *8) gcinn d'ionaid Ógtheagmhála an BOO. 100 ball foirne agus 267 foghlaimeoir páirteach. |

| | | | |
|---|---|---|---|
| | chuid dár Rannpháirtíocht Fostóirí agus Seirbhísí Tacaíochta chun socrúcháin oibre agus deiseanna fostaíochta a aimsiú dár bhfoghlaimeoirí.<br><br>**2. In 2022**, déanfar an Creat Meabhairshláinte agus Folláine don **Fhoghlaimeoir BOaO** a fhorbairt.<br><br>**3. Tionscnamh Meantóireachta Foghlaimeoirí**<br><br>Tá cistiú faighte leis an raon tacaíochta a bhíonn ar fáil de ghnáth tríd an Tionscnamh um Riachtanais Speisialta Oideachais a leathnú chuig gach ceann de na hocht (8) nIonad Ógtheagmhála. Is é is aidhm don chlár cuidiú leo siúd atá páirteach air a chuid scileanna agus inniúlachtaí a fhorbairt agus conairí chun fostaíochta a fhiosrú.<br><br>Tá an Tionscnamh Meantóireachta Foghlaimeoirí á thacú ag an ciste na Seirbhíse Tacaíochta um Ionchuimsiú Gníomhach agus ag an tSeirbhís Tacaíochta um Fhorbairt Ghairmiúil. Nuair a chuirfear seoladh an tionscnaimh seo i gcrích san earrach in 2022, beifear ag cinntiú go bhfuil seirbhís chomhtháite BOaO don Tionscnamh Meantóireachta Foghlaimeoirí á cur ar fáil ag an BOO sna hocht gcinn d'Ionaid Ógtheagmhála atá ag an mBord. Beidh 100 | Rannóg an BOaO a fhorbairt agus a fhoilsiú.<br><br>• An líon foghlaimeoirí Ógtheagmhála a bhainfidh tairbhe as an Tionscnamh Meantóireachta Foghlaimeoirí.<br><br>(ar lean). | (ar lean).<br><br>(ar lean). |

| | | | |
|---|---|---|---|
| | ball foirne agus 267 foghlaimeoir páirteach ann.<br><br>4. In 2022, tabharfaidh tús áite fós don **Aitheantas Réamhfhoghlama** agus déanfar é sin a fheabhsú tuilleadh. Beidh tacaíocht ina leith sin ó Oifigeach Tacaíochta don aitheantas réamhfhoghlama i Seirbhís Tacaíochta an DC. Beidh oiliúint ann agus déanfar forbairt ar bheartas agus ar nósanna imeachta, etc., trína ndéanfar an cumas eagraíochtúil a fheabhsú. | | |
| 1.5 Seirbhísí ardchaighdeáin faisnéise, treorach agus comhairleoireachta a chur ar fáil, mar aon le seirbhísí tacaíochta do mhic léinn/foghlaimeorí i scoileanna agus campais Bhreisoideachais agus Oiliúna na heagraíochta trí chéile. | Tacóidh **Rannóg Scoileanna** an Bhoird Oideachais agus Oiliúna le scoileanna agus iad ag iarraidh creat treorach scoile uile a fhorbairt, agus cothóidh an rannóg tuilleadh nasc le Breisoideachas agus Oiliúint agus le hinstitiúidí tríú leibhéal trí Fhóram na dTreoirchomhairleoirí (a bunaíodh i nDeireadh Fómhair 2019). Ar na bearta atá le cur i gcrích in 2022 tá:<br>1. Forbairt Creata Treorach Scoile Uile. Cuimseofar leis sin na réimsí foghlama seo a leanas:<br>- Féinmheas agus féinchoincheap dearfach a fhorbairt agus a chaomhnú.<br>- Caidreamh éifeachtach a dhéanamh le daoine eile (aghaidh ar aghaidh agus ar líne).<br>- Forbairt agus fás i rith an tsaoil.<br>- Leas a bhaint as straitéisí foghlama pearsanta/straitéisí scrúduithe éifeachtacha.<br>- Roghanna oideachasúla a dhéanamh de réir uaillmhianta gairmréime. | Déanfar faireachán agus léiriú ar fheidhmíocht agus dul chun cinn in 2022 trí thagairt do na nithe seo a leanas:<br>1. Athbhreithniú ar an gCreat Treorach Scoile Uile faoi dheireadh 2022.<br>2. An líon imeachtaí agus cruinnithe den Fhóram Treoirchomhairleoirí in 2022.<br>3. An líon Treoirchomhairleoirí atá páirteach in imeachtaí an Fhóraim Treoirchomhairleoirí in 2022.<br>4. An líon tionscnamh/acmhainní a fhorbrófar in 2022.<br>5. Cruinnithe ag Treoirchomhairleoirí agus deiseanna forbartha gairmiúla dóibh in 2022. | Creat Treorach Scoile seanbhunaithe.<br>Freastal maith agus rannpháirtíocht mhaith ag Fóram na dTreoirchomhairleoirí.<br>Fianaise ar thionscnaimh/acmhainní nua a fhorbairt |

| | | | |
|---|---|---|---|
| | - Úsáid chuí a bhaint as eolas agus acmhainní a bhaineann le gairmréimeanna.<br>- Saol na hoibre agus róil sa saol a thuiscint.<br>- Forbairt gairme a bhainistiú agus cinnteoireacht faoi chúrsaí gairme.<br>- Tacaíocht agus forbairt leantach an Fhóraim nuabhunaithe Treoirchomhairleoirí. | (ar lean). | (ar lean). |
| | Déanfaidh **Rannóg Scoileanna** an BOO straitéisí agus acmhainní teagaisc agus foghlama a fhorbairt chun an fhoghlaim neamhspleách agus foghlaim chomhoibríoch a chur chun cinn do dhaltaí ina scoileanna. Leis sin a dhéanamh, cuirfear deiseanna don líonrú gairmiúil chun cinn do bhaill foirne ar fud Luimnigh agus an Chláir.<br><br>Déanfaidh an Rannóg Scoileanna forbairt leanúnach ar acmhainní agus bearta tacaíochta le gur féidir scoileanna iad a úsáid ag leibhéal na scoile chun dul i ngleic leis an mbaol go mbeadh míbhuntáiste oideachasúil ann.<br>Tabharfar tacaíocht leanúnach do scoileanna, is é sin oiliúint d'Fhoirne Tacaíochta do Scoláirí i ngach scoil chun cuidiú le daltaí a bheadh i mbaol.<br>Beidh an Rannóg Scoileanna ag obair leis an Roinn Oideachais, leis an Roinn Sláinte agus le Ranna eile in 2022 chun moltaí an Tascfhórsa Náisiúnta ar Mheabhairshláinte na hÓige, an Tionscadal 'Pathfinder' agus an Straitéis 'Connecting for Life' (2015–2021) a chur i bhfeidhm. | Déanfar faireachán agus léiriú ar fheidhmíocht agus dul chun cinn in 2022 trí thagairt do na nithe seo a leanas:<br>• Cruinnithe ag Príomhoidí agus Leas-Phríomhoidí leis an dea-chleachtas a chur chun cinn.<br>• Cruinnithe athbhreithnithe le Foirne Tacaíochta do Scoláirí mar chuid de chruinnithe rialta Fhóram na bhfoirne sin.<br>• Suirbhéanna ar scoileanna.<br>• Cruinnithe le foireann 'Connecting for Life' an FSS. | Suirbhéanna ar chomhordaitheoirí na Foirne Tacaíochta do Scoláirí.<br>Fianaise ar chur i bhfeidhm mholtaí an Straitéis an Tascfhórsa Náisiúnta ar an Meabhairshláinte (2015-2021), srl.<br>Athbhreithniú ar an dul chun cinn le foireann 'Connecting for Life' an FSS. |
| | Is é is aidhm do **Sheirbhís Treorach Tacaíochta Eolais, Earcaíochta agus Treorach** BOaO an BOO ná a chinntiú gur cuid lárnach iad an t-eolas agus an | Déanfar faireachán agus léiriú ar fheidhmíocht agus dul chun cinn in 2022 trí thagairt do na nithe seo a leanas: | Taifead ar an líon daoine atá ag fáil seirbhísí |

| | | | |
|---|---|---|---|
| | treoir de phleanáil agus chur i bhfeidhm uile an tsoláthair BOaO. Leanfaidh foirne FET (Faisnéis, Earcaíocht agus Treoir) BOaO an BOO d'obair le foghlaimeoirí in 2022 chun conairí dul chun cinn a fhorbairt agus chun dul i ngleic le ceisteanna de réir mar a thagann siad aníos.<br><br>Táthar tar éis moil eolais a oscailt i Luimneach agus in Inis. Ar ár láithreán gréasáin BOaO [http://learningandskills.ie/contact/](http://learningandskills.ie/contact/) déantar foghlaimeoirí a threorú chuig spás tairsí inar féidir leo coinní a chur in áirithe/ceisteanna a chur, agus tá uimhir shaorghlao 1800 70 70 77 ann freisin d'fhoghlaimeoirí agus don phobal i gcoitinne. Bunaithe ar Chreat Straitéiseach 2021 – 2025 na Seirbhíse Tacaíochta Faisnéise Earcaíochta & Treorach, beidh na nithe seo a leanas mar chuid den obair is tábhachtaí a dhéanfar in 2022:<br><br>• Cruinnithe faisnéise le haghaidh Treoirchomhairleoirí.<br>• Feachtais mhargaíochta ar na meáin shóisialta chun daoine a threorú chuig cúrsaí BOaO<br>• Rinneadh comhairle agus eolas ar líne a thairiscint do chách a chuir ceist;<br>• Naisc níos fearr arís idir an tSeirbhís Tacaíochta Faisnéise, Earcaíochta agus Treorach agus daoine atá páirteach ar chláir de chuid Scileanna le dul chun cinn a dhéanamh.<br>• Obair a dhéanamh le Comhpháirtíocht PAUL chun athbhreithniú a dhéanamh ar an soláthar Treorach ar fud Chathair Luimnigh agus i gcomhar le SICAP.<br>• Naisc níos fearr le 19 scoil de chuid an BOO | • Coinneofar taifead den líon daoine in 2022 a bhainfidh leas as Seirbhísí Tacaíochta Faisnéise, Earcaíochta agus Treorach ar bhonn duine le duine.<br>• Coinneofar taifead den líon daoine in 2022 a bhainfidh leas as treoir a chuirfear ar fáil i ngrúpaí le teacht ar Sheirbhísí Tacaíochta Faisnéise, Earcaíochta agus Treorach. | tacaíochta faisnéise, earcaíochta agus treorach.<br><br>(ar lean). |

| | | | |
|---|---|---|---|
| | Tairseach amháin chun freastal ar roghanna na Lár-Oifige Iontrála agus ar roghanna Breisoideachais Seoladh an tairseach ar an 5 Samhain. Táthar ag súil go mbeidh an meas céanna ar gach rogha staidéir dá bharr agus go gcuirfear ar a gcumas do scoláirí iarratas a dhéanamh go díreach ar chúrsaí ardoideachais agus breisoideachais. Tá BOO Luimnigh agus an Chláir i ndiaidh glacadh go han-dearfach leis an tionscadal seo. Tá thart ar 720 cúrsa ar fáil ag an mbord faoi láthair trí chóras na Lár-Oifige Iontrála i réimse leathan disciplíní. Treoirthionscadal atá anseo ach is dócha go ndéanfar é a leathnú go gclúdófar gach ceann dár gcuid cúrsaí an bhliain seo chugainn. Dá bharr, déanfar ainm na gcúrsaí breisoideachais agus na bprintíseachtaí a chur in airde, ní hamháin i Luimneach agus sa Chlár ach ar fud na tíre. | (ar lean). | (ar lean). |
| 1.6 Cultúr foghlama fadsaoil a chur chun cinn trí luach an oideachais fhoirmiúil agus neamhfhoirmiúil a aithint, lena n-áirítear oideachas allamuigh agus ceoil agus ról claochlaitheach na hOibre don Óige inár bpobail. | Beidh an **Rannóg Scoileanna** agus an **Soláthar Oibre don Óige** ag iarraidh a chinntiú go mbíonn teacht ag daoine óga ar fud an réigiúin ar obair ardchaighdeáin don óige. Seo mar a bhainfear an méid sin amach:<br>• Cur leis an bpróiseas don Fheabhsú Leanúnach i gcás na scéime cistithe spriocdhírithe mar chuid de UBU Do Spás Do Áit, tacú le cur chun feidhme an phróisis sin agus monatóireacht a dhéanamh air.<br>• Tacaíocht a thabhairt le go gcuirfear i bhfeidhm Caighdeáin Cháilíochta le haghaidh Grúpaí Oibre Óige faoi stiúir Oibrithe Deonacha. | Déanfar faireachán agus léiriú ar fheidhmíocht agus dul chun cinn in 2022 trí thagairt do na nithe seo a leanas:<br>• Tacú le heagraíochtaí chun obair ardchaighdeáin don óige a chur ar fáil faoin bpróiseas don Fheabhsú Leanúnach mar chuid de na scéimeanna sonraithe arna mbainistiú ag an BOO.<br>• Cruinnithe de Ghrúpa Comhordaithe na hOibre don Óige sa Cheannoifig.<br>• Fianaise ar riar na Scéime Deontais do Chlubanna Óige Áitiúla le haghaidh Clubanna Óige faoi stiúir Oibrithe Deonacha in 2022.<br>• Cruinnithe le clubanna agus grúpaí a bhainfidh leas as Scéim Deontais | An Creat um Chaighdeáin Cháilíochta Náisiúnta agus na Caighdeáin Cháilíochta Náisiúnta do Ghrúpaí Óige faoi stiúir Oibrithe Deonacha a chur chun feidhme, agus iad a chomhlíonadh.<br>Fianaise den tacaíocht a soláthraíodh do Choiste Oibre don Óige an Bhoird Oideachais agus Oiliúna.<br>Athbhreithniú doiciméadaithe ar dhul chun cinn d'fhonn an Plean Oibre don Óige a chur chun feidhme. |

| | | | |
|---|---|---|---|
| | | Clubanna Óige 2022 maidir le creat na gCaighdeán Cáilíochta a chur chun feidhme.<br>• An líon cruinnithe ag an gCoiste Oibre don Óige in 2022. | |
| | Bhí Rannóg Scoileanna Bhord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir ar thrí Bhord Oideachais agus Oiliúna píolótacha ar fud na tíre a fuair cistiú don Óige Ildánach faoin gclár Éire Ildánach. Ba é sprioc na comhpháirtíochta seo réimse leathan acmhainní a chomhcheangal chun deiseanna cruthaitheacha lasmuigh den scoil a sholáthar do leanaí agus do dhaoine óga, a bheadh ag teacht le timpeallachtaí scoile foirmiúla agus a bheadh in oiriúint dóibh sin.<br>Seoladh an chéad phlean straitéiseach in 2021 inar leagadh amach cuspóirí agus gníomhartha atá bunaithe ar Phlean Oibre don Óige Bhord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir 2018–2021, mar aon leis an bPlean Óige Ildánaí, ina n-aithnítear 'go gcuirtear folláine aonair, pobail agus náisiúnta chun tosaigh mar thoradh ar ghníomhaíocht chultúrtha agus chruthaitheach'<br>Le linn 2022, déanfaidh Comhordaitheoir na Comhpháirtíochta Óige Ildánaí, thar ceann an BOO, gníomhaíochtaí cruthaitheacha lasmuigh den scoil a chur ar fáil do pháistí agus do dhaoine óga. Beidh béim faoi leith ar phobail imeallaithe. | Déanfar faireachán agus léiriú ar fheidhmíocht agus dul chun cinn in 2022 trí thagairt do na nithe seo a leanas:<br>• Cláir athbhreithnithe arna gcur i gcrích ar leibhéal áitiúil agus náisiúnta ag an gcomhpháirtíocht áitiúil don Óige Ildánach agus ag Éire Ildánach faoi seach.<br>• An líon imeachtaí Óige Ildánaí Áitiúla a eagrófar in 2022.<br>• An líon páistí agus daoine óga a ghlacfaidh páirt in imeachtaí Óige Ildánaí Áitiúla in 2022.<br>• Comhpháirtíocht le príomhpháirtithe leasmhara agus le heagraíochtaí cómhaoinithe.<br>• Cruinnithe de Choiste Stiúrtha na comhpháirtíochta áitiúla don Óige Ildánach. | Fianaise go bhfuil gníomhaíochtaí ag teacht leis na haidhmeanna sa Phlean Straitéiseach don Chomhpháirtíocht áitiúil le hÓige Ildánach.<br>Fianaise de líon méadaithe páistí agus daoine óga a ghlac páirt in imeachtaí Óige Ildánaí Áitiúla. |
| | In 2022, leanfaidh **Rannóg Scoileanna** an Bhoird Oideachais agus Oiliúna ag obair ar thacaíochtaí agus feasacht a fhorbairt don chorpoideachas le haghaidh scoileanna tríd an dá Ionad Oideachais agus Oiliúna Allamuigh atá againn. Déanfar a chinntiú go dtairgfear deiseanna do scoláirí a bheith gafa leis an rang scoile | Déanfar faireachán agus léiriú ar fheidhmíocht agus dul chun cinn in 2022 trí thagairt do na nithe seo a leanas:<br>• Cruinnithe leis na comhpháirtithe eile i gComhairle Contae an Chláir, in Ionad Mhícíl Cíosóg agus in CLG | Taifead ar an líon scoileanna agus scoláirí atá ag freastal ar chláir Gaisce.<br>Fianaise go bhfuil nasc idir na curaclaim agus na |

| | | | |
|---|---|---|---|
| | allamuigh mar mhodh cumhachtach ar leith don fhoghlaim agus don fhorbairt. Le linn 2022, seo a leanas cuid de na bearta ar leith a bheidh ann:<br>1. An clár "Ag dul go maith" chun CLG a fhorbairt i gcomhar le Comhairle Contae an Chláir agus Ionad Mhícíl Cíosóg le pacáiste a fhorbairt le go mbeidh scoileanna in ann leas a bhaint as tacaíocht folláine.<br>2. Tacú le scoileanna a bheith gafa leis na IBOaOAnna agus iad ag iarraidh cabhair a thabhairt do scoláirí atá ag tabhairt faoi Gaisce (Gradam an Uachtaráin). Is é misean Ghradam an Uachtaráin ná "deiseanna a sholáthar do daoine óga chun barr a gcumais a bhaint amach trí dhúshláin phearsanta, d'fhonn an t-aistriú ó dhuine óg go dtí aosach óg a éascú agus d'fhonn a n-acmhainneacht mar rannpháirtithe sa tsochaí a fheabhsú, chomh maith leis an gcion a dhéanann siad ar mhaithe leis an tsochaí sin."<br>3. Cúrsaí atá nasctha leis an gcuraclam a chur chun tosaigh i scoileanna ar fud an Bhoird Oideachais agus Oiliúna, lena n-áirítear<br>- Foghlaim Allamuigh chun tacú le Corpoideachas agus Folláine.<br>- An Gearrchúrsa Treodóireachta don tSraith Shóisearach a sholáthar don Mheasúnú Rangbhunaithe (MRB) sa Treodóireacht.<br>- Imeacht bliantúil Treodóireachta do Scoileanna.<br>- Comórtas Bollánóireachta do Scoileanna.<br>- Pacáistí cianfhoghlama a chur le chéile do scoileanna chun cláir bhreise | chun forbairt a dhéanamh ar chlár CLG, "Ag dul go maith", san Ionad Oideachais agus Oiliúna Allamuigh, Boirinn.<br>• Líon scoláirí ar scoileanna BOO a fhreastalóidh ar chláir Gaisce sna IBOaOAnna i rith 2022.<br>• Líon scoláirí BOO a fhreastalóidh ar chúrsaí atá nasctha leis an gcuraclam in 2022.<br>• Cruinnithe leis an nGrúpa Comhairleach agus le bainisteoirí IBOaOAnna faoi mhodúil chianfhoghlama a fhorbairt.<br>• Cruinnithe le Bord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir agus le Comhordaitheoirí Idirbhliana Scoileanna Pobail. | cúrsaí do scoileanna atá á dtairiscint ag gach IBOaOA.<br><br>(ar lean). |

| | | | |
|---|---|---|---|
| | bunaithe ar an teoiric a chur ar fáil do scoileanna. | | |
| | Leanfaidh **Rannóg Caipitil agus Soláthair BOOLC** ar aghaidh in 2022 leis an tacaíocht chun an dá Ionad Oideachais Allamuigh atá againn a fhorbairt. Tabharfar tacaíocht chun deiseanna cistithe a aimsiú le hinfheistíocht a dhéanamh i mbonneagar na nIonad agus chun freastal ar riachtanais deisiúcháin agus chothabhála. | Déanfar faireachán agus léiriú ar fheidhmíocht agus dul chun cinn in 2022 trí thagairt do na nithe seo a leanas:<br>• Cúnamh a thabhairt chun Clár um Chaipiteal Spóirt a sholáthar<br>• Cistiú a aimsiú agus leanúint ar aghaidh chun tairisceana le cóiríocht thar oíche do bhaill foirne a fhorbairt. | Infheistíocht i saoráidí an Ionaid agus trealamh a nuashonrú. |
| | Cuirfidh Rannóg an BOaO **ról na foghlama ó thaithí chun cinn** mar chonair i dtreo breisoideachais agus fostaíochta ar bhealaí éagsúla: mar chuid den chlár oideachais allamuigh (Kayak4Dads le daidithe agus mamaithe Taistealaithe in 2022; Croíscileanna an Chláir/SICAP do Thaistealaithe mná ó Bhóthar Childers agus Caladh an Treoigh ina n-úsáidtear ceardaíocht agus cócaireacht le foirne a neartú; cúrsa cúraim capaill do Thaistealaithe fir agus a mic, i gcomhar leis Straitéis Oideachais chun Drugaí a Chosc/FGL Chathair Luimnigh; tionscadal chun carbháin a chur in oiriúint do chúiseanna úra) agus soláthar oideachais ceoil;<br><br>Is ó BOOLC an cathaoirleach ar **Chomhpháirtíocht Foghlama Luimnigh** chun Luimneach a chur chun cinn mar Réigiún Foghlama. I measc na mball, tá ionadaithe ó réimsí éagsúla: Rialtas Áitiúil, Ardoideachas, Breisoideachas agus Oiliúint, Forbairt Áitiúil, Oideachas Pobail, Cultúr agus na hEalaíona, Obair don Aos Óg, Leas Sóisialta, Cúram Leanaí, Imeascadh Eachtrannach, Seirbhísí Meabhairshláinte agus Skillnet Chomhlachas Luimnigh. In 2022, tabharfaidh an chomhpháirtíocht, á treorú ag an BOO, ag Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh, agus ag | Déanfar faireachán agus léiriú ar fheidhmíocht agus dul chun cinn in 2022 trí thagairt do na nithe seo a leanas:<br>• Guth an fhoghlaimeora (tuairimí foghlaimeoirí)<br>• Pleananna leanúnacha féinfheabhsaithe<br>• Athbhreithniú agus Measúnú ar an gcuraclam.<br>• Cathaoirleach ón BOO ar Choiste Luimneach ag Foghlaim<br>• An líon imeachtaí BOO a reáchtálfar do Fhéile Luimneach ag Foghlaim | Curaclam nuálach nua a sholáthar bunaithe ar riachtanais pobal, foghlaimeoirí agus fostóirí<br><br>Beidh Rannóg an BOaO go hiomlán páirteach agus déanfaidh an rannóg Féile Luimneach ag Foghlaim 2022 a chur chun cinn, atá le bheith ann in Aibreán 2022. |

| | | | |
|---|---|---|---|
| | Comhpháirtíocht PAUL, faoi Fhéile nua Foghlama Luimnigh agus le tionscnaimh bhainteacha eile. | | |

| **Sprioc 2 den Chomhaontú Soláthair Feidhmíochta (CSF): Tacaíocht don Fhoireann**<br>Naisc le-><br>**Sprioc 2 de Ráiteas Straitéise Bhord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir, 2017 – 2026: Tacaíocht Foirne agus Forbairt Eagraíochta**<br>Timpeallacht oibre chomhoibríoch, thacúil, chomhbhách, shábháilte agus shláintiúil a chur ar fáil don fhoireann go léir trí bhearta tacaíochta freagrúla ábhartha, cumarsáid oscailte agus beartais agus nósanna imeachta iomchuí a sholáthar, a bhfuil cultúr measa, dínite, comhionannais agus forbartha gairmiúla leanúnaí mar bhonn agus thaca acu.<br><br>Is éard atá i gceist leis seo ná timpeallacht dhearfach oibre a chothú a mbeidh cultúr measa, dínite agus comhionannais ina bhunchloch di. | | | |
|---|---|---|---|
| **Tosaíocht** | **Beart** | **Táscaire Feidhmíochta** | **Sprioc** |
| 2.1 Baill foirne ar an gcaighdeán is airde a mhealladh, a earcú agus a choinneáil, trí straitéisí solúbtha earcaíochta agus ionduchtaithe a fhorbairt. | Oibreoidh **Rannóg Acmhainní Daonna** an BOO chun a chinntiú go mbeidh dea-chleachtas ann i gcás baill foirne a earcú agus a roghnú san eagraíocht ar fad in 2022. Tá na nithe seo mar chuid den phróiseas sin: sonraíocht ardchaighdeáin faoin bpearsa, sainchuntais post, cáipéisíocht don agallóireacht ar bhonn inniúlachta chun tacú leis an bpróiseas agallaimh, beartais earcaíochta agus roghnóireachta agus oiliúint ar bhaill de bhoird agallaimh. | Déanfar faireachán agus léiriú ar fheidhmíocht agus dul chun cinn in 2022 trí thagairt do na nithe seo a leanas:<br>• An líon Comhaltaí Boird nuacheaptha, Bainisteoirí agus daoine a bhfuil baint acu leis an bpróiseas earcaíochta, a bhfuil oiliúint/oiliúint athnuachana ar earcú, roghnú agus agallóireacht ar bhonn inniúlachta á bhfáil acu le linn 2022. Mar chuid de sin, cuirfear oiliúint ar fáil chun ardáin TFC a úsáid má bhíonn agallaimh ar líne ann.<br>• Plean earcaíochta don bhliain 2022 le bheith forbartha ar fud an Bhoird Oideachais agus Oiliúna.<br>• Rinneadh athbhreithniú ar theimpléid Earcaíochta agus Roghnúcháin in 2021 le bheith cinnte go bhfuil an reachtaíocht agus an RGCS á gcomhlíonadh iontu. Déanfar athbhreithniú orthu arís in 2022 i gcomhréir leis an reachtaíocht agus leis an dea-chleachtas. | Oiliúint chuí a chur ar gach ball de bhoird agallaimh.<br>An sainchuntas poist agus an tsonraíocht faoin bpearsa a fhorbairt agus/nó a nuashonrú do bhaill foirne de gach catagóir.<br>Plean earcaíochta comhaontaithe a bheidh in oiriúint do riachtanais foirne TFE, Scoileanna agus BOaO. |

| | | | |
|---|---|---|---|
| | Déanfaidh **Rannóg Scoileanna** an BOO éascaíocht ar imeacht ionduchtaithe (ar líne) go luath i Meán Fómhair 2022 chun cuntas a thabhairt ar na bearta tacaíochta atá ar fáil do mhúinteoirí nuacheaptha agus cúntóirí riachtanais speisialta nuacheaptha chun scoileanna i mBord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir sna réimsí seo:<br>• Straitéisí Teagaisc, Foghlama agus Measúnaithe.<br>• Bearta tacaíochta don Fhorbairt Ghairmiúil ó Bhord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir.<br>• Treoir maidir le straitéisí chun an seomra ranga a bhainistiú.<br>• Foghlaim le cuidiú teicneolaíochta a úsáid.<br>• Folláine.<br>• An fholláine phearsanta agus bearta tacaíochta atá ar fáil ag baill foirne mar chuid den tSeirbhís Cúnaimh d'Fhostaithe atá ag Bord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir. | Déanfar faireachán agus léiriú ar fheidhmíocht agus dul chun cinn in 2022 trí thagairt do na nithe seo a leanas:<br>• Cruinnithe le Príomhoidí agus Leas-Phríomhoidí bunaithe ar thionchar an chláir ionduchtaithe.<br>Suirbhéanna ar bhaill foirne nuacheaptha bunaithe ar fhiúntas an imeacht ionduchtaithe. | Fianaise ar aiseolas ó Phríomhoidí agus ó Leas-Phríomhoidí i scoileanna.<br>An líon daoine a bhíonn ag freastal ar na himeachtaí thuas. |
| 2.2 Beartas ábhartha um fhorbairt ghairmiúil leanúnach a chur i bhfeidhm agus a choinneáil, lena léirítear cuspóirí na heagraíochta agus a tiomantas i leith fhás agus fhorbairt na bhfostaithe. | Cloífidh **Rannóg Scoileanna** an Bhoird Oideachais agus Oiliúna leis an dea-chleachtas i gcónaí i gcás laethanta braislithe a úsáid chun tacú le scoileanna. Cuireadh tús leo sin i Meán Fómhair 2019. Ar na bearta ar leith atá le cur i gcrích in 2022 tá:<br>• Beidh scoileanna ábalta teacht ar chomhairle agus ar thacaíochtaí ar thairseach na scoileanna in StaffCONNECT.<br>• Mar thacaíocht d'fhóram na gCeannairí Digiteacha, beidh deiseanna ann measúnú iomlán a fháil agus scileanna nua a fhoghlaim chun ceannaireacht a thabhairt i gcás | Déanfar faireachán agus léiriú ar fheidhmíocht agus dul chun cinn in 2022 trí thagairt do na nithe seo a leanas:<br>• Líon na mball foirne/scoileanna atá ag fáil comhairle agus tacaíochtaí trí StaffCONNECT agus LCETBSchools.com in 2022.<br>• Líon imeachataí/tacaíochtaí oiliúna a chuirfear ar fáil in 2022 chun tacú le MS SharePoint agus MS Teams.<br>• Forbairt a dhéanamh go leanúnach ar Fhóram Grúpaí Oideoirí Éireann Google in 2022. | Anailís ar úsáid StaffCONNECT, MS SharePoint agus MS Teams, agus na buntáistí a bhaineann lena n-úsáid.<br>Sonraí cáilíochtúla agus cainníochtúla as Féinmheastóireacht Scoileanna agus tuairiscí cigireachta a úsáid leis an teagasc |

| | | | |
|---|---|---|---|
| | tionscnaimh um fhoghlaim dhigiteach ar leibhéal na scoile.<br>• Aon scoileanna a bhaineann leas as MS Office 365, tairgfear tacaíochtaí saincheaptha dóibh chun suíomhanna MS SharePoint a úsáid dá scoileanna agus do MS Teams.<br>• Leanfaidh an Bord Oideachais agus Oiliúna ar aghaidh le fóram Grúpaí Oideoirí Éireann Google a fhorbairt chun tacú le scoileanna ar fud an BOO seo againne agus ar fud na hÉireann.<br>• Tabharfar faoi nuashonrú ar na bearta tacaíochta atá ar fáil chun an dea-chleachtas a chur chun cinn i gcás straitéisí chun an Chianfhoghlaim a úsáid. Déanfar nuashonrú orthu de réir mar is gá.<br>• Aiseolas a thabhairt go rialta do thuismitheoirí na bhfoghlaimeoirí inár scoileanna maidir le dul chun cinn a linbh.<br>• Gach cruinniú idir Tuismitheoirí agus Múinteoirí i scoileanna a aistriú gur cruinnithe físchomhdhála a bheidh iontu. Úsáidfear Zoom, Microsoft Teams nó Google Meets.<br>• Caidreamh a chothú le foghlaimeoirí chun aiseolas a lorg ar ár soláthar agus ár seirbhísí d'fhonn bonn eolais a chur faoina bhfeabhsú agus faoi fhorbairt clár ar bhonn leanúnach. | • Líon scoileanna a bheidh páirteach i bhfóram nua in 2022.<br>• Teagmháil rialta le scoileanna chun bearnaí a aithint ar ghá dul i ngleic leo i scoileanna.<br>• Lá Braisle chun an dea-chleachtas a phlé le Ceannairí Digiteacha i scoileanna.<br>• Suirbhéanna ar Phríomhoidí agus Leas-Phríomhoidí le heolas a fháil faoi chruinnithe ar líne idir Tuismitheoirí agus Múinteoirí.<br>(ar lean). | agus an fhoghlaim inár scoileanna a athbhreithniú agus a fheabhsú.<br><br>(ar lean). |
| | Cinnteoidh **Stiúrthóireacht Tacaíochta agus Forbartha Eagraíochta an BOO** go leanfar de dheiseanna forbartha gairmiúla leanúnaí a thairiscint do bhaill foirne ar gach grád san eagraíocht ina hiomláine in 2022 mar chuid dá bhforbairt ghairmiúil leanúnach. | Déanfar faireachán agus léiriú ar fheidhmíocht agus dul chun cinn in 2022 trí thagairt do na nithe seo a leanas<br>• Líon na mball foirne a bhfuil tacaíocht airgeadais á fáil acu ón gCiste um Fhorbairt Ghairmiúil do Bhaill Foirne in 2022.<br>• Líon na mball foirne a bhfuil deiseanna á dtapú acu ar ardáin timpeallachta fíorúla | Tacú le gach iarratas ábhartha ar chistiú ón gCiste Forbartha Gairmiúla d'Fhoirne. Oiliúint inmheánach chuí a thairiscint de réir mar is cuí. |

| | | | |
|---|---|---|---|
| | | foghlama ar nós Moodle agus CORE University in 2022.<br>• An líon imeachtaí oiliúna do bhaill foirne ar phacáistí bogearraí Seirbhísí Comhroinnte in 2022.<br>• Líon na mball foirne atá ag tabhairt faoi oiliúint RGCS ar Privacy Engine. | Soláthar spriocdhírithe tionscnamh cuí foghlama agus forbartha do chách.<br>Leanúint de thacú le Fóraim inmheánacha sheanbhunaithe sa Rannóg Tacaíochta agus Forbartha Eagraíochta, sna Scoileanna agus sna hIonaid Bhreisoideachais agus Oiliúna. |
| | **Forbairt Ghairmiúil Rannóg BOaO** an BOO:<br>Le linn 2022, soláthróidh an Fhoireann Feidhmiúcháin um Fhorbairt Ghairmiúil deiseanna don fhoireann Breisoideachais agus Oiliúna lena chinntiú go bhfuil siad ag freastal ar riachtanais foghlaimeoirí ar bhonn leas a bhaint as scileanna agus modheolaíochtaí cuí atá suas chun dáta.<br>Ar na bearta atá le cur i bhfeidhm in 2022 tá<br>• Páirt a ghlacadh i gClár Erasmus+ an AE d'fhonn deiseanna a chur ar fáil do bhaill foirne agus d'fhoghlaimeoirí foghlaim i gcomhthéacsanna éagsúla Gairmoideachais agus Gairmoiliúna san Eoraip.<br>• Obair i gcomhar leis na Foirne Feidhmiúcháin, Seirbhísí Corparáide agus Bainisteoirí chun tabhairt faoi anailís ar riachtanais oiliúna chun Féilire Forbartha Gairmiúla 2022 a fhorbairt. | Déanfar faireachán agus léiriú ar fheidhmíocht agus dul chun cinn in 2022 trí thagairt do na nithe seo a leanas:<br>• Líon na mball foirne páirteach san fhorbairt ghairmiúil BOaO.<br>• Líon na mball foirne agus foghlaimeoirí páirteach ar chláir Erasmus+.<br>• Féilire FG BOaO<br><br>(ar lean). | An líon daoine a ghlacann páirt i gcláir Erasmus+ a mhéadú.<br>ARO forbartha agus curtha i bhfeidhm.<br>Plean Gníomhaíochta don Fhoghlaim agus Forbairt Ghairmiúil BOaO forbartha agus curtha i bhfeidhm. |

| | | | |
|---|---|---|---|
| | • Creat SOLAS don Fhoghlaim agus Forbairt Ghairmiúil BOaO a chur chun feidhme in 2022. | | |
| 2.3 Baill foirne a chothú, a chur chun cinn agus a dhreasú chun páirt a ghlacadh i bhforbairt ghairmiúil leanúnach. | Cinnteoidh **Stiúrthóireacht Tacaíochta agus Forbartha Eagraíochta an BOO** go leanfar de dheiseanna forbartha gairmiúla leanúnaí a thairiscint do bhaill foirne ar gach grád san eagraíocht ina hiomláine in 2022 mar chuid dá bhforbairt ghairmiúil leanúnach. | Déanfar faireachán agus léiriú ar fheidhmíocht agus dul chun cinn in 2022 trí thagairt do na nithe seo a leanas:<br>• Líon na mball foirne a bhfuil tacaíocht airgeadais á fáil acu ón gCiste um Fhorbairt Ghairmiúil do Bhaill Foirne in 2022.<br>• Líon na mball foirne a bhfuil deiseanna á dtapú acu ar ardáin timpeallachta fíorúla foghlama ar nós Moodle agus CORE University in 2022.<br>• An líon imeachtaí oiliúna do bhaill foirne ar phacáistí bogearraí Seirbhísí Comhroinnte in 2022.<br>• Líon na mball foirne atá ag tabhairt faoi oiliúint RGCS ar Privacy Engine. | Tacú le gach iarratas ábhartha ar chistiú ón gCiste Forbartha Gairmiúla d'Fhoirne. Oiliúint inmheánach chuí a thairiscint de réir mar is cuí. Soláthar spriocdhírithe tionscnamh cuí foghlama agus forbartha do chách. Leanúint de thacú le Fóraim inmheánacha sheanbhunaithe sa Rannóg Tacaíochta agus Forbartha Eagraíochta, sna Scoileanna agus sna hIonaid Bhreisoideachais agus Oiliúna. |
| | Deiseanna don Fhorbairt Phearsanta in 2022. Ar na bearta atá le cur i bhfeidhm in 2022 tá<br>• Tacaíocht bhreise a chur ar fáil do phríomhoidí agus do leas-phríomhoidí nuacheaptha mar chuid de chlár meantóireachta Cheannairí Scoileanna an BOO.<br>• Próiseas promhaidh i bhfeidhm maidir le gach príomhoide, leas-phríomhoide agus múinteoir i ngach scoil, de bhreis ar Chláir Dearbhaithe | Déanfar faireachán agus léiriú ar fheidhmíocht agus dul chun cinn in 2022 trí thagairt do na nithe seo a leanas:<br>• An líon imeachtaí arna mbeartú in 2022 chun tacú le cruinnithe idir Ceannairí Digiteacha agus Ceannairí Curaclaim.<br>• An líon Comhordaitheoirí Idirbhliana a bhíonn i láthair ar chruinnithe. | Clár inmheánach meantóireachta agus acmhainn ar líne a fhorbairt chun tacú le gach Príomhoide/Bainisteoir Breisoideachais agus Oiliúna nuacheaptha. Acmhainn 'Droichead' a mhéadú sna |

| | | | |
|---|---|---|---|
| | Cáilíochta an Chláir Náisiúnta Ionduchtaithe do Mhúinteoirí.<br>• Oiliúint bhreise agus plean tacaíochta a chur chun feidhme do Cheannairí Curaclaim, do chomhordaitheoirí ar Cheannaireacht ar Fhorbairt na Scoile agus do Cheannairí Digiteacha.<br>• Forbairt leanúnach a dhéanamh ar Fhóram Comhordaitheoirí Idirbhliana chun tacú leis an gclár Idirbhliana.<br>• Múinteoirí a fhorbairt tuilleadh mar cheannairí i réimsí amhail an curaclam, cúrsaí digiteacha, ionchuimsiú agus tacaíocht do scoláirí.<br>• An clár athbhreithnithe ó phlean forbartha gairmiúla do scoileanna na Foirne Tacaíochta a chur chun feidhme, ina n-áireofar:<br>- Tacaíocht do Scoileanna DEIS.<br>- Forbairt Ghairmiúil maidir leis an Éiteas a chur chun cinn i scoileanna.<br>- Acmhainní agus uasoiliúint le haghaidh Ranganna Speisialta.<br>- Clár forbartha gairmiúla do scoileanna, Glór na Scoláirí.<br>- Oiliúint Chomhairle na Scoláirí do Líonra Corpoideachais agus Tacaíochta Folláine scoileanna. | • Líon na mball foirne a ghlacfaidh páirt in imeachtaí forbartha gairmiúla leanúnaí (FGL) in 2022. | scoileanna go léir. |

| | | | |
|---|---|---|---|
| 2.4 Ár luachanna ceannaireachta, cóitseála agus meantóireachta a chothú agus a spreagadh mar chultúr dár bhfoireann go léir. | Tá an struchtúr atá ag an **Tacaíocht agus Fhorbairt Eagraíochta** sa Bhord Oideachais agus Oiliúna ceaptha chun ceannaireacht agus nuáil a chur chun tosaigh i measc baill foirne de gach grád. Le linn 2022, leanfar den chleachtas cruinnithe struchtúrtha foirne rialta a eagrú sna rannóga féin agus ar fud na hearnála. Cuirfear na bearta breise seo a leanas i gcrích in 2022 freisin: Tacú le rannpháirtíocht foirne i bhfóraim, líonraí agus grúpaí oibre náisiúnta éagsúla, rud a éascóidh an deis, beartais agus nósanna imeachta a fhorbairt, chomh maith le dea-chleachtas a bhrú chun tosaigh. | Déanfar faireachán agus léiriú ar fheidhmíocht agus dul chun cinn in 2022 trí thagairt do na nithe seo a leanas:<br>• An líon fóraim náisiúnta a mbeidh foireann an Bhoird Oideachais agus Oiliúna bainteach leo le linn 2022 mar aon le freastal ar imeachtaí.<br>• Acmhainní nua a forbraíodh in 2022 de thoradh ar rannpháirtíocht den chineál thuas. | Leanfaidh an Bord Oideachais agus Oiliúna de bheith ar thóir ceannairí féideartha, agus na daoine sin a spreagadh le tabhairt faoi fhorbairt ghairmiúil chuí.<br>Cur i bhfeidhm seisiún oiliúna, ceardlann agus tacaíochtaí inmheánacha rialta chun ceannaireacht den scoth a chothú. |
| | Tacóidh **Rannóg Scoileanna** an Bhoird Oideachais agus Oiliúna le pobail scoile in 2022 maidir le ceannaireacht agus saineolas a fhorbairt tríd na bearta seo a leanas:<br>- Leanfar de chruinnithe rialta den Fhóram Príomhoidí agus Leas-Phríomhoidí a reáchtáil in 2022.<br>- Soláthrófar tacaíochta chun ceannaireacht roinnte a chur i bhfeidhm ag an leibhéal cuí in 2022, lena n-áirítear Príomhoidí agus Leas-phríomhoidí a bheith páirteach i ngach cruinniú a bhíonn ag Ceannairí Scoile.<br>- Beidh oiliúint ann in 2022 i gcomhair Príomhoidí meantóireachta agus Leas-phríomhoidí le gur féidir leo obair i gcomhar le Príomhoidí agus Leas-phríomhoidí nuacheaptha.<br>- Clár do Cheannairí Meánleibhéil (ar líne) a fhorbairt, a eagrú agus a sholáthar do | Déanfar faireachán agus léiriú ar fheidhmíocht agus dul chun cinn in 2022 trí thagairt do na nithe seo a leanas:<br>• An líon cruinnithe Ceannairí Scoile agus tinreamh ar na cruinnithe sin le linn 2022.<br>• An líon seisiún oiliúna meantóireachta a eagraíodh in 2022 chun tacú le Príomhoidí agus Leas-phríomhoidí nuacheaptha in 2022.<br>• An líon seimineáir ghréasáin do Phríomhoidí Cúnta in 2022.<br><br>(ar lean). | Tacú go leanúnach le Fóram Príomhoidí agus Leas-Phríomhoidí an BOaO.<br>Cultúr líonraithe a bhunú, arna spreagadh faoin gclár meantóireachta.<br>Acmhainní ar líne a fhorbairt le haghaidh meantóirí agus meantaithe.<br>Sraith de sheimineáir ghréasáin do Leas-Phríomhoidí in 2022 a dhearadh, a eagrú agus a chur i láthair.<br><br>(ar lean). |

| | | | |
|---|---|---|---|
| | Leas-Phríomhoidí ar fud líonra na scoileanna i gcomhar le Coláiste Mhuire gan Smál, Durlas.<br>- Grúpa poist a chur le chéile ina mbeidh gach Leas-Phríomhoide chun ábhar ábhartha a chur ar fáil ar cheisteanna ceannaireachta.<br>- Cabhrófar le foirne scoileanna a bheith páirteach i bhFóraim Náisiúnta, lena n-áirítear Líonra Príomhoidí Bhord Oideachais agus Oiliúna Éireann (BOOÉ), an Chomhdháil Oideachais Bhliantúil do Phríomhoidí agus Leas-phríomhoidí agus Clár Ionduchtúcháin BOOÉ do Phríomhoidí agus Leas-phríomhoidí nua. | | |
| 2.5 Plean Gníomhaíochta Comhionannais, Éagsúlachta agus Cuimsithe a chur i bhfeidhm, mar chuid dár nDualgas Earnála Poiblí. | Is gá a chinntiú gur bonn eolais atá sa Tuarascáil Mheasúnachta atá againn a foilsíodh in 2021 agus go ndéanfar í a dhaingniú mar chuid de na príomhphointí i dtráthchlár pleanála agus athbhreithnithe Bhord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir | Déanfar faireachán agus léiriú ar fheidhmíocht agus dul chun cinn in 2022 trí thagairt do na nithe seo a leanas:<br><br>• Déanfar a chinntiú go gcloífear leis an bpróiseas a socraíodh don chur i bhfeidhm ar phríomhphointí i dtimthriall pleanála agus athbhreithnithe Bhord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir. | Déantar athbhreithniú ar an gcáipéisíocht ar fad a bhaineann le cúrsaí pleanála agus athbhreithnithe lena chinntiú go dtéitear i ngleic a dhóthain mar is iomchuí le gach ceann de na saincheisteanna faoin gcomhionannas agus faoi chearta an duine a ceapadh. Ní bheidh aon fhoráil sa dréacht a d'fhéadfadh teacht salach ar na luachanna atá againn maidir leis an gcomhionannas agus le cearta an duine |

| | | | |
|---|---|---|---|
| | | | nó ar fhreagairt éifeachtach ar na saincheisteanna maidir le comhionannas agus cearta an duine atá sainaitheanta. |
| | I Meán Fómhair 2021, mar pháirt de Chéim an Mheasúnaithe atá againn mar chuid de Dhualgas na hEarnála Poiblí, d'fhoilsigh an BOO ár measúnú ar na saincheisteanna maidir le cearta an duine agus maidir leis an gcomhionannas ó na 9 bhforas a bhíonn roimh pháirtithe leasmhara agus rompu siúd a bhíonn ag tabhairt faoin míbhuntáiste socheacnamaíoch.Tuarascáil Mheasúnachta BOO Luimnigh agus an Chláir maidir le Dualgas na hEarnála Poiblí (lcetb.ie)<br>Mar fhreagairt, is é is cuspóir do Rannóg BOaO Bhord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir a chinntiú, oiread agus is féidir go praiticiúil, go dtugtar na bearta tacaíochta ar leith do gach foghlaimeoir a chuirfidh ar a gcumas dóibh páirt iomlán a ghlacadh sna deiseanna oideachais atá ar fáil acu.<br>De réir Dhualgas na hEarnála Poiblí, éilítear ar an BOO breathnú ar a obair féin chun saincheisteanna a bhaineann le Comhionannas agus Cearta an duine a dhaingniú i bpróisis phleanála agus tuairiscithe an bhoird agus Measúnú, Réiteach agus Tuairisciú a thabhairt ina leith sin. | Déanfar faireachán agus léiriú ar fheidhmíocht agus dul chun cinn in 2022 trí thagairt do na nithe seo a leanas:<br><br>• Déanfar a chinntiú go gcloífear leis an bpróiseas a socraíodh don chur i bhfeidhm ar phríomhphointí i dtimthriall pleanála agus athbhreithnithe Bhord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir.<br>• Plean Gníomhaíochta maidir le Dualgas na hEarnála Poiblí<br>• Doiciméad measúnaithe<br>• Próiseas Cur i bhFeidhm | Déantar athbhreithniú ar an gcáipéisíocht ar fad a bhaineann le cúrsaí pleanála agus athbhreithnithe lena chinntiú go dtéitear i ngleic a dhóthain mar is iomchuí iontu le gach ceann de na saincheisteanna faoin gcomhionannas agus faoi chearta an duine a ceapadh. Ní bheidh aon fhoráil sa dréacht a d'fhéadfadh teacht salach ar na luachanna atá againn maidir leis an gcomhionannas agus le cearta an duine nó ar fhreagairt éifeachtach ar na saincheisteanna maidir le comhionannas agus cearta an duine atá sainaitheanta. |

| | | | |
|---|---|---|---|
| 2.6 A chinntiú go bhfuil gach foirgneamh BOO ar an gcaighdeán is airde do chách. | Leanfaidh Rannóg Caipitil agus Soláthair BOOLC den Chlár Infheistíochta Caipitiúla Ilbhliantúil a chur i bhfeidhm i ngach Scoil agus Ionad ar fud BOOLC in 2022 lena chinntiú go mbeidh rochtain ag mic léinn, foghlaimeoirí agus baill foirne ar na háiseanna oideachasúla is airde cáilíocht. Tá infheistíocht chaipitiúil shuntasach i scoileanna agus in ionaid i gceist leis seo.<br><br>Áirítear leis na tionscadail chaipitil scoile in 2022 na cinn seo a leanas:<br>• An Coláiste Pobail nua in Inis a chur i gcrích.<br>• Campas nua Ghaelcholáiste Luimnigh do 750 scoláire.<br>• Coláiste Pobail Mhungairit - coláiste nua a bhfuil 1,000 scoláire uirthi<br>• Forbraíocht scoile nua, SNP Mol an Óige.<br>• Forbraíocht scoile nua, SNP Choill an Ráithín.<br>• Síneadh le Coláiste Pobail Thuamhan.<br>• Síneadh le Coláiste Pobail na Scairbhe.<br>• Síneadh le Coláiste Pobail Naomh Eoin Bosco<br><br>Anuas air sin, Rannóg Caipitil agus Soláthair BOOLC le scoileanna nach de chuid an BOO iad in 2022, lena n-áirítear:<br>• Gaelscoil Mhíchíl Cíosóg.<br>• Scoil Mhóin an Lín, Móin an Lín.<br>• Gaelscoil Donncha Rua, Sionainn.<br>• Scoil Náisiúnta Mhuire, Luimneach.<br>• Coláiste na Sailéiseach, Pailís Chaonraí.<br>• Scoil Bhríde Naofa, Luimneach.<br>• Scoil Chuimsitheach Naomh Pádraig, Sionainn | Déanfar faireachán agus léiriú ar fheidhmíocht agus dul chun cinn in 2022 trí thagairt do na nithe seo a leanas:<br><br>• Bainistíocht a dhéanamh ar thógáil na dtionscadal éagsúil ar an láithreán in 2022 lena chinntiú go gcuirfear i gcrích in am iad taobh istigh den bhuiséad.<br>• Oifigeach Foirgneamh Grád VII a fhostú chun díriú ar Chlár Caipitil an BOaO<br>• Straitéisí bainistithe tionscadal éifeachtacha a chur i bhfeidhm lena chinntiú go dtugtar tionscadail chun críche.<br>• Comhar leantach leis an Roinn Oideachais chun a oiread tairbhe agus is féidir a bhaint as infheistíocht in áiseanna BOOLC.<br>• Comhar gníomhach idir Caipiteal agus Soláthar agus Scoileanna/Ionaid chun infheistíocht chaipitiúil a shainaithint agus a bhrú chun tosaigh. | Gach Tionscadal Caipitil atá le bheith críochnaithe agus aistrithe in 2022 a chríochnú.<br>Tuairisc ar dhul chun cinn, ina léireofar cur i bhfeidhm tráthúil gach tionscadail caipitil atá le cur i gcrích tar éis 2022.<br><br>(ar lean). |

| | | | |
|---|---|---|---|
| | Déanfaidh Rannóg Caipitil agus Soláthair na tionscadail mhóra BOaO seo a leanas a fhorbairt in 2022:<br>• Ionad BOaO Champas Raithin<br>• Ionad BOaO Champas na Sionainne<br>• Ionad BOaO Champas an Chaisleáin Nua<br>• Ionad BOaO Champas na Scairbhe<br><br>Le linn 2022, leanfaidh an Rannóg Caipitil agus Soláthair BOOLC ar aghaidh le timthriall pleanáilte feabhsúchán ar áiseanna freisin i láithreacha éagsúla mar chuid den scéim oibreacha samhraidh, de scéim na n-oibreacha éigeandála agus den Scéim Deontas Caipitil Spóirt. | (ar lean). | (ar lean). |
| | **Bonneagar Breisoideachais agus Oiliúna:** Tá 26 coláiste agus ionad BOaO ag an BOO. An-chuid de na foirgnimh sin, is go luath san fhichiú haois a tógadh iad agus teastaíonn athchóiriú suntasach agus deisiúcháin agus cothabháil leanúnach uathu. Fágann sé go bhfuil gá le clár leantach deisiúchán agus athfhorbartha, agus bíonn tionscadail ar leith á gcur chun tosaigh chun freagairt do pé riachtanais atá ann.<br><br>Le linn 2022, tabharfar faoi na tionscadail bhonneagair seo a leanas:<br>FET Centre, O'Connell Avenue: Chun Cuid M a chomhlíonadh, is gá ardaitheoir a shuiteáil laistigh den fhoirgneamh, mar aon le rampaí rochtana do chathaoireacha rothaí.<br>Tá méadú tagtha ar an éileamh agus, mar fhreagairt air sin, cuirfear níos mó ceardlanna | Déanfar faireachán agus léiriú ar fheidhmíocht agus dul chun cinn in 2022 trí thagairt do na nithe seo a leanas<br>• Déanfar méid áirithe tionscadail bhonneagair a ghabháil in 2022, lena n-áirítear:<br>• Ionad Breisoideachais agus Oiliúna, Ascaill Uí Chonaill: tá suiteáil an ardaitheora curtha i gcrích.<br>• Cuirfear Ceardlanna Printíseachtaí Leictreacha ar bun.<br>• Ceardlann Oiliúna Taispeána FNF (Foirgneamh nach mór neodrach ó thaobh fuinnimh de) san Ionad BOO, Campas Nuálaíochta Glaise.<br>• Athchóiriú ar iar-Champas Choláiste Chiaráin mar Choláiste nua BOaO. | Ardaitheoir a shuiteáil san Ionad Breisoideachais agus Oiliúna ar Champas Ascaill Uí Chonaill.<br>Ceardlann Oiliúna Taispeána FNF a shuiteáil.<br>Ceardlanna printíseachta atá de dhíth a chur isteach.<br>Coláiste nua BOaO a bhunú, Campas Chromadh. |

| | | | |
|---|---|---|---|
| | agus trealamh le haghaidh printíseachtaí leictreacha isteach.<br>Ceardlann Oiliúna Taispeána FNF (Foirgneamh nach mór neodrach ó thaobh fuinnimh de) a fhorbairt san Ionad BOO, Campas Nuálaíochta Glaise.<br>Dul chun cinn ar na forbraíochtaí san Ionad BOaO, Campas Raithin agus san Ionad BOaO, Campas na Sionainne.<br>Dul chun cinn ar na forbraíochtaí ar iar-láithreán Eircom, in aice le Coláiste Breisoideachais Luimnigh i gCathair Luimnigh | | |
| 2.7 Feasacht ghníomhach a chur chun cinn maidir le sláinte, sábháilteacht, folláine agus leas do gach ball foirne ar leibhéal pearsanta agus eagraíochtúil. | Déanfaidh Rannóg Caipitil agus Soláthair BOOLC a chinntiú go mbeidh go leor TCP ar fáil i ngach suíomh de chuid BOOLC leis na scoláirí agus baill foirne ar fad a chosaint ar an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ann ó COVID-19.<br>Beidh an Rannóg Caipitil agus Soláthair i dteagmháil i rith an ama le gach Príomhoide agus Bainisteoir Ionaid lena chinntiú go mbeidh soláthar leanúnach ann.<br>Beidh teagmháil go dlúth ann leis an Rannóg Airgeadais chun cloí le riachtanais soláthair agus chun gach leas a bhaint as na buiséid atá leithdháilte. | Déanfar faireachán agus léiriú ar fheidhmíocht agus dul chun cinn in 2022 trí thagairt do na nithe seo a leanas:<br>• Creat na Rannóige a úsáid lena dheimhniú go mbeidh soláthairtí ar fáil chuig gach suíomh.<br>• Athbhreithniú ar sholáthairtí i ngach suíomh le fáil amach an méid atá ar fáil.<br>• Plé a dhéanamh le soláthraithe le seachadadh a dheimhniú agus leis an luach is fearr ar airgead a fháil. | Go leor TCP cuí i ngach ionad chun freastal ar riachtanais ball foirne agus scoláirí. |
| | Tabharfaidh **Rannóg Breisoideachais agus Oiliúna** an Bhoird Oideachais agus Oiliúna tacaíocht le Tionscnaimh Folláine a sheoladh ar fud an champais, lena n-áirítear:<br>• Cláir ina ndéantar Gníomhaíochtaí Allamuigh, Spórt agus Folláine a nascadh.<br>• Cláir ina ndéantar an Ceol agus Folláine a nascadh. | Déanfar faireachán agus léiriú ar fheidhmíocht agus dul chun cinn in 2022 trí thagairt do na nithe seo a leanas:<br>• An líon tionscnaimh folláine foirne a dtabharfar fúthu in 2022.<br>• Líon na mball foirne atá ag freastal ar thionscnaimh Folláine. | Líon na mball foirne a ghlacann páirt in imeachtaí folláine agus i bhfeachtais bolscaireachta a mhéadú. |

| | | | |
|---|---|---|---|
| | • Imeachtaí feasachta faoin meabhairshláinte in Ionaid BOaO. | • Líon na nIonad BOaO atá páirteach in imeachtaí chun Feasacht a ardú ar chúrsaí Meabhairshláinte. | |
| | Tacóidh **Rannóg Scoileanna** an Bhoird Oideachais agus Oiliúna le timpeallacht oibre dhearfach thacúil in 2022, agus chuige sin, déanfar forbairt leanúnach ar ghrúpaí comhairleacha chun tacaíocht a sholáthar sna heochair-réimsí seo a leanas:<br>- An Clár Rioscaí, lena n-áirítear Cumhdach<br>- Sábháilteacht agus Sláinte<br>- Riachtanais Speisialta Oideachais (RSO)<br>- Scoileanna lán-Ghaeilge<br>- Tuismitheoirí agus Caomhnóirí<br>- Foghlaim Dhigiteach<br>- An Curaclam, lena n-áirítear Múinteoireacht agus Foghlaim<br>- Plé leanúnach leis an tSeirbhís Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais | Déanfar faireachán agus léiriú ar fheidhmíocht agus dul chun cinn in 2022 trí thagairt do na nithe seo a leanas:<br>• Líon agus fad na seisiún forbartha gairmiúla a chuirfear ar fáil<br>• Líon na mball foirne atá ag freastal orthu.<br>• Na hacmhainní breise a chuirfear ar fáil<br>• Na tionscnaimh nua atá ag teacht chun cinn<br>• Measúnachtaí agus aiseolas ar sheisiúin oiliúna.<br>• Cruinnithe leis an tSeirbhís Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais, Foirne Tacaíochta do Scoláirí, Príomhoidí agus Leas-Phríomhoidí.<br><br>(ar lean). | Monatóireacht ar líon agus fad na seisiún forbartha gairmiúla. Taifead a choinneáil de na hacmhainní breise a chuirfear ar fáil Monatóireacht ar aiseolas agus ar athbhreithniú agus ar ghníomhartha a thagann astu sin. Monatóireacht a dhéanamh ar an líon cruinnithe a bhíonn ann le páirtithe leasmhara. |
| | Oibreoidh **Rannóg Scoileanna** an Bhoird Oideachais agus Oiliúna leis an Roinn Oideachais agus le Seirbhísí Tacaíochta chun *Creatlach Cleachtais Folláine i Scoileanna* a chur i bhfeidhm agus a dhaingniú le folláine scoláirí a chur chun tosaigh sna scoileanna agus le tacaíocht a chur ar fáil ina leith. | Déanfar faireachán agus léiriú ar fheidhmíocht agus dul chun cinn in 2022 trí thagairt do na nithe seo a leanas:<br>• Ó 2022 i leith, a dhearbhú go bhfuil an 400 uair an chloig teagaisc ar chúrsaí folláine á gcur i bhfeidhm i Scoileanna an Bhoird Oideachais agus Oiliúna sa tSraith Shóisearach de réir mar is gá. | Monatóireacht a dhéanamh go bhfuil an líon riachtanach uaireanta an chloig á soláthar ag scoileanna. |
| 2.8 Leanúint d'fhiosrú acmhainneacht na gcleachtas oibre nua-aimseartha solúbtha a thacaíonn le spriocanna eagraíochtúla, | Thug **Stiúrthóireacht Tacaíochta agus Forbartha Eagraíochta** an BOO tacaíocht do bhaill foirne le go mbeifí in ann teagasc agus foghlaim a chur ar fáil gan stró agus go gcuirfí seirbhísí an BOO ar fáil ar fud Scoileanna agus rannóga BOaO an BOO. Leis sin a bhaint amach, | Déanfar faireachán agus léiriú ar fheidhmíocht agus dul chun cinn in 2022 trí thagairt do na nithe seo a leanas:<br>- tacaíocht agus oiliúint a chur ar fáil i rith an ama mar thacaíocht don chianobair. | Monatóireacht a dhéanamh ar bhaill foirne atá ag baint leas as oiliúint agus as an tacaíocht. |

| | | | |
|---|---|---|---|
| táirgiúlacht, comhlíonadh foirne agus folláine. | baineadh leas as oiliúint agus cuireadh an bonneagar ar fáil chun tacú le socruithe cianoibre. | | |
| 2.9 Leanúint de thacú leis an bpróiseas dearaidh eagraíochtúil ar leibhéal áitiúil agus náisiúnta, chun comhsheasmhacht agus comhleanúnachas níos mó a bhaint amach i struchtúir soláthair foirne agus i ndearadh eagraíochtúil ar fud na hearnála BOO. | Cinnteoidh **Stiúrthóireacht Tacaíochta agus Forbartha Eagraíochta an BOO** go leanfar de dheiseanna forbartha gairmiúla leanúnaí a thairiscint do bhaill foirne ar gach grád san eagraíocht ina hiomláine in 2022 mar chuid dá bhforbairt ghairmiúil leanúnach.<br><br>Ar lean. | Déanfar faireachán agus léiriú ar fheidhmíocht agus dul chun cinn in 2022 trí thagairt do na nithe seo a leanas:<br>• Líon na mball foirne a bhfuil tacaíocht airgeadais á fáil acu ón gCiste um Fhorbairt Ghairmiúil do Bhaill Foirne in 2022.<br>• Líon na mball foirne a bhfuil deiseanna á dtapú acu ar ardáin timpeallachta fíorúla foghlama ar nós Moodle agus CORE University in 2022.<br>• An líon imeachtaí oiliúna do bhaill foirne ar phacáistí bogearraí Seirbhísí Comhroinnte in 2022.<br>• Líon na mball foirne atá ag tabhairt faoi oiliúint RGCS ar Privacy Engine.<br>• Líon na mball foirne atá ag tabhairt faoi Oiliúint Sláinte agus Sábháilteachta ar Privacy Engine in 2022. | Tacú le gach iarratas ábhartha ar chistiú ón gCiste Forbartha Gairmiúla do Bhaill Foirne.<br>Oiliúint inmheánach chuí a sholáthar.<br>Soláthar spriocdhírithe tionscnamh cuí foghlama agus forbartha do chách.<br>Leanúint de thacú le Fóraim inmheánacha sheanbhunaithe sa Rannóg Tacaíochta agus Forbartha Eagraíochta, sna Scoileanna agus sna hIonaid Bhreisoideachais agus Oiliúna. |

| **Sprioc 3 den Chomhaontú Soláthair Feidhmíochta (CSF): Rialachas**<br>Naisc le -><br>**Sprioc 3 de Ráiteas Straitéise Bhord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir, 2022 – 2026: Dea-rialachas**<br>Creat rialachais agus tacaíochta a sholáthar a bheidh mar bhonn taca faoi sholáthar éifeachtach éifeachtúil seirbhísí oideachais agus oiliúna ar ardchaighdeán.<br><br>Is éard atá i gceist leis sin ná a chinntiú go dtacaítear le soláthar oideachais agus oiliúna BOO trí chórais bhainistíochta agus riaracháin a chomhlíonann na caighdeáin rialachais is airde ó thaobh cuntasachta, trédhearcachta, comhlíontachta, cothromais agus luach ar airgead de. | | | |
|---|---|---|---|
| **Tosaíocht** | **Beart** | **Táscaire Feidhmíochta** | **Sprioc** |
| 3.1 A chinntiú go bhfuil ár struchtúir, a bhfuil córais agus nósanna imeachta láidre mar bhonn agus thaca acu, in oiriúint do na tosaíochtaí straitéiseacha atá ag teacht chun cinn. | Tá **Stiúrthóireacht Rannóg Tacaíochta agus Forbartha Eagraíochta** an BOO ag obair ar fud na heagraíochta chun a chinntiú go mbeimid ullamh don aistriú chuig seirbhísí comhroinnte.<br><br>Thosaigh an rannóg Acmhainní Daonna agus an rannóg párolla ag obair i gcomhar le chéile in 2019 ar chur chun feidhme an aistrithe chuig Seirbhísí Comhroinnte. Tá an obair sin chun leanúint ar aghaidh in 2022. Ceapadh ceannaire aistrithe sa rannóg AD agus sa rannóg párolla araon agus tá na ceannairí sin ag comhoibriú le chéile agus ag críochnú na hoibre ullmhúcháin atá ag teastáil chun an BOO a ullmhú le haistriú chuig Seirbhísí Comhroinnte in 2022. | Déanfar faireachán agus léiriú ar fheidhmíocht agus dul chun cinn in 2022 trí thagairt do na nithe seo a leanas:<br>• In 2020, cuireadh túis leis an athbhreithniú ar pharaiméadair chórais TFC na rannóige AD mar ullmhú don aistriú chuig Córas na Seirbhísí Comhroinnte in 2022. Tugadh faoi obair chun an córas a uasghrádú, leanfar ar aghaidh leis sin agus déanfar ascnamh in 2022.<br>• An t-aistriú chuig seirbhísí comhroinnte a chur chun feidhme de réir amlínte náisiúnta | A bheith chomh hullamh agus is féidir don aistriú chuig Seirbhísí Comhroinnte. Dul i gcomhar leis na Seirbhísí Comhroinnte Airgeadais chun an plean náisiúnta aistrithe a chur chun feidhme. |
| | Leanfaidh **Rannóg Seirbhísí Corparáideacha** an BOO, faoi choimirce **na Rannóige Tacaíochta agus Forbartha Eagraíochta**, ag cur an timthriall athbhreithnithe beartas i bhfeidhm le linn 2022 lena chinntiú go ndéanfar athbhreithniú ar gach doiciméad beartais agus go ndéanfar é a nuashonrú taobh istigh de thráthchlár 3 bliana. | Déanfar faireachán agus léiriú ar fheidhmíocht agus dul chun cinn in 2022 trí thagairt do na nithe seo a leanas:<br>Deimhniú doiciméadaithe ar bheartais arna n-athbhreithniú in 2022 de réir bheartas an BOO | Athbhreithniú agus cartlannú á ndéanamh i rith an ama i gcomhréir leis an mBeartas Coinneála Taifead. |

| | | | |
|---|---|---|---|
| | | athbhreithniú a dhéanamh ar bheartas gach 3 bliana. | Oiliúint leanúnach don fhoireann ar fad faoin RGCS agus faoi Shláinte agus Sábháilteacht. Athbhreithniú ar bheartais. |
| | Déanfaidh **Stiúrthóireacht TFE, Scoileanna agus BOaO** an BOO a chinntiú go bhfuil na bearta cuí uile maidir le cumhdach leanaí i bhfeidhm de réir na Nósanna Imeachta um Chumhdach Leanaí do Bhunscoileanna agus Iar-bhunscoileanna 2017. | Déanfar faireachán agus léiriú ar fheidhmíocht agus dul chun cinn in 2022 trí thagairt do na nithe seo a leanas:<br><br>• Deimhniú go bhfuil Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí i bhfeidhm i ngach Scoil agus Ionad de réir mar is cuí.<br>• Tugann gach ball foirne nuacheaptha faoi oiliúint ionduchtaithe. Gné éigeantach den oiliúint sin ná Nósanna Imeachta um Chumhdach/um Chosaint Leanaí do Bhunscoileanna agus Iar-Bhunscoileanna, 2017.<br>• Tabharfar forbairt ghairmiúil leantach do gach catagóir ábhartha de bhaill foirne ar bhonn leanúnach.<br>• Tugtar oiliúint leanúna gach bliain do na TAnna agus do na LTAnna.<br>• Déantar athbhreithniú lena chinntiú go ndéanann scoileanna agus ionaid gach seicliosta, athbhreithniú agus | A chinntiú go gcuirtear oiliúint chuí ar gach Ball Foirne de chuid BOOLC maidir le Cumhdach/Cosaint Leanaí.<br>A chinntiú go dtugtar oiliúint leanúna do gach TA agus LTA.<br>Lena chinntiú go mbítear ag cloí le nósanna imeachta cuí agus go ndéantar fógraí ábhartha a eisiúint i gcomhréir leis na nósanna imeachta.<br>Maoirseacht agus athbhreithniú leanúnach ag an lucht ardbhainistíochta. |

| | | | |
|---|---|---|---|
| | | dearbhú éigeantach a thiomsú i dtaca le riachtanais um Chosaint Leanaí. | |
| | Le linn 2022, cuirfidh **Rannóg TFC** an Bhoird Oideachais agus Oiliúna deiseanna comhoibríocha ar fáil a chuimseoidh ardáin ar líne, lena n-áirítear StaffCONNECT, chun tacú le scoileanna agus ionaid an BOO. Le linn 2022, tacóidh an Rannóg TFC leis na bearta seo a leanas:<br>- Forbairt leanúnach ar shuíomh ar leith MS SharePoint le haghaidh gach scoile, mar aon leis an oiliúint agus an tacaíocht bhainteach.<br>- Cur i bhfeidhm forbartha gairmiúla leanúnaí chun tacú le seoladh Office 365.<br>- Obair a dhéanamh i gcomhpháirt leis an Roinn Oideachais chun an acmhainneacht TFC a fhorbairt tuilleadh inár scoileanna agus i gColáistí agus Ionaid Bhreisoideachais agus Oiliúna go léir, lena n-áirítear deontais a fháil le haghaidh trealamh TFC, ábhar comhairle agus ábhar tacaíochta.<br>- Fíorú dhá chéim a chur i bhfeidhm de réir a chéile in BOOLC uile. | Déanfar faireachán agus léiriú ar fheidhmíocht agus dul chun cinn in 2022 trí thagairt do na nithe seo a leanas:<br>• An líon suíomhanna MS SharePoint nua arna bhforbairt do scoileanna in 2022.<br>• An líon deiseanna FGL a chuirfear ar fáil chun tacú le feidhmiú céimneach Office 365 in 2022.<br>• Líon na mball foirne a bheidh ag úsáid Office 365 faoi dheireadh 2022.<br>• Líon na mball foirne atá cláraithe don Fhíordheimhniú Ilfhachtóra<br>• An líon tionscadal bonneagair TFC nua a bheidh ar bun faoi dheireadh 2022. | Anailís ar úsáid MS SharePoint i scoileanna agus ar a thionchar siúd.<br>Anailís ar líon na mball foirne atá ag úsáid Office 365 agus ar a thionchar siúd.<br>Líon na mball foirne atá cláraithe don Fhíordheimhniú Ilfhachtóra<br><br>Taifead ar líon na dtionscadal bonneagair TFC agus ar a dtionchar siúd. |
| • | Cúrsaí Rialachais/Airgeadais/AD ina mbuanmhíreanna ar an gclár oibre do chruinnithe príomhoidí agus ionchur ó Stiúrthóir TFE agus POCanna.<br>Déanfaidh Coiste BOO um Obair don Óige athbhreithniú ar an bplean straitéiseach roimhe seo don Obair don Óige chomh maith le plean straitéiseach eile a fhorbairt do na trí bliana atá le teacht (2022 – 2025). Is é is príomhaidhm don phlean a chinntiú go n-éireoidh leis an BOO a fhreagrachtaí a | Déanfar faireachán agus léiriú ar fheidhmíocht agus dul chun cinn in 2022 trí thagairt do na nithe seo a leanas:<br>• Am curtha ar leataobh mar chuid de chruinnithe Príomhoidí agus Leas-Phríomhoidí chun an t-eolas is déanaí a fháil ó TFE. | Monatóireacht ar an am a thugtar d'fhoirne ardbhainistíochta.<br>Plean straitéiseach a fhorbairt don Obair don Óige sa réigiún.<br>Monatóireacht a dhéanamh ar na cruinnithe |

| | | | |
|---|---|---|---|
| | chomhlíonadh chun tacú le soláthar, comhordú, riarachán agus measúnú seirbhísí oibre don ógra i réigiún Luimnigh agus an Chláir.<br>Beidh bliain a dó den scéim UBU - Do Spás Do Áit ar siúl in 2022. Mar gheall ar an scéim, beidh éilimh nua ar eagraíochtaí ó thaobh leibhéil tuairiscithe agus freagrachta a bheidh i gceist agus le cur i gcrích. Beidh an BOO ag obair go dlúth agus i gcomhar leis na heagraíochtaí ar fad chun tacú leo na riachtanais seo a chomhlíonadh.<br><br>Beidh cruinniú gach ráithe ag Foireann BOOLC don Obair Óige le Rannóg Airgeadais BOOLC chun an caiteachas airgeadais ar fad a athbhreithniú agus a rianú. | • Plean straitéiseach a fhorbairt don Obair don Óige sa réigiún.<br>• Cruinnithe rialta athbhreithnithe gach ráithe i gcás gach tionscadail lena chinntiú go bhfuil an clár spriocdhírithe chomh héifeachtach agus is féidir agus go bhfuiltear ag cloí go hiomlán le rialacha na scéime.<br>• Freagracht as cistiú poiblí agus comhlíonadh ina leith. | athbhreithnithe gach ráithe.<br>Monatóireacht ar chomhlíonadh agus ar fhreagracht.<br><br>(ar lean). |
| • | Tá struchtúr an BOO ceaptha le bheith ionchuimsitheach, is é sin **Líonra na Rannóige BOaO um Pleanáil Réigiúnach Straitéiseach, Grúpa Stiúrtha BOaO agus na Foirne Feidhmiúcháin BOaO**. Mar sin, tá samhail foirne feidhmiúcháin ann le haghaidh straitéisí agus creata ar leith, agus soláthraíonn sin deiseanna do bhaill foirne a bheith rannpháirteach ar bhonn tras-soláthair i mbearta a bhaineann lena réimse spéise nó lena saineolas ar leith. Le linn 2022, beidh baill foirne ag plé le pleanáil struchtúrtha gníomhaíochta nua a fhorbairt sna réimsí seo:<br>• Foghlaim le Cuidiú Teicneolaíochta.<br>• Foghlaim agus Forbairt Ghairmiúil.<br>• Rannpháirtíocht san Fhiontraíocht.<br>• Faisnéis, Earcaíocht agus Treoir.<br>• Dearbhú Cáilíochta.<br>• Ionchuimsiú Gníomhach | Déanfar faireachán agus léiriú ar fheidhmíocht agus dul chun cinn in 2022 trí thagairt do na nithe seo a leanas:<br>• Líon agus fad na seisiún forbartha gairmiúla a chuirfear ar fáil.<br>• Líon na mball foirne atá ag freastal orthu.<br>• Na hacmhainní nua atá ar fáil.<br>• Na tionscnaimh nua atá ag teacht chun cinn.<br>• Measúnachtaí agus aiseolas ar sheisiúin oiliúna.<br>• Pleananna Gníomhaíochta nua arna gcur le chéile. | An líon daoine a ghlacann páirt in imeachtaí forbartha gairmiúla a mhéadú.<br>Na pleananna gníomhaíochta seirbhíse tacaíochta éagsúla a chur ar fáil. |

| | | | |
|---|---|---|---|
| 3.2 Leanúint de phróisis straitéiseacha pleanála gnó a nuáil agus a neartú chun tosaíochtaí eagraíochtúla a bhaint amach | Rachaidh Rannóg Scoileanna agus Rannóg BOaO an BOO i gcomhar le Coistí Airgeadais agus Iniúchóireachta in 2022 le rioscaí a shainaithint, a mheas, a mhonatóiriú agus a bhainistiú go gníomhach i gcomhthéacs oibríochtaí uile an BOO, agus cinnteoidh go bhfuil socruithe foirmiúla trédhearcacha i bhfeidhm i gcomhair iniúchóireacht sheachtrach agus inmheánach araon. I rith 2022, cinnteoidh an Rannóg Scoileanna agus an Rannóg BOaO go mbeidh an Clár Riosca Scoile/an Clár Riosca BOaO ina mír ar an gclár oibre i gcruinnithe agus go ndéanfaidh Príomhoidí agus Leas-Phríomhoidí agus Bainisteoirí Soláthair athbhreithniú orthu go rialta. | Déanfar faireachán agus léiriú ar fheidhmíocht agus dul chun cinn in 2022 trí thagairt do na nithe seo a leanas:<br>• Fianaise go mbíonn an clár riosca ina mhír ar an gclár oibre le haghaidh cruinnithe scoile agus BOaO in 2022.<br>• Fianaise go ndéantar an clár riosca a nuashonrú in 2022.<br>• Fianaise ar ghníomhartha in 2022 d'fhonn rioscaí a mhaolú. | Feasacht a fheabhsú ar Shainaithint agus Bainistíocht Rioscaí trí Chlár Rioscaí. Gníomhartha a chur i bhfeidhm d'fhonn rioscaí a mhaolú. |
| | Leanúint ar aghaidh leis an obair i gcomhar le BOOanna chun **CRM/bunachar sonraí** a fhorbairt sonraí na heagraíochta a bhainistiú faoi mar a bhaineann le Dearbhú cáilíochta agus rannpháirtíocht fostóirí. | Déanfar faireachán agus léiriú ar fheidhmíocht agus dul chun cinn in 2022 trí thagairt do na nithe seo a leanas:<br>• An t-eolas is déanaí ar chruinnithe d'fhoghrúpa na Comhairle Cáilíochta ón bhfoireann forbartha córas. | Córas Bainistíochta Caidrimh Custaiméirí/bunachar sonraí forbartha/curtha i bhfeidhm/measúnaithe. |
| 3.3 Na caighdeáin is airde bainistíochta airgeadais agus riosca a chur chun cinn trí rialuithe agus iniúchtaí monatóireachta inmheánacha. | De réir mar atá leagtha síos sa Chód, déanfaidh an Bord a dheimhniú go gceaptar Comhaltaí chun an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca agus chun an Choiste Airgeadais a bhfuil na sainscileanna, an saineolas agus an tsaintaithí acu sna réimsí ábhartha seo. Comhaltaí an Bhoird a dhéanann gach ceapachán i gcomhar le Cathaoirligh Coistí. Déantar saineolas a chur ar fáil don BOO ar chostas faofa réasúnta chun cuidiú leis na Coistí i gcás réimsí ar leith de ghnó an Bhoird, de réir mar is gá. | Déanfar tagairt do na nithe seo a leanas le feidhmíocht agus dul chun cinn in 2022 a léiriú:<br>• Sainchomhairle a sholáthar má bhíonn gá lena leithéid. | Sainchomhairle a sholáthar má bhíonn gá lena leithéid. |

| | | | |
|---|---|---|---|
| | **Bainistíocht Riosca:** Agus an Bord Oideachais agus Oiliúna ag obair i gcomhar leis an gCoiste Airgeadais agus leis an gCoiste Iniúchóireachta agus Riosca, déanfar rioscaí a shainaithint, a mheas, a bhainistiú agus a mhonatóiriú go gníomhach in 2022 i gcomhthéacs oibríochtaí uile an Bhoird agus déanfar a chinntiú go mbeidh socruithe foirmiúla trédhearcacha i bhfeidhm i gcomhair iniúchóireacht sheachtrach agus inmheánach araon. Tá próiseas ar bun sa BOO leis na rioscaí suntasacha a shainaithint a d'fhéadfadh a bheith ag baint le torthaí an eintitis a bhaint amach agus le dul i ngleic leis na rioscaí sin. Tá an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca ag tacú leis an mBord sa ról seo. | Déanfar faireachán agus léiriú ar fheidhmíocht agus dul chun cinn in 2022 trí thagairt do na nithe seo a leanas:<br>• An Clár Rioscaí a bheith mar mhír ar an gClár Oibre ag gach cruinniú Bainistíochta.<br>• Nuashonrú rialta an Chláir Rioscaí.<br>• Maolú Rioscaí a bhfuil fianaise ann ina leith.<br>• Rioscaí suntasacha a shainaithint a d'fhéadfadh an bheith ag baint le torthaí an eintitis a bhaint amach agus le dul i ngleic leis na rioscaí sin.<br>• Athbhreithniú ar an bPlean Gnó Riosca gach ráithe a bhíonn mar pháirt den tuairisciú don Choiste Iniúchóireachta agus Riosca.<br>• Athbhreithniú déanta ar an bPlean Leanúnachais Gnó agus arna ghlacadh leis i gcomhair riachtanais a bhíonn ag athrú.<br>• Tacaíocht ón gCoiste Iniúchóireachta agus Riosca don Bhord sa ról seo. | Aon rioscaí atá ann do bhaint amach cuspóirí straitéiseacha agus oibriúcháin an Bhoird Oideachais agus Oiliúna, déantar iad a shainaithint, a mheas, a mhonatóiriú agus a bhainistiú chun tacú le dea-rialachas a léiriú i gcomhréir leis an reachtaíocht, le cóid chleachtais, le caighdeáin, le treoir agus le himlitreacha ábhartha ón Roinn.<br>Dearbhú don Bhord go bhfuil bearta rialaithe sonracha leordhóthanacha ag feidhmiú de réir mar atá beartaithe.<br>Athruithe sa Phlean Gnó um Riosca agus sa Phlean Leanúnachais Gnó. |
| • | Déanfaidh Rannóg Caipitil agus Soláthair BOOLC réadmhaoin BOOLC a bhainistiú, idir réadmhaoin faoi úinéireacht agus réadmhaoin ar léas, lena chinntiú go bhfuil gach ceanglas Reachtúil, Rialachais agus de chuid na Roinne á chomhlíonadh. Mar chuid | Déanfar faireachán agus léiriú ar fheidhmíocht agus dul chun cinn in 2022 trí thagairt do na nithe seo a leanas: | Clár sócmhainní maoine arna choinneáil cothrom le dáta.<br>Na riachtanais reachtúla comhlíonta |

| | | | |
|---|---|---|---|
| | de sin, beimid ag obair le Scoileanna BOOLC agus le Rannóga BOaO lena áirithiú go ndéanfar riachtanais chóiríochta na heagraíochta a shásamh agus go bhfuil gach Scoil agus Foirgneamh BOaO ar an gcaighdeán cuí. | • Clár Sócmhainní Réadmhaoine BOOLC a choinneáil cothrom le dáta.<br>• Teagmháil rialta le Rannóg Réadmhaoine na Roinne Oideachais.<br>• Monatóireacht a dhéanamh ar léasanna agus comhlíonadh na dtéarmaí a dheimhniú | |
| 3.4 Úsáid éifeachtach acmhainní poiblí a uasmhéadú. | Cinnteoidh an **PF** agus **Stiúrthóirí na Scoileanna, BOaO agus TFE** go dtacófar le scoileanna, ionaid agus seirbhísí lárchreataí agus lárchonarthaí soláthair arna n-eagrú ag an Oifig um Sholáthar Rialtais a chur i bhfeidhm le linn 2022.<br><br>Déanfaidh Rannóg Caipitil agus Soláthair BOOLC agus Rannóg Airgeadais BOOLC a chinntiú go mbeidh dlúthchomhar leanúnach ann i rith 2022 idir an feidhmeannas Airgeadais agus an feidhmeannas Soláthair chun a chinntiú go gcomhlíonfar Nósanna Imeachta, Treoirlínte agus Reachtaíocht um Sholáthar Poiblí ar na caighdeáin is airde ar fad. Is éard a bheidh i gceist leis seo ná fuascailtí soláthair a aithint agus a chur i bhfeidhm a éascóidh comhlíonadh, luach ar airgead, éifeachtúlacht agus dea-chleachtas thar ceann an údaráis le linn 2022.<br><br>Déanfar Beartas Náisiúnta Soláthair na BOOnna (lena n-áirítear an tsraith teimpléad le haghaidh tairiscintí os cionn thairseacha an AE agus faoina mbun) a chur i bhfeidhm ar bhonn leanúnach in 2022.<br><br>Déanfaidh Rannóg Caipitil agus Soláthair BOOLC agus Rannóg TF BOOLC a chinntiú go mbeidh dlúthchomhar leanúnach ann i rith 2022 idir an | Déanfar faireachán agus léiriú ar fheidhmíocht agus dul chun cinn in 2022 trí thagairt do na nithe seo a leanas:<br>• Fianaise ar úsáid creataí de chuid na hOifige um Sholáthar Rialtais nuair is féidir le linn 2022 chun comhlíonadh agus luach ar airgead a chinntiú.<br>• Cuirfear Plean Soláthair Ilbhliantúil BOOLC (PSIB) i gcrích faoin 1 Meán Fómhair 2022.<br>• Déanfar PSIB an BOO a bheachtú agus a fhorbairt tuilleadh i gcaitheamh 2022 chun pleanáil ar an mbealach is fearr do Riachtanais Sholáthair amach anseo agus chun na tairiscintí atá le déanamh a leagan amach.<br>• Tá gach Beartas agus Nós Imeachta a bhaineann le cúrsaí Soláthair le nuashonrú ar bhonn leanúnach trí StaffCONNECT le linn 2022. | Cloí le treoirlínte soláthair.<br>Cloí le ceanglais chreataí na hOifige um Sholáthar Rialtais.<br>Freastal ar fhóraim náisiúnta,<br>srl. chun bheith cothrom le dáta maidir leis na ceanglais éagsúla.<br><br>An PSIB a chur i gcrích.<br>Athbhreithniú leanúnach atá á dhéanamh ar an PSIB.<br>Lán-chomhlíontach ó thaobh soláthair de, athruithe cothrom le dáta sa teicneolaíocht agus rialachas. |

| | | | |
|---|---|---|---|
| | feidhmeannas Soláthair agus an feidhmeannas TF chun a chinntiú go gcomhlíonfar Nósanna Imeachta, Treoirlínte agus Reachtaíocht um Sholáthar Poiblí ar na caighdeáin is airde ar fad.<br><br>Leanfar ar aghaidh le cur chun feidhme Bheartas Náisiúnta Soláthair na BOOnna (lena n-áirítear an tsraith teimpléad le haghaidh tairiscintí os cionn thairseacha an AE agus faoina mbun) in 2022 faoi mar a bhaineann le seirbhísí agus trealamh TF a sholáthar. | • Réimsí comhiomlánaithe a shainaithint nach bhfuil conarthaí ná creataí de chuid na hOifige um Sholáthar Rialtais i bhfeidhm iontu agus soláthar iomaíoch a chur chun cinn do BOOLC sna réimsí sin.<br>• Tuarascáil a thabhairt don Roinn Oideachais maidir le caiteachas caipitiúil.<br>• Bainistíocht an chonartha nua Seirbhísí Tacaíochta TF.<br>• Athbhreithniú leanúnach ar sholáthar TF ar fud BOOLC.<br>• Athbhreithniú agus nuashonrú ar na sonraíochtaí agus ar na riachtanais theicniúla go léir.<br>• An OSR agus creataí fóirsteanacha náisiúnta eile a úsáid chun trealamh TF a cheannach. | |
| 3.5 Cloí le próisis éifeachtacha um chosaint sonraí, rúndacht agus bainistiú taifead.<br>• | Tá córas nua (Privacy Engine) faighte mar chuidiú le go mbeidh an BOO ábalta an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí a chomhlíonadh. Déanfar cur chun feidhme an Leabhair Oibre Comhlíonta a uathoibriú leis sin agus, le linn 2022, cuirfidh an Rannóg Seirbhísí Corparáideacha oiliúint ar fáil do scoileanna agus ionaid an BOO maidir le comhlíonadh an RGCS agus déanfaidh iniúchadh freisin ar an gcaoi a mbeidh ag éirí leo ina leith sin freisin. | Déanfar faireachán agus léiriú ar fheidhmíocht agus dul chun cinn in 2022 trí thagairt do na nithe seo a leanas:<br>• Líon na n-imeachtaí oiliúna in 2022 faoi chomhlíonadh an Rialacháin Ghinearálta maidir le Cosaint Sonraí.<br>• Líon na mball foirne páirteach sna himeachtaí thuasluaite in 2022.<br>• Líon agus cineál na n-acmhainní nua a fhorbrófar in | Leanúint ar aghaidh ag baint lánfheidhm as na háiseanna go léir in PrivacyEngine chun cabhrú linn an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí a chomhlíonadh. |

| | | | |
|---|---|---|---|
| | | 2022 mar thacaíocht chun an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí a chomhlíonadh.<br>• An Leabhar Oibre um an RGCS a chur chun feidhme go leanúnach in 2022.<br>• Taifid gníomhaíochtaí próiseála á nuashonrú de réir Airteagal 30 den RGCS. | |
| • | Déanfaidh **Rannóg Seirbhísí Corparáideacha** an BOO a chinntiú go ndéanfar athbhreithniú leanúnach ar an gCóras Bainistíochta Taifead (DSM) in 2022 agus go leanfar dá chur chun feidhme de réir Bheartas Coinneála agus Bainistíochta Taifead an BOO. | Déanfar faireachán agus léiriú ar fheidhmíocht agus dul chun cinn in 2022 trí thagairt do na nithe seo a leanas:<br>• Deimhniú ón Rannóg Seirbhísí Corparáideacha ar athbhreithniú agus feidhmiú an Chórais Bainistíochta Taifead (DSM) in 2022.<br>• Iniúchadh lena chinntiú go ndéantar taifid a scriosadh i gcomhréir leis an mBeartas Coinneála Taifead i ngach Scoil agus Ionad. | Leanúint ar aghaidh chun an Beartas Bainistíochta agus Coinneála Taifead a chur chun feidhme ina iomláine. |
| 3.6 Straitéis éifeachtach cumarsáide a choinneáil, a fheabhsú agus a leabú. | Cuirfidh Rannóg Tacaíochta agus Forbartha Eagraíochta BOOLC Creat Cumarsáide i dtoll a chéile in 2022, a mbeidh Maitrís Cumarsáide Inmheánaí ina cuid de, ina soiléireofar struchtúir, róil agus freagrachtaí eagraíochtúla agus ina leagfar amach na próisis éifeachtacha chumarsáide agus chinnteoireachta atá le húsáid laistigh de Bhord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir, lena n-áirítear na Rannóga BOaO, TFE agus Scoileanna. I measc na ngníomhartha breise atá le déanamh in 2022 tá: | Déanfar faireachán agus léiriú ar fheidhmíocht agus dul chun cinn in 2022 trí thagairt do na nithe seo a leanas:<br>• Cuirfear Creat i bhfeidhm don Chumarsáid Fhoirmiúil in 2022.<br>• Fianaise ar thrácht tríd an suíomh Gréasáin/na meáin shóisialta. | Creat Cumarsáide a fhorbairt.<br><br>(ar lean). |

| | | | |
|---|---|---|---|
| | • Tacú le lucht bainistíochta agus le foireann an BOO trí na teicneolaíochtaí is déanaí agus is éifeachtaí, chomh maith leis an oiliúint is gá, a chur ar fáil d'fhonn cumarsáid a fheabhsú.<br>• Leanúint den Straitéis Gnáth-Bhéarla a chur i bhfeidhm.<br>• Suíomh Gréasáin LCETB.ie agus na meáin shóisialta eile a fhorbairt go leanúnach chun a chinntiú go mbíonn an BOO ag cur faisnéis ábhartha ar fáil dá chuid ball foirne agus páirtithe leasmhara.<br>• Teagmháil agus líonrú leanúnach le páirtithe leasmhara ar na leibhéil áitiúla, réigiúnacha agus náisiúnta (féach 1.8). | | |
| 3.7 Comhaontuithe seirbhíse/meabhráin tuisceana agus prótacail a choinneáil agus a mhonatóiriú le gníomhaireachtaí seachtracha dá dtugaimid deontais/acmhainní. | Cinnteoidh Rannóg Airgeadais an BOO go mbeidh CLS/MT foirmiúil i bhfeidhm ag gach gníomhaireacht sheachtrach a gcuireann an t-údarás deontais/acmhainní ar fáil di, de réir Chiorclán 13/2014 ón RCPA. Nuair is iomchuí, áireofar leis sin Aguisín um Chosaint Sonraí maidir le haistriú sonraí pearsanta idir an rialaitheoir sonraí agus an próiseálaí sonraí faoi Airteagal 28 den Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí. | Déanfar faireachán agus léiriú ar fheidhmíocht agus dul chun cinn in 2022 trí thagairt do na nithe seo a leanas:<br>• Cuirfear Aguisín Sínithe um Chosaint Sonraí maidir le haistriú sonraí pearsanta idir an rialaitheoir sonraí agus an próiseálaí sonraí faoi Airteagal 28 den Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí le gach CLS ábhartha in 2022. | CLS/MT cuí a bheith ar taifead de réir Chiorclán 13/2014 ón RCPA. |

| | | | |
|---|---|---|---|
| | Déanfaidh an Rannóg Caipitil agus Soláthair forbairt ar Chóras Bainistíochta Conarthaí i gcomhar le SGCO chun freastal ar riachtanais na heagraíochta | Déanfar faireachán agus léiriú ar fheidhmíocht agus dul chun cinn in 2022 trí thagairt do na nithe seo a leanas:<br>• Déanfar an CMS a dhearadh go sonrach chun freastal ar riachtanais BOOLC. Beidh Riarachán Conarthaí, Soláthar Seirbhísí agus Bainistíocht Caidrimh ann. | Cuirfear córas nua chun conarthaí a bhainistiú ar fáil do BOOLC. |
| • | Bainfidh **Rannóg BOaO** an BOO feidhm fós as comhaontuithe seirbhíse le páirtithe leasmhara seachtracha a dtugann an rannóg deontais agus acmhainní dóibh. Déanfaidh na páirtithe leasmhara seachtracha sin athbhreithniú agus monatóireacht ar sholáthar gníomhaíochtaí BOaO chomh maith. | Déanfar faireachán agus léiriú ar fheidhmíocht agus dul chun cinn in 2022 trí thagairt do na nithe seo a leanas:<br>• comhaontuithe seirbhíse a chur ar bun agus monatóireacht agus athbhreithniú a dhéanamh orthu. | Na ceanglais reachtúla a bhaineann le Ciorclán 03/14 ón RCPA a chomhlíonadh ina n-iomláine. |
| 3.8 Cultúr féinmheastóireachta a chur chun cinn san eagraíocht trí chéile chun tacú le próiseas feabhsaithe leanúnaigh trí éifeachtúlacht na gcóras agus na gcleachtas riaracháin a mheasúnú go rialta. | Déanfaidh an **PF** agus an **Stiúrthóir ar TFE** féinmheasúnú in 2022, de réir mar éilítear sa Chód Cleachtais um Rialachas na mBord Oideachais agus Oiliúna. | Déanfar tagairt do na nithe seo a leanas le feidhmíocht agus dul chun cinn in 2022 a léiriú:<br>• aiseolas agus gníomhartha a thiocfaidh as an bhféinmheasúnú<br>• Cinnteoidh **Rannóg Scoileanna** an BOO go gcuirfear na beartais náisiúnta éagsúla i bhfeidhm le linn 2022 tríd an bpróiseas Féinmheastóireachta Scoile (FMS), atá nasctha leis an gcreat cáilíochta Ag Breathnú ar ár Scoileanna (CCBS). Léireofar meas do gach pobal | Féinmheasúnú agus plean gníomhaíochta ar bhearta feabhais curtha i gcrích. |

| | | | |
|---|---|---|---|
| | | scoile ó thús deireadh an phróisis, leis.<br>• Torthaí sna Scrúduithe Stáit<br>• Líon na mball foirne a bhainfidh tairbhe as FGL | |
| • | In 2022, seolfaidh Rannóg an BOaO Creat Straitéiseach nua 2022-2025 ina leagfar amach an treo a mbeidh an soláthar ar fad agus seirbhísí tacaíochta a bhaineann le BOaO ag imeacht.<br>Mar pháirt de seo, déanfar forbairt ar mháistirphlean/maitrís lárnach athbhreithnithe agus monatóireachta BOaO ar a mbeidh príomhtháscairí a chuirfidh in iúl rath/dul chun cinn, éifeachtacht agus an cineál sin méadrachta don bhailiú sonraí.<br><br>In 2022, cuirfidh Rannóg an BOaO córais bhreisithe ar bun chun aiseolas a fháil ó fhoghlaimeoirí ar bhealach seasta ar fud na glár BOaO ar fad atá ar fáil.<br><br>Lena chois sin, déanfaidh an Rannóg BOaO Comhaontú Feidhmíochta Straitéisí nua a dhréachtú le SOLAS. Tiocfar ar chomhaontú i gcás réimsí tábhachtacha feidhmíochta. Déanfar monatóireacht agus breithniú ar na réimsí sin ar leibhéal náisiúnta trí chórais PLSS/FARR. | Déanfar tagairt do na nithe seo a leanas le feidhmíocht agus dul chun cinn in 2022 a léiriú:<br>• Grúpa stiúrtha beartais monatóireachta agus athbhreithnithe BOaO a bhunú<br>• Tuarascálacha agus nuashonruithe chuig foghrúpa na Comhairle Cáilíochta agus chuig an gComhairle Cáilíochta maidir le torthaí agus moltaí. | Polasaí monatóireachta agus athbhreithnithe BOaO, bunaithe ar mháistirphlean de gach gníomhaíocht monatóireachta agus athbhreithnithe BOaO ina léirítear go soiléir na róil is tábhachtaí agus an pháirt atá ag gach páirtí leasmhar.<br><br>Iniúchadh ar na córais reatha chomhairliúcháin atá ann don fhoghlaimeoir BOaO<br>Grúpa Stiúrtha a bhunú le cur chuige seasmhach agus uirlisí faoi choinne seisiúin chomhairliúcháin le foghlaimeoirí a fhorbairt agus a chur i |

| | | | |
|---|---|---|---|
| | | | bhfeidhm ar bhonn trialach ar fud Rannóg an BOaO.<br><br>Córas nua chun aiseolas a fháil ó fhoghlaimeoirí a sheoladh ar gach Campas BOaO.<br><br>Comhaontú Feidhmíochta Straitéisí nua (2022-2024) le SOLAS |
| 3.9 Comhlíontacht de réir na reachtaíochta a chinntiú. | Leanfaidh Rannóg Airgeadais agus Acmhainní Daonna an BOO, faoi choimirce na Rannóige Tacaíochta agus Forbartha Eagraíochta, de chomhoibriú le Foireann Thionscadal Náisiúnta na bPinsean mar fhreagairt ar cheanglais bheartais náisiúnta in 2022.<br>In 2022, cuirfidh an Príomhfheidhmeannach agus an Stiúrthóir ar Thacaíocht agus Forbairt Eagraíochta tús leis an ullmhúchán do phleanáil, comhairliúchán agus taisceadh a Ráitis Straitéise do 2022-2026 i gcomhréir leis an Acht um Boird Oideachais agus Oiliúna, 2013. | Déanfar faireachán agus léiriú ar fheidhmíocht agus dul chun cinn in 2022 trí thagairt do na nithe seo a leanas:<br>• An BOO chun coinneáil i teagmháil in 2022 le Foireann Thionscadal Náisiúnta na bPinsean. | Cloí go hiomlán leis na ceanglais reachtúla agus rialála go léir ar fud na heagraíochta. |
| • | In 2022, cuirfidh an Príomhfheidhmeannach agus an Stiúrthóir ar Thacaíocht agus Forbairt Eagraíochta tús leis an ullmhúchán do phleanáil, comhairliúchán agus taisceadh a Ráitis Straitéise do 2022-2026 i gcomhréir leis an Acht um Boird Oideachais agus Oiliúna, 2013. | Déanfar faireachán agus léiriú ar fheidhmíocht agus dul chun cinn in 2022 trí thagairt do na nithe seo a leanas:<br>• Forbairt an Ráitis Straitéise<br>• Foireann um Fhorbairt Straitéise Inmheánaigh a cheapadh. | Ráiteas Straitéise a fhorbairt a dhéanann gach spriocdháta reachtúil agus rialála um thuairisciú a chomhlíonadh, agus atá i gcomhréir leis na spriocdhátaí sin. |

| | | | |
|---|---|---|---|
| | | • Comhairliúchán le heintitis ábhartha den Bhord.<br>• Glacadh le treoracha beartais an Aire agus leis na hacmhainní airgeadais ar dócha iad a bheith ar fáil le héifeacht a thabhairt don bheartas. | |
| 3.10 Freagracht shóisialta chorparáideach agus éiteas inbhuanaithe comhshaoil a chur chun cinn lena gcinnteofar go léirítear iad sin san eagraíocht trí chéile. | In 2022, cinnteoidh **Rannóg Scoileanna** an BOO go dtacófar le scoileanna páirt a ghlacadh sa chlár bainistíochta agus oideachais comhshaoil atá ag An Taisce,is é sin Tionscnamh na Scoileanna Glasa.<br><br>Déanfaidh **Rannóg Caipitil agus Soláthair** BOOLC a dícheall mar chomhlacht earnála poiblí úsáid fuinnimh a laghdú 50% agus $CO_2$ a laghdú 50% faoi 2030 chun na spriocanna aeráide a chomhlíonadh. Le linn 2022, beidh BOOLC páirteach i dtionscnaimh ábhartha chun an infheistíocht leanúnach i mbearta laghdaithe fuinnimh a chur chun cinn. I measc na dtionscnamh sin tá an Clár Ceannródaíoch Náisiúnta agus Cláir de chuid Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann.<br><br>Leanfaidh BOOLC ar aghaidh ag obair as lámha a chéile le hAonad Tógála na Roinne Oideachais in 2022 chun an infheistíocht i Scoileanna BOO agus in Ionaid BOaO a uasmhéadú d'fhonn a chinntiú go mbeidh na saoráidí go léir ag teacht leis an reachtaíocht agus leis na rialacháin ábhartha ar fad, agus mbeidh na caighdeáin is airde ó thaobh éifeachtúlacht fuinnimh de ag baint leo. | Déanfar faireachán agus léiriú ar fheidhmíocht agus dul chun cinn in 2022 trí thagairt do na nithe seo a leanas:<br>• Líon na scoileanna de chuid an BOO atá páirteach i dTionscnamh na Scoileanna Glasa in 2022.<br>• Tuairisceáin mhonatóireachta agus athbhreithnithe chuig Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann a chur i gcrích in 2022 chun úsáid fuinnimh BOOLC in 2021 a thuairisciú.<br>• Monatóireacht agus athbhreithniú a dhéanamh ar an bhfeidhmíocht fuinnimh ar fud BOOLC.<br>• Páirt ghníomhach a ghlacadh i ndeiseanna infheistíochta iomchuí chun sainaithint a | Leanúint de na scoileanna uile a spreagadh chun bheith páirteach i dTionscnamh na Scoileanna Glasa.<br>Tuairisceáin mhonatóireachta agus athbhreithnithe chuig Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann a chur i gcrích.<br>Monatóireacht a dhéanamh ar fheidhmíocht fuinnimh ar fud BOOLC ag féachaint chun éifeachtúlacht fuinnimh a fheabhsú chun gach leas agus is féidir a bhaint as an bhfuinneamh.<br>Feasacht agus tuiscint ar éifeachtúlacht fuinnimh a mhéadú i |

| | | | |
|---|---|---|---|
| | | dhéanamh ar bhealaí chun an fheidhmíocht fuinnimh a fheabhsú le linn 2022.<br>• Fianaise go bhfuil tuiscint agus eolas níos fearr faighte ar na príomhcheisteanna trí infheistíocht leanúnach a dhéanamh i bhforbairt foirne le linn 2022. | measc bhaill foirne BOOLC. |
| | 1. **Líonra Oiliúna agus Oideachais Fuinnimh In-athnuaite an Iarthair Láir:** Tá Bord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir ina bhall de Líonra Oiliúna agus Oideachais Fuinnimh In-athnuaite an Iarthair Láir, arna threorú ag Plean Forbartha Contae Luimnigh.<br>Tá soláthraithe oideachais éagsúla mar chuid den ghrúpa seo ar leibhéil éagsúla den CNC (OT na Sionainne, OL, BOO Luimnigh agus an Chláir, Coláiste Mara). Beifear ag obair le páirtithe leasmhara an Fhuinnimh In-athnuaite chun an phíblíne tallainne reatha agus feasta san earnáil seo a thuiscint agus chun pleanáil ina leith.<br>**2. Ionad Bairr Feabhais Champas na Nuálaíochta Glaise -**<br>**Áis um Iarfheistiú agus FNF – Campa Bhaile an Róistigh**<br>San Ionad Bairr Feabhais um Iarfheistiú agus FNF, cuirfear cúrsaí oiliúna ar fáil ar an iarfheistiú agus foirgníocht inbhuanaithe do dhaoine atá dífhostaithe go fadtéarmach i nDeisceart Chathair Luimnigh (Paraiméadair 4.6 agus 4.7). Déanfaimid teagmháil le gníomhaireachtaí pobail ar an gCnoc Theas chun daoine atá dífhostaithe go fadtéarmach a aimsiú a | Déanfar faireachán agus léiriú ar fheidhmíocht agus dul chun cinn in 2022 trí thagairt do na nithe seo a leanas:<br>• Tá Plean Gníomhaíochta Inbhuanaitheachta BOO Luimnigh agus an Chláir á fhorbairt faoi láthair atá ag teacht leis an Straitéis Náisiúnta ar Oideachas don Fhorbairt Inbhuanaithe in Éirinn, 2014-2020, le Plean Gníomhaíochta Aeráide 2021 agus le Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe EOECNA.<br>• Ceannaireacht a thabhairt ar an tionscnamh píolótach don Champas Glas.<br>• Na cúrsaí a chuirfear ar fáil in 2022 a leathnú. | Mar chuid de thionscnaimh nuálacha éagsúla a chuirfear ar fáil in BOaO, déanfar forbairt scileanna glasa a dhaingniú mar chuid de chúrsaí BOaO.<br><br>(ar lean). |

| | | | |
|---|---|---|---|
| | mbeadh dúil acu oiliúint a fháil le scileanna nua a fhoghlaim. Déanfaimid teagmháil fosta le fostóirí áitiúla chun tacaíocht a chur ar fáil le go n-éireoidh le daoine agus iad ag aistriú chun fostaíochta.<br>**3. In 2022, cuirfidh Rannóg an BOaO tionscnaimh éagsúla i bhfeidhm:**<br>- SMART agus Straitéis Dhigiteach Luimnigh<br>Tá BOO Luimnigh agus an Chláir ghníomhaireacht comhpháirtithe in SMART Limerick agus i Straitéis Dhigiteach Luimnigh. Ionadaí ón mBord atá mar chathaoirleach ar an gcuid den straitéis a bhaineann leis an Ionchuimsiú Digiteach. Mar chuid de SMART Limerick, tá an chathair páirteach i dtionscadal Eorpach agus an aidhm againn a bheith ar an gcéad Chathair SMART in Éirinn atá Dearfach ó thaobh Fuinnimh de.<br>- Tá BOO Luimnigh agus an Chláir ag obair le Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh agus le Innovate Limerick chun cúrsaí fóirsteanacha a fhorbairt ar an mBainistíocht Fuinnimh. Tá siad ag obair chomh maith ar iarfheistiú foirgneamh, foirgnimh atá suite sa chrios oibre píolótach atá ainmnithe, is é sin Ceathrú Sheoirseach Dhigiteach Luimnigh agus codanna d'eastáit Tithíochta Poiblí.<br>Soláthar cúrsaí<br>- Tuilleadh forbartha a dhéanamh ar an oiliúint F-Ghás atá ar fáil, ós rud é gur sinne an t-aon soláthraí BOaO in Éirinn a chuireann cláir F-ghás ar fáil atá deimhnithe ag QQI.<br>- Rinneadh cúrsa 6 seachtaine ar an bhfuinneamh inbhuanaithe a fhorbairt agus a sholáthar tríd an Oideachas Pobail agus é mar aidhm aige cur leis an gcumas agus feasacht áitiúil faoin gclár oibre | (ar lean). | (ar lean). |

| | | | |
|---|---|---|---|
| | glas agus faoi thionscnaimh áitiúla bainteach leis an bhfuinneamh inbhuanaithe.<br>- I gcomhar le Comhpháirtíocht Forbartha Fiontraíochta Luimnigh, thug Bord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir oiliúint ar Oifig Túslíne agus Tacaíocht Theicniúil do dhaoine ó Earnáil na Seirbhísí Comhshaoil. Cúrsa lánaimseartha creidiúnaithe ar leith 14 seachtaine a bhí anseo. Bhí ionchur agus tacaíocht ón earnáil tionsclaíochta phríobháideach mar chuid de a chuir leis an oiliúint.<br>- Cúrsaí Garraíodóireachta ar mhaithe leis an mBithéagsúlacht<br>- Cúrsaí sa Ghairneoireacht Orgánach<br>- Bunchúrsa Beachaireachta<br>- Bunchúrsa sa Bhitheolaíocht Mhuirí agus sáile áitiúil.<br>- Staidéar Comhshaoil ar Leibhéal 5 den QQI.<br>- Inbhuanaitheacht san ionad oibre, QQI Leibhéal 5 agus Leibhéal 4, trí Scileanna chun dul chun cinn a dhéanamh.<br>- Déanfaidh BOO Luimnigh agus an Chláir forbairt ar chláir in 2022 ina gcuirfear oiliúint ar fáil ar fheithiclí leictreacha/hibrideacha a sheirbhísiú agus a chothabháil, á spreagadh ag spriocanna an Rialtais le go mbeifear in ann glacadh le carranna agus veaineanna atá saor ó astaíochtaí.<br>**4. An Geilleagar Glas – Próisis Soláthair**<br>Déanfaidh BOO Luimnigh agus an Chláir cláir a chur chun cinn agus a fhorbairt chun spreagadh a thabhairt le mbeidh gnéithe glasa mar chuid de phróisis soláthair. I dtús báire, is éard a bheidh i gceist ná fuinneamh, bia agus seirbhísí lónadóireachta, táirgí agus seirbhísí glantacháin, trealamh TF d'oifigí agus páipéar. | | |

| | | | |
|---|---|---|---|
| | | | |

**Sprioc 4 den Chomhaontú Soláthair Feidhmíochta (CSF): Comhpháirtíocht**
Naisc le ->
**Sprioc 4 de Ráiteas Straitéise Bhord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir, 2022 – 2026: Comhpháirtíocht**
Comhoibriú san eagraíocht trí chéile a fhorbairt agus oibriú i gcomhpháirt le gach roinn agus gníomhaireacht rialtais, comhpháirtithe oideachais, chomh maith le páirtithe leasmhara tionscail agus pobail, chun réitigh nuálacha a sholáthar a fhreagróidh do riachtanais athraitheacha shóisialta, eacnamaíocha agus chomhshaoil an réigiúin.

Is éard atá i gceist leis sin ná freagairt d'oibleagáidí reachtúla, agus comhpháirtíochtaí ábhartha a thógáil chun conairí éifeachtacha a chruthú agus chun ról an oideachais agus na hoiliúna a chur chun cinn ar mhaithe le hiomaíochas geilleagrach agus ionchuimsiú sóisialta ár réigiúin a fhorbairt.

| **Tosaíocht** | **Beart** | **Táscaire Feidhmíochta** | **Sprioc** |
|---|---|---|---|
| 4.1 Cultúr comhoibrithe a shaibhriú san eagraíocht trí chéile. | Chun comhoibriú idir rannóga a éascú ionas go spreagfar úsáid a bhaint as acmhainní, saoráidí agus seirbhísí inmheánacha chun cur leis an taithí a bhíonn ag baill foirne, mic léinn/daltaí agus foghlaimeoirí. | Déanfar faireachán agus léiriú ar fheidhmíocht agus dul chun cinn in 2022 trí thagairt do na nithe seo a leanas:<br>• Níos mó feasachta agus tuilleadh úsáide as acmhainní, saoráidí agus seirbhísí inmheánacha ag baill foirne, mic léinn/daltaí agus foghlaimeoirí. | Fianaise ar níos mó daoine ag baint úsáid as acmhainní, saoráidí agus seirbhísí inmheánacha ag baill foirne, mic léinn/daltaí agus foghlaimeoirí. |
| 4.2 Cultúr comhoibrithe, nuálaíochta agus comhpháirtíochta a chur chun cinn chun deiseanna a fheabhsú dár bpáirtithe leasmhara uile sa réigiún. | Beidh Ógtheagmháil ag obair i gcomhar le comhpháirtithe eile i réimse fóram sa réigiún agus taobh amuigh de leis na nithe seo a bhaint amach:<br>• Cur leis an bhforbairt beartais i gcás obair óige agus réimsí gaolmhara.<br>• Béim a leagan ar an tábhacht a bhaineann leis an obair óige, agus ar infheictheacht na hoibre sin, mar idirghabháil do gach duine óg.<br>• Cumarsáid éifeachtach a chinntiú idir na heagraíochtaí go léir atá ag obair le daoine óga sa réigiún. | Déanfar faireachán agus léiriú ar fheidhmíocht agus dul chun cinn in 2022 trí thagairt do na nithe seo a leanas:<br>Páirt a ghlacadh i struchtúir BOOÉ – Líonra Oifigeach Óige agus comhairliúcháin ad hoc arna socrú ag an RLCMLÓ.<br>• Páirt a ghlacadh ar choistí, boird, grúpaí comhairleacha, e.g., an | Monatóireacht a dhéanamh ar pháirtíocht ar choistí óige, líonraí tacaíochta agus boird ar leibhéal náisiúnta agus leibhéal áitiúil. Tionscadail á gcur chun cinn thar chéim a ndeartha agus gach tionscadal caipitil atá le críochnú in 2022 a |

| | | | |
|---|---|---|---|
| | Leanfaidh Rannóg Caipitil agus Soláthair BOOLC de thionscadail a bhainistiú agus a chur ar fáil do scoileanna nach bhfuil faoi scáth an BOO ó thús deireadh 2022 chun a chinntiú go mbainfear an úsáid is costéifeachtaí agus is éifeachtúla as cistiú poiblí.<br><br>In 2022, oibreoidh BOOLC leis na scoileanna seo a leanas nach bhfuil faoi scáth an BOO d'fhonn a chinntiú go gcuirfear tionscadail chun cinn trí straitéisí éifeachtacha bainistíochta tionscadail a chur i bhfeidhm:<br>• Gaelscoil Sheoirse Clancy.<br>• Gaelscoil Mhíchíl Cíosóg.<br>• Scoil Mhóin an Lín, Móin an Lín.<br>• Gaelscoil Donncha Rua.<br>• Scoil Bhríde Naofa.<br>• Scoil Náisiúnta Mhuire, Luimneach.<br>• Coláiste na Sailéiseach, Pailís Chaonraí. | Tascfhórsa ar Dhrugaí, Comhairle na nÓg agus líonraí tacaíochta eile.<br>• Taifead ar thacaíochtaí bainistíochta tionscadail curtha i bhfeidhm ag BOOLC maidir leis na scoileanna liostaithe nach bhfuil faoi scáth an BOO. | chríochnú agus a aistriú in am nó go luath. |
| | Tá seirbhís tacaíochta Rannpháirtíochta Fiontraíochta FET mar bhall d'Fhóraim Scileanna Réigiúnacha an Lár-Iarthair a fhágann gur féidir teacht ar Chnuasghrúpaí Scileanna, i.e. Luimneach ar mhaithe leis an Innealtóireacht, Luimneach ar mhaithe leis an TFC, Luimneach ar mhaithe leis an Déantúsaíocht,Luimneach ar mhaithe leis an Scannánaíocht agus Luimneach ar mhaithe leis an bhFáilteachas. Dá thoradh sin, is féidir cláir a chur ar fáil a bhaineann go sonrach le riachtanais oiliúna na n-earnálacha sin.<br>Anuas air sin, bíonn an tSeirbhís ag plé le Plean Feidhmithe Fhóraim Scileanna Réigiúnacha an Lár-Iarthair, le Plean Forbartha Luimnigh 2022-2028 agus leis an bPlean Réigiúnach Fiontraíochta. Fágann sé sin gur féidir roghanna BOaO, Scileanna le dul chun cinn a dhéanamh, cuir i gcás, a chur chun tosaigh mar deis mhaoinithe don oiliúint i gcomhréir le Springboard agus Skillsnet. Ós rud é go ndéantar teagmháil le páirtithe leasmhara amhail Grúpa Bhealach Eabhra agus Acmhainní Luimnigh Thiar, Comhpháirtíocht PAUL, Fiontair OFÁ, tá Scileanna chun dul chun cinn a dhéanamh in ann díriú ar FBManna agus cúrsaí a | Déanfar faireachán agus léiriú ar fheidhmíocht agus dul chun cinn in 2022 trí thagairt do na nithe seo a leanas:<br><br>- Líon na dtionscnamh arna bhforbairt i gcomhar leis an earnáil tionsclaíochta<br>- Soláthar Scileanna chun dul chun cinn a dhéanamh agus an líon tairbhithe | Rinneadh tionscnaimh nuálacha a fhorbairt sna príomhréimsí de ETIM, Innealtóireacht, Miondíol agus Fáilteachas |

| | | | |
|---|---|---|---|
| | fhorbairt chun freastal ar na riachtanais uasghrádaithe scileanna a bhíonn acu.<br>Déantar naisc áitiúla a fhorbairt mar thoradh ar bheith ag obair go dlúth lenár gcomhordaitheoirí Oideachais agus Oiliúna i Luimneach agus sa Chlár ar fud an réigiúin, a fhágann gur féidir linn naisc a chruthú go háitiúil le gnólachtaí áitiúla. | | |
| 4.3 Comhpháirtíochtaí áitiúla, réigiúnacha, náisiúnta agus idirnáisiúnta a fhorbairt tuilleadh chun dea-chleachtas a roinnt agus chun ár bpróifíl a fheabhsú mar cheann de na príomhsholáthraithe oideachais agus oiliúna ardchaighdeáin. | In 2022, tabharfaidh Rannóg an BOaO faoi thionscadail **soghluaisteachta foghlama Erasmus+** faoi Phríomhghníomh 1 an chláir chun tacaíocht a thabhairt d'eagraíochtaí deiseanna gairmiúla agus deiseanna forbartha pearsanta a sholáthar do mhúinteoirí, oiliúnóirí agus do bhaill foirne oideachais eile. Tabharfaidh an creidiúnú faill dúinn leas a bhaint as cistiú cobhsaí thar thréimhse 5 bliana go 6 bliana. Fágann sé gur féidir linn iarratais níos simplí a ullmhú gach bliain don taisteal idirnáisiúnta.<br>Cuspóirí – nasctha lenár Straitéis BOaO 2021-2025 agus QAIR:<br>- Idirnáisiúnú a mhéadú agus cur leis an acmhainneacht thart ar Erasmus+<br>- Deiseanna forbartha foirne don Teagasc agus Foghlaim<br>- Curaclaim nua a fhorbairt<br>- An acmhainneacht dhigiteach a fhorbairt agus ionchuimsiú digiteach a chinntiú<br>- Líonraí nua a thógáil – malartú faisnéise – deiseanna ann comhpháirtithe tionscadail a bheith againn, etc.<br><br>In 2022, leanfaidh an Rannóg BOaO ar aghaidh leis an **dea-chleachtas a scaipeadh ar leibhéal áitiúil, náisiúnta agus idirnáisiúnta** i gcomhdhálacha, san oiliúint agus i bpáipéir a chuirfear ar fáil do sholáthraithe foghlama. | Déanfar faireachán agus léiriú ar fheidhmíocht agus dul chun cinn in 2022 trí thagairt do na nithe seo a leanas:<br>• Líon agus réimse na mball foirne páirteach i dtionscadail soghluaisteachta<br>• Líon na mball foirne atá páirteach as an nua ar thionscadail Erasmus<br>• Fianaise ar an bhfoghlaim agus an dea-chleachtas a bheith scaipthe agus curtha ar fáil do ghrúpaí eile<br>• Fianaise ar thionscadail phíolótacha agus tionscnaimh nua, e.g., RPL, micridhintiúir<br>• Fianaise ar líonraí agus comhpháirtíochtaí nua<br>• Fianaise go bhfuiltear ag glacadh le modhanna ón Dearadh Uilíoch don Fhoghlaim ar fud an tsoláthair oideachais do dhaoine fásta | Gearrthéarma (1 bhliain go 3 bliana). Ar an leibhéal aonair, táimid ag súil go mbeidh fás ar an bhfeasacht ar thionscadail E+, go nglacfar níos mó le háiteanna agus go mbeidh baill foirne páirteach as an nua ar Thionscadail Erasmus. Fadtéarma (3 bliana go 5 bliana). Is mian linn rannpháirtithe soghluaisteachta a fheiceáil páirteach i scéimeanna píolótacha agus i dtionscnaimh nua a bhaineann leis an gcuspóir. |

| | | | |
|---|---|---|---|
| | | • Deimhniú ARF arna thairiscint do ghrúpa níos mó d'fhoghlaimeoirí ar daoine fásta iad. | |
| 4.4 Tionscnaimh a fhorbairt go leanúnach mar fhreagairt ar riachtanais bheartais náisiúnta na Roinne Oideachais agus Scileanna, agus na Roinne Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta. | Le linn 2022, rachaidh **Rannóg BOaO** an BOO i gcomhar le SOLAS maidir leis an gcomhaontú feidhmíochta straitéisí trí bliana a chur chun feidhme. Tá breac-chuntas ar na gníomhartha ar leith atá le déanamh in 2022 sa Teimpléad Iarratais ar Leithdháiltí Maoinithe, 2022, a cuireadh faoi bhráid SOLAS. | Déanfar faireachán agus léiriú ar fheidhmíocht agus dul chun cinn in 2022 trí thagairt do na nithe seo a leanas:<br>Córais agus Struchtúir Tuairiscithe CTFC agus ITLM i gcomhréir le Comhaontú Feidhmíochta Straitéisí SOLAS/Bhord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir. | Comhaontú feidhmíochta straitéiseach nua 2022-2025 le síniú le SOLAS |
| 4.5 An nascacht a neartú go leanúnach le lucht na fiontraíochta chun deiseanna a uasmhéadú dár mic léinn agus dár bhfoghlaimeoirí agus chun rannchuidiú le forbairt éiceachóras scileanna le haghaidh réigiún an Iarthair Láir. | Tá seirbhís tacaíochta Rannpháirtíochta Fiontraíochta FET mar bhall d'Fhóraim Scileanna Réigiúnacha an Lár-Iarthair a fhágann gur féidir teacht ar Chnuasghrúpaí Scileanna, i.e. Luimneach ar mhaithe leis an Innealtóireacht, Luimneach ar mhaithe leis an TFC, Luimneach ar mhaithe leis an Déantúsaíocht,Luimneach ar mhaithe leis an Scannánaíocht agus Luimneach ar mhaithe leis an bhFáilteachas. Dá thoradh sin, is féidir cláir a chur ar fáil a bhaineann go sonrach le riachtanais oiliúna na n-earnálacha sin. Anuas air sin, bíonn an tSeirbhís ag plé le Plean Feidhmithe Fhóraim Scileanna Réigiúnacha an Lár-Iarthair, le Plean Forbartha Luimnigh 2022-2028 agus leis an bPlean Réigiúnach Fiontraíochta. Fágann sé sin gur féidir roghanna BOaO, Scileanna le dul chun cinn a dhéanamh, cuir i gcás, a chur chun tosaigh mar deis mhaoinithe don oiliúint i gcomhréir le Springboard agus Skillsnet.<br><br>Is é réigiún Luimnigh agus an Chláir ceann de na timpeallachtaí is mó atá chun tosaigh ó thaobh poist a chruthú de. Le dhá bhliain anuas, bhain réigiún an Iarthair Láir tairbhe as 17 bhfógra infheistíochta dírí | Déanfar faireachán agus léiriú ar fheidhmíocht agus dul chun cinn in 2022 trí thagairt do na nithe seo a leanas:<br>Tá an tSeirbhís Tacaíochta um Rannpháirtíocht Fiontar ag obair le SOLAS chun cláir inbhuanaitheachta agus cláir fáilteachais a fhorbairt go straitéiseach. Fágann an cur chuige náisiúnta seo gur féidir cláir atá dearbhaithe ó thaobh dearbhú cáilíochta de a bhogadh ar aghaidh ar leibhéal náisiúnta a bheidh Scileanna chun dul chun cinn a dhéanamh in ann a chur ar fáil go réigiúnach. | Rinneadh tionscnaimh nuálacha a fhorbairt sna príomhréimsí de ETIM, Innealtóireacht, Miondíol agus Fáilteachas |

| | | | |
|---|---|---|---|
| | eachtraí (FDI), líon níos mó ná an chuid eile den tír. Is í an earnáil seirbhísí an earnáil is mó fostaíochta i Luimneach agus an Clár, agus ina dhiaidh, tá na tionscail tráchtála, trádála agus déantúsaíochta. Tá an Fóram Réigiúnach Scileanna tar éis na láidreachtaí reatha agus na deiseanna chun fáis san am atá le teacht a shainaithint sa gheilleagar réigiúnach sna réimsí seo: bith-theicneolaíocht, teicneolaíocht na míochaine, TFC, aeraspás, turasóireacht, gnó talmhaíochta agus lóistíocht. Lena chois sin, tá an fóram tar éis braislí scileanna a shainaithint i réimsí éagsúla: Fáilteachas, Innealtóireacht, Scannánaíocht agus Teicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide. Leis na braislí scileanna sin, atá treoraithe ag fostóirí, aithnítear na riachtanais reatha agus todhchaí maidir le scileanna, le tacaíocht ó sholáthraithe oideachais agus oiliúna.<br>Mar chuid de Scileanna le dul chun cinn a dhéanamh, leanfaidh Rannóg an BOaO ar aghaidh agus úsáid á baint as cláir chreidiúnaithe QQI agus as cláir City and Guilds le cúrsaí nua a fhorbairt chun freastal ar riachtanais tionsclaíochta. | | |
| 4.6 Leanúint de naisc a chothú agus a neartú le gníomhaireachtaí agus le comhlachtaí eile, lena n-áirítear líonrú le BOOnna eile agus le hinstitiúidí tríú leibhéal, agus muid ag soláthar seirbhísí poiblí sa réigiún trí chéile d'fhonn foghlaim agus aistrithe a chur chun cinn agus tacú leo. | Beidh rannóg an BOaO ag leanúint ar aghaidh ag obair le príomhpháirtithe oideachais chun conairí aistrithe d'fhoghlaimeoirí a chur chun cinn agus a fhorbairt.<br>Mar chuid den obair sin, beifear ag obair le scoileanna chun an BOaO a chur chun cinn mar bhealach luachmhar do dhaltaí meánscoile. Leagfar béim ar leith ar phrintíseachtaí a chur chun cinn mar chonair luachmhar dul chun cinn ó chúrsaí iar-ardteistiméireachta, ón idirbhliain agus ón ardoideachas. Bainfear leas as blaschúrsaí agus déanfar plé le treoirchomhairleoirí leis sin a dhéanamh. | Déanfar faireachán agus léiriú ar fheidhmíocht agus dul chun cinn in 2022 trí thagairt do na nithe seo a leanas:<br>• Meascán de phlé idir an tSeirbhís Tacaíochta Faisnéise, Earcaíochta agus Treorach agus príomhpháirtithe leasmhara.<br>• Meabhráin tuisceana le hinstitiúidí ardoideachais. | Blaschúrsaí nuálacha arna bhforbairt do dhaltaí scoile<br><br>Meascán breisithe de thionscnaimh a bhaineann le cumarsáid agus eolas ar chonairí gairme. |

Tá san áireamh sa mhéid thuas na spriocanna agus na tosaíochtaí a comhaontaíodh go náisiúnta, chomh maith leis na tosaíochtaí straitéiseacha ar leith do Bhord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir. Cuirfear tús leis an obair ar na tosaíochtaí sin nó bainfear amach iad le linn 2022 lena chinntiú go gcuirfear an Ráiteas Straitéise chun cinn ar an iomlán.

## 5. Forléargas ar Sheirbhísí, 2022

